In the circumstances, I found that ESB was not justified in its purported transfer of the appellant's request. Members of the public have discretion to direct an AIE request to a public authority of their own choosing, and the obligation to reply to an AIE request falls on the public authority selected by the applicant. A public authority may not transfer a request to a different public authority, except as provided in articles 7(5) and (6).


In my decision, I acknowledged the complexity of the regulatory and contractual arrangements between the bodies which make up the ESB Group; however, I nevertheless consider that each public authority within the group must individually comply with the provisions of the AIE Regulations.

Appendices



Appendix I

Statutory Certificates issued by Ministers in 2016

 An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

13 January 2017

Ms Jacqui McCrum
Director General
Office of the Information Commissioner
18 Lower Leeson Street
Dublin 2

Ombudsman and
Information Commissioner
09 FEB 2017
Received

Notification under Section 34 of the Freedom of Information Act 2014


Dear Ms McCrum

I refer to your recent letter on the above.

On 23rd November 2016 the Minister for Foreign Affairs and Trade issued three certificates in accordance with Section 34 of the Freedom of Information Act 2014 by reference to which the records are exempted under Section 32 and Section 33. The certificates related to three requests for the same set of records.

Please find enclosed copies of the certificates issued in 2016.

Yours sincerely



Fiona Flood
Director
Security, Coordination and Compliance


Appendix I

AN ROINN DLÍ agus CIRT agus
COMHIONANNAIS
51 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2
Teileafón/Telephone: (01) 602 8202
Ríomphoist/e-mail: foi@justice.ie



DEPARTMENT OF JUSTICE and
EQUALITY
51 St. Stephen's Green
Dublin 2
Eircode : D02 HK52
Facsúimhín/Fax: (01) 661 5461

Ms Jacqui McCrum
Director General
Office of the Information Commissioner
18 Lower Leeson Street
Dublin 2



17 January 2017

Dear Ms. McCrum,

I wish to refer to your letter of 9 January 2017 regarding Ministerial Certificates. The Department of Justice and Equality have 9 Ministerial Certificates.

4 certificates were renewed in 2016 and 2 new certificates was issued. For the sake of completeness, copies of all are attached.

Yours sincerely,

Noel Waters
Secretary General

Appendix II

Review under section 34(7) of Ministerial Certificates issued



Roinn an Taoisigh
Department of the Taoiseach

9th December 2016

Mr. Peter Tyndall,
Information Commissioner,
Office of the Information Commissioner,
18 Lower Leeson Street,
Dublin D02 HE97

<p>ACKNOWLEDGED 14 DEC 2016 Office of the Ombudsman</p>

**Re: Review of Certificates issued under Section 34 of the
Freedom of Information Act, 2014**

Dear Commissioner,

I would like to confirm that, pursuant to the above Act, the Taoiseach, the Minister for Public Expenditure and Reform and the Minister for Jobs, Enterprise and Innovation carried out a review of the operations of the Act, for the period ended 1st August 2016 on 6th December 2016.

Thirteen Certificates were reviewed, seven of which were issued by the Minister for Justice and Equality and six by the Minister for Foreign Affairs and Trade.

The Taoiseach, the Minister for Public Expenditure and Reform and the Minister for Jobs, Enterprise and Innovation are satisfied that it is not necessary to request revocation of any of the thirteen certificates which were the subject of this review - copies of the forms signed by the reviewers to that effect are enclosed.

Yours sincerely,

Marc McManus
Department of the Taoiseach

Enc:

c.c. D/J&E, D/FA&T, D/JE&I, D/PER

Tithe an Rialtais, Baile Átha Cliath 2.
Government Buildings, Dublin 2.



Tuarascáil Bhliantúil
2016



Oifig an Choimisinéara Faisnéise
Office of the Information Commissioner

**An Coimisinéir Faisnéise
Tuarascáil Bhliantúil 2016**

2017 © Rialtas na hÉireann

Oifig an Choimisinéara Fáisnéise
18 Sráid Líosain Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2
D02 HE97

Teil: (01) 639 5689
Riomhphost: info@oic.ie
Suíomh Gréasáin: www.oic.ie

Sraithuimhir Caighdeánach Idirnáisiúnta: 1649-0479



Oifig an Choimisinéara Faisnéise
Office of the Information Commissioner

Tuarascáil Bhliantúil 2016

Clár Ábhar

Brollach

Cuid I - An Coimisinéir Faisnéise

Achoimre feidhmíochta

Caibidil 1: An bhliain faoi athbhreithniú 09

An ceart atá agat chun faisnéis a fháil	09
Réamhrá	10
Forbairtí san Oifig sa bhliain 2016	14
An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014	16
Fógraí reachtúla a eisíodh chuig comhlachtaí poiblí	16
Príomhstaitisticí Saorála Faisnéise don bhliain	20
Cásualach Oifig an Choimisinéara Faisnéise (OCF)	26
Deimhnithe Reachtúla arna n-eisiúint ag Airí	37
Buíochas	38

Caibidil 2: Saincheisteanna a tháinig chun cinn 41

Comhlachtaí Sceideal 1	41
Réiteach díospóide faoi alt 6(7)	43
An chéad úsáid a baineadh as alt 22(9)(a)(vii)	44
An chéad uair a rinneadh breithniú ar chumhachtaí faoi alt 45(8) a fheidhmiú	44
Breitheanna á gceistiú ag comhlachtaí ar fhorais nós imeachta	45
Achomhairc chuig na Cúirteanna	46
Faisnéis earnála poiblí a athúsáid	49

Caibidil 3: Breitheanna 53

Breitheanna foirmiúla	53
Breitheanna a bhfuil feidhm ag alt 38 maidir leo a neamhnú	54
Breitheanna lena mbaineann leas	55
Óglaigh na hÉireann	55
An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte	56
An Garda Síochána	57
Ospidéal an Rotunda	57
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	59
An Phríomh-Oifig Staidrimh	59

An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	60
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	61
Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh	61
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	62
An Roinn Airgeadais	62
TUSLA: an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach	63
An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní	64
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	65
Comhairle Contae na Gaillimhe	66
Caibidil 4: Staitisticí	69
Roinn I - Comhlachtaí Poiblí - 2016	71
Roinn II - Oifig an Choimisinéara Faisnéise - 2016	79
Cuid II - An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil	
Réamhrá	85
Achomhairc agus ceisteanna sa bhliain 2016	86
Iarrataí a measadh a bheith diúltaithe sa bhliain 2016	87
Cumhachtaí faoi airteagal 12(6) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil	87
Imeachtaí Cúirte sa bhliain 2016	87
Saincheisteanna a tháinig chun cinn sa bhliain 2016	88
Breitheanna suntasacha sa bhliain 2016	91
Aguisíní	99
Aguisín I	
Deimhnithe Reachtúla arna n-eisiúint ag Airí sa bhliain 2016	99
Aguisín II	
Athbhreithniú faoi alt 34(7) ar na Deimhnithe arna n-eisiúint ag Airí	101



Brollach

Leis seo, cuirim an ceathrú Tuarascáil Bhliantúil uaim mar Choimisinéir Faisnéise faoi bhráid na Dála agus an tSeanaid de bhun alt 47(2) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

Is í seo an naoú Tuarascáil Bhliantúil déag ón gCoimisinéir Faisnéise ó bunaíodh an Oifig i 1998.

A handwritten signature in black ink, appearing to read 'Peter Tyndall'. The signature is stylized and cursive.

Peter Tyndall
An Coimisinéir Faisnéise
Bealtaine 2017

Achoimre Feidhmíochta

Ár bh-Feidhmíocht



433

Chuireamar 433 athbhreithníú i gcrích sa bhliain 2016

Féach leathanach 29



34%

Bhí líon na gcásanna a cuireadh i gcrích 34% níos airde ná sa bhliain 2015

Féach leathanach 29



60%

Chuireamar 60% dár n-athbhreithnithe i gcrích laistigh de cheithre mhí

Féach leathanach 30



99%

Chuireamar 99% dár n-athbhreithnithe i gcrích laistigh de dhá mhí dhéag



95%

Ag deireadh na bliana 2016, bhí 95% de na hathbhreithnithe idir lámha níos lú ná sé mhí d'aois

An tÉileamh ar ár seirbhísí



440

Ghlacamar le 440 iarratas ar athbhreithníú sa bhliain 2016

Féach leathanach 28



32%

Bhí méadú 32% ann ar líon na n-athbhreithnithe ar ghlacamar leo sa bhliain 2016

Féach leathanach 30

Úsáid saorála faisnéise



30,417

Fuair comhlachtaí poiblí 30,417 n-iarraidh saorála faisnéise sa bhliain 2016

Féach leathanach 21



73%

Deonaíodh 73% de na hiarrataí go hiomlán nó go páirteach

Comhlíonadh i measc Comhlachtaí Poiblí



22%

Rinne iriseoirí 22% de na hiarrataí saorála faisnéise ar fad a rinneadh

Féach leathanach 25



39%

B'ionann iarrataí ar thaifid neamhphearsanta agus 39% de na hiarrataí go léir a fuarthas

Féach leathanach 24



17

D'eisíomar 17 bhfógra reachtúla chuig comhlachtaí poiblí chun comhlíonadh a éileamh

Féach leathanach 16



24%

Measadh 24% d'athbhreithnithe a bheith diúltaithe ag comhlachtaí poiblí ag an dá chéim den chóras iarrataí saorála faisnéise

Féach leathanach 32




40%

Measadh 40% d'athbhreithnithe Oifig an Choimisinéara Faisnéise a bheith diúltaithe ag an gcéad chéim nó ag an dara céim den chóras iarrataí saorála faisnéise

Féach leathanach 34

Caibidil 1:

An Bhliain Faoi Athbhreithniú



Caibidil 1: An bhliain faoi athbhreithniú

An ceart atá agat chun faisnéis a fháil

Saoráil Faisnéise

Foráiltear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, do cheart ginearálta chun rochtain a fháil ar thaifid atá i seilbh comhlachtaí poiblí. Foráiltear leis freisin gur cheart taifid a eisiúint ach amháin sa chás go meastar iad a bheith díolmhaithe. Leis an Acht, tugtar an ceart do dhaoine chun a iarraidh go ndéanfaí faisnéis phearsanta a bhaineann leo agus atá i seilbh comhlachtaí poiblí a cheartú nó a nuashonrú agus tugtar an ceart do dhaoine chun cúiseanna a fháil le breitheanna atá tugtha ag comhlachtaí poiblí i gcásanna ina dtéann na breitheanna sin i bhfeidhm go sainráite orthu.

Is é an príomhról atá ag Oifig an Choimisinéara Faisnéise athbhreithnithe neamhspleácha a dhéanamh ar bhreitheanna atá tugtha ag comhlachtaí poiblí ar iarrataí saorála faisnéise i gcásanna ina bhfuil baill den phobal míshásta leis an bhfreagra ar na hiarrataí sin. Mar Choimisinéir Faisnéise, tá ról breise agam maidir le tráchttaireachtaí a athbhreithniú agus a fhoilsiú ar fheidhmiú praiticiúil an Achta.

Tá feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise maidir le gach comhlacht poiblí a thagann faoin sainmhíniú ar chomhlacht poiblí atá leagtha amach in alt 6(1) den Acht (ach amháin sa chás go bhfuil siad díolmhaithe nó páirtdíolmhaithe go sonrach faoi fhorálacha alt 42 nó faoi Sceideal 1 leis an Acht). Áirítear leo sin comhlachtaí amhail Ranna agus Oifigí Rialtais, údaráis áitiúla, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), ospidéal dheonacha, agus ollscoileanna. De réir mar a chuirtear comhlachtaí poiblí nua ar bun, beidh siad faoi réir saoráil faisnéise go huathoibríoch ach amháin sa chás go bhfuil siad díolmhaithe go sonrach uathí le hordú ón Aire.

Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol), 2007 go 2014, tugtar bealach eile do dhaoine rochtain a fháil ar fhaisnéis comhshaoil. Baineann

an ceart rochtana faoi na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil le faisnéis comhshaoil atá á sealbhú ag údarás poiblí nó thar a cheann. Is é príomhról an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil ná athbhreithniú a dhéanamh ar bhreitheanna atá tugtha ag údarás poiblí ar iarrataí ar fhaisnéis comhshaoil. Tá an dá chóras rochtana neamhspleách ar a chéile de réir an dlí, díreach mar is amhlaidh i gcás na ról atá agam mar Choimisinéir Faisnéise agus mar Choimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil.

Faisnéis earnála poiblí a athúsáid

De bhreis ar na feidhmeanna atá leagtha amach thuas, foráiltear le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid) (Leasú), 2015 (I.R. Uimh. 525 de 2015), gurb é an Coimisinéir Faisnéise an Coimisinéir Achomhairc. Dá bhrí sin, is féidir leis an Oifig seo anois glacadh le hiarratais ar athbhreithniú ar bhreitheanna atá tugtha ag comhlachtaí poiblí i dtaca le hiarrataí a dhéantar faoi na Rialacháin ar fhaisnéis earnála poiblí a athúsáid, lena n-áirítear breitheanna ar tháillí agus coinníollacha a fhorchuirtear ar athúsáid na faisnéise sin.

Réamhrá

Ar na príomhghnéithe den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, bhí an deireadh a cuireadh leis an gceanglas chun táillí láithreacha a íoc as iarrataí saorála faisnéise a dhéanamh chuig comhlachtaí poiblí agus an laghdú suntasach ar an gcostas a bhaineann le hiarratas ar athbhreithniú a dhéanamh chuig an Oifig seo. Chuaigh na hathruithe sin i bhfeidhm ar leibhéal úsáide saorála faisnéise lom láithreach, beagnach. Tá na leibhéal sin ag ardú go seasta ó shin i leith.

Tá áthas orm a rá gur ghlac an Oifig seo sa bhliain 2016 leis an dúshlán suntasach a bhaineann le freastal ar na héilimh mhéadaithe ar a cuid seirbhísí, agus í ag leanúint le feabhas suntasach a chur ar an tréimhse ama a bhítear ag tógáil chun cásanna a chur i gcrích ag an am céanna.

I gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2015, thuairiscigh an Oifig seo méadú 32% don bhliain ar líon na n-athbhreithnithe ar glacadh leo. Is tábhachtach gur éirigh léi méadú 34% a bhaint amach ar líon na n-athbhreithnithe a cuireadh i gcrích freisin. Go pointe éigin, is féidir ár rátaí maithe cur i gcrích a chur síos do na próisis leasaithe oibre a thugamar isteach i mí Iúil 2014. Sa bhliain 2013, a bhí ar an mbliain iomlán deiridh sular athraíomar ár gcuid próiseas, chuir an Oifig seo 258 n-athbhreithniú i gcrích. I gcomparáid leis an mbliain 2013, b'ionann an ráta cur i gcrích don bhliain 2016 agus méadú 67% ar líon na n-athbhreithnithe a cuireadh i gcrích. Cuireadh 433 athbhreithniú i gcrích sa bhliain.

Ina theannta sin, chomhlíon an Oifig seo an sprioc a shocraigh sí ina bplean gnó don bhliain 2016, ba é sin, 60% d'athbhreithnithe a chur i gcrích laistigh de cheithre mhí. Tá ag méadú go seasta ón mbliain 2013 i leith ar an gcéatadán d'athbhreithnithe atáthar ag cur i gcrích laistigh de cheithre mhí. Sa bhliain sin, níor cuireadh ach 26% d'athbhreithnithe i gcrích laistigh den tréimhse ama sin. Is fiú a lua freisin gur laistigh de dhá mhí dhéag a rinneadh 99% de na hathbhreithnithe go léir a cuireadh i gcrích sa bhliain 2016 a chur i gcrích.

Chuireamar **60%** dár n-athbhreithnithe i gcrích laistigh de cheithre mhí

Mar Choimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil, tá áthas orm a thuairisciú go raibh feabhas suntasach ann ar rátaí cur i gcrích cáis. Baineadh é sin amach go príomha mar gur earcaigh an Oifig seo baill foirne bhreise go sonrach chun achomhairc a fuarthas faoi na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol a phróiseáil. Chuir an Oifig seo 30 cás i gcrích sa bhliain. B'ionann é sin agus méadú 50% i gcomparáid leis an mbliain 2015. Faoi mar atá an scéal le saoráil faisnéise, áfach, lean an t-éileamh ar sheirbhísí Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil ar aghaidh ag méadú. Tiocfaidh dúshláin ar leith chun cinn sa bhliain 2017 maidir le freastal ar an éileamh méadaithe. Táim ag iarraidh, agus an méid seo á scríobh, na hacmhainní foirne atá ar fáil chun an obair sin a dhéanamh a mhéadú.

D'éirigh leis an Oifig seo dul chun cinn iontach a dhéanamh sa bhliain 2016 ar cheann amháin dá príomhchuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Is é atá i gceist leis sin ár gcreataí bainistíochta agus riaracháin a fhorbairt agus a fheabhsú d'fhonn tacú leis na cuspóirí atá againn feabhas a chur ar an mórsheirbhís phoiblí agus seirbhís shármhaith atá dírithe ar chustaiméirí a sholáthar.

Cuireadh tús le hobair ar ár gcórais TF a athsholáthar agus a fheabhsú. Tá suíomhanna Gréasáin nua á bhforbairt le haghaidh Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil araon. Beidh saoráid fheabhsaithe ar líne ar fáil sna suíomhanna Gréasáin nua le haghaidh athbhreithnithe agus achomhairc a chur isteach. Sa bhliain 2016, sheol an Oifig seo seirbhís inlín nua arb é an aidhm atá léi cumarsáidí inmheánacha níos éifeachtúla a sholáthar. I dtreo dheireadh na bliana 2016, cuireadh tús le hobair freisin ar chórais bhainistíochta doiciméad nua agus ar chórais bhainistíochta cásanna nua a fhorbairt. Pléifidh mé na forbairtí sin go mion níos déanaí sa Tuarascáil seo.

Mar gheall gur cuireadh deireadh leis an gceanglas chun táillí láithreacha a íoc as iarrataí saorála faisnéise a dhéanamh chuig comhlachtaí poiblí agus mar gheall ar an méadú comhfhreagrach ar leibhéal úsáide, bliain an-dúshlánach do chomhlachtaí poiblí freisin ba ea an bhliain 2016. Is amhlaidh, ar an drochuair, nach bhfuil méadú comhfhreagrach ar na hacmhainní atá á leithdháileadh ag comhlachtaí poiblí ar iarrataí saorála faisnéise a phróiseáil ag teacht leis an éileamh méadaithe ar sheirbhísí.

I mí na Samhna 2016, luaigh mé le linn aithisc a thug mé ag Comhdháil Dhomhanda Institiúid Idirnáisiúnta na nOmbudsman gur bunathraíodh an saol poiblí chun feabhais le saoráil faisnéise agus go bhfuil an-chuid dá gealltanais comhlíonta aici. Thug mé rabhadh nach mór dúinn bogás a sheachaint, áfach. Luaigh mé go bhfuil an t-airgeadas poiblí faoi bhrú fós agus chuir mé in iúl go bhfuilim buartha go bhfuil ag teip ar roinnt mhaith comhlacht poiblí a chinntiú go ndéileáiltear le riar na saorála faisnéise, mar fheidhm reachtúil, ar an mbealach céanna a dhéileáiltear le feidhmeanna reachtúla eile.

Is oth liom a chur in iúl gur thug an Oifig seo samplaí leanúnacha agus, i roinnt cásanna, samplaí méadaitheacha á léiriú go bhfuil ag teip ar roinnt comhlachtaí poiblí ceanglais reachtúla an Achta um Shaoráil Faisnéise a chomhlíonadh. Mar shampla, labhraím níos déanaí sa Tuarascáil seo faoi na huaireanta nár thug comhlachtaí poiblí freagra ar iarrataí saorála faisnéise laistigh de thréimhsí reachtúla agus faoin bhfíric gur thug an Oifig seo faoi deara gurbh ann don líon ab airde cásanna riamh inar measadh an iarraidh a bheith diúltaithe ag an gcomhlacht poiblí gan breith thráthúil a thabhairt. Tuairiscím freisin ar roinnt cásanna ina raibh ar an Oifig seo fógraí reachtúla a eisiúint chun comhlíonadh an Achta a chinntiú.

Sa tuarascáil uaim don bhliain 2015, labhair mé faoi leathnú an Achta um Shaoráil Faisnéise chuig roinnt comhlachtaí poiblí nach raibh ar áireamh ann roimhe. Luaigh mé go raibh mé ag súil leis an gcéad iarratas ar athbhreithniú a fháil sa bhliain 2016, ar iarratas é lenar bhain an Garda Síochána. Níor shíl mé riamh, áfach, go mbeadh orm smaoineamh ar fheidhm a bhaint as mo chumhacht reachtúil nua chun iarratas a dhéanamh chuig an gcúirt ar ordú lena gceanglófaí comhlíonadh mo bhreithe i gcás lenar bhain an Garda Síochána. Tá áthas orm nach raibh sé riachtanach sa deireadh déanamh amhlaidh. Tuairiscím ar an gcás sin go mion i gCaibidil 2.

Mar Choimisinéir Achomhairc, fuair mé an chéad achomharc faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid) (Leasú), 2015, sa bhliain 2016. Cé nach bhfuil aon cheanglas reachtúil orm tuairisciú ar mo ghníomhaíochtaí mar Choimisinéir Achomhairc, leag mé achoimre ghairid ar an ábhar amach i gCaibidil 2.

Mar atá soiléir óna bhfuil ráite agam thuas, táim an-sásta leis na torthaí suntasacha a bhain an Oifig seo amach sa bhliain 2016. Ba mhaith liom béim a leagan ar obair na mball foirne ar fad d'Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus d'Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil agus aitheantas a thabhairt don obair sin. Tugann na bail foirne faoina gcuid

oibre le leibhéal ard gairmiúlachta, tiomantais agus diongbháilteachta chun a chinntiú go ndéantar na seirbhísí a chuirtear ar fáil dár ngeallsealbhóirí go léir a fheabhsú go leanúnach agus go soláthraítear iad ar an gcaighdeán is airde. Táim an-bhuíoch dá gcuid iarrachtaí ina leith. Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt do shárobair na mball foirne atá gafa le seirbhísí tábhachtacha tacaíochta a chur ar fáil don Oifig seo.

Peter Tyndall
An Coimisinéir Faisnéise
An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil

Forbairtí san Oifig sa bhliain 2016

Plean Straitéiseach 2016-2018

D'fhoilsigh an Oifig seo an Plean Straitéiseach trí bliana uaithi i mí an Mhárta 2016. Leagtar amach sa phlean na príomhchuspóirí atá againn don chéad trí bliana eile. Is é an aidhm atá leis forbairt a dhéanamh ar an iomad éachtaí a bhaineamar amach cheana féin le linn na tréimhse straitéisí roimhe.

Sainithnítear sa phlean na croíluachanna atá taobh thiar den dóigh a soláthraímid ár seirbhísí agus a bhuntacaíonn le gach a ndéanaimid. Tugtar sonraí sa phlean faoi roinnt tionscnamh nuálach a bhaineann lenár bpróisis, agus é mar aidhm leo an fhís atá againn “seirbhís phoiblí atá cóir, oscailte, cuntasach agus éifeachtach” a sholáthar a bhaint amach.

Tá pleananna bliantúla gnó mionsonraithe ag gabháil le gach bliain den phlean. Don bhliain 2016, díriodh sa phlean gnó ar an méid seo a leanas go háirithe: leathnú agus feabhsú a dhéanamh ar an tionchar atá ag an Oifig seo ar an mórsheirbhís phoiblí, an leibhéal seirbhísí a sholáthraímid a fheabhsú go leanúnach, agus a chinntiú go gcumasóidh ár gcórais agus ár bpróisis dúinn na cuspóirí sin a bhaint amach. Tá roinnt sonraí leagtha amach agam thíos faoin dóigh a bhfuil an Oifig seo ag comhlíonadh na gcuspóirí sin. Is féidir cóip den phlean a fháil ar ár suíomh Gréasáin ag www.oic.ie.

Ábhar Treorach

Chuir an Oifig seo tús sa bhliain 2015 le sraith nótaí treorach a fhoilsiú maidir leis an Acht um Shaoráil Faisnéise. Leanadh le dul chun cinn a dhéanamh ar fhoilsiú na nótaí treorach ar fud na bliana 2016. Bhí nótaí treorach foilsithe againn maidir le ceithre ábhar déag ar leith faoi dheireadh na bliana.

Déantar cur síos sna nótaí treorach ar léiriú forálacha éagsúla den Acht um Shaoráil Faisnéise. Tugtar míniú iontu faoin gcur chuige a ghlacann an Oifig seo i leith chur i bhfeidhm na bhforálacha agus tugtar samplaí de roinnt de na breitheanna uaim agus ó mo réamhtheachtaithe. Áirítear leo tagairtí do bhreithiúnais ábhartha chúirte.

De bhreis ar na nótaí treorach maidir le díolúintí éagsúla san Acht um Shaoráil Faisnéise, foilsíodh nótaí freisin maidir leis na forálacha den Acht lena dtugtar an ceart do dhaoine chun a iarraidh go leasófaí faisnéis phearsanta (alt 9) mar aon leis an gceart chun a iarraidh go dtabharfaí cúiseanna dóibh le breitheanna atá tugtha ag comhlachtaí saorála faisnéise (alt 10).

Cé nach dtugtar ach treoir ghinearálta amháin i nótaí den chineál sin, ba cheart go mbainfeadh comhlachtaí saorála faisnéise agus úsáideoirí saorála faisnéise leas astu. Tá sé beartaithe againn leanúint lenár gcuid iarrachtaí treoir a fhorbairt agus a fhoilsiú maidir le gach gné ábhartha den Acht.

Sa bhliain 2016, thugamar cuireadh d'ionadaithe ó gach Roinn Rialtais freastal ar sheisiún faisnéise chun aird a tharraingt ar na sochair a d'fhéadfadh a gcinnteoirí agus na daoine sin a bhfuil cúram orthu aighneachtaí a ullmhú don Oifig seo a bhaint as na nótaí. Chomh maith leis sin, thapaíomar an deis ag an seisiún le haiseolas a iarraidh faoi eispéiris na gcomhlachtaí sna nótaí a úsáid. B'údar mór imní é a chloisteáil gur glacadh go maith leis na nótaí agus go bhfuiltear á n-úsáid mar acmhainn luachmhar do chinnteoirí.

Le linn na bliana 2016, d'fhoilsigh an Oifig seo sraith ceisteanna samplacha do chomhlachtaí saorála faisnéise. D'fhéadfadh go mbeadh na ceisteanna ábhartha le linn dom athbhreithniú a dhéanamh ar bhreith faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ullmhaíodh an doiciméad go príomha lena úsáid ag baill foirne na hOifige seo chun a chinneadh cén sórt mionsonraí ba cheart dóibh a iarraidh ó chomhlachtaí poiblí nuair a iarrann siad aighneachtaí maidir le cásanna. Chinneamar, áfach, go bhfoilseoimis an tsraith iomlán ceisteanna samplacha mar go bhféadfadh na comhlachtaí poiblí leas a bhaint as na ceisteanna sin freisin agus iad ag tabhairt freagra ar iarrataí ón Oifig seo agus ag tabhairt a mbreitheanna féin.

Dul chun cinn ar chórais TFC

Baineann ríthábhacht le córais agus bonneagar TFC atá cothrom le dáta ionas go mbeimid in ann comhlíonadh a dhéanamh ar ár gcuspóirí i dtaca le seirbhís shármhaith atá dírithe ar chustaiméirí a sholáthar agus le feabhas a chur ar an mórshéirbhís phoiblí. Le linn dúinn ár bplean fairsing athnuachana agus feabhsúcháin TFC a chur chun feidhme, rinneadh dul chun cinn suntasach ar bhonneagar seanchaite TFC a athsholáthar agus ar chórais nua a fháil chun déileáil le hiarratais ar athbhreithniú agus lenár gcaidreamh le custaiméirí agus le geallsealbhóirí.

Le soláthar rathúil an bhonneagair fairsing nua TFC sa bhliain 2016, táimid in ann anois dul chun cinn a dhéanamh ar ár bpleananna le haghaidh ár bpríomhchórais TFC a nuashonrú go hiomlán. Rud amháin ar díriodh go mór air sa bhliain 2016 ba ea córas bainistíochta caidrimh chustaiméirí agus córas bainistíochta doiciméad nua a fháil. Déileálfar le doiciméid nach mbaineann le cásanna leis an gcóras bainistíochta doiciméad nua. Táthar ag súil go seolfar é go luath sa bhliain 2017. Tabharfar soláthar ár gcórais bhainistíochta caidrimh chustaiméirí chun críche ag deireadh na bliana 2016. Seolfar an córas i samhradh na bliana 2017. Rinneadh méid suntasach oibre chun a chinntiú go mbainimid an-leas as na teicneolaíochtaí nua sin chun seirbhís níos fearr do chustaiméirí agus bainistíocht eolais níos fearr a sholáthar. Leis an dá chóras nua sin, beifear in ann seirbhísí a dhigitiú nuair is cuí agus gnáth-thascanna a uathobriú, rud lena dtacófar le seirbhís níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a sholáthar.

Cuireadh tús sa bhliain 2016 le hobair ar shuíomh Gréasáin nua d'Oifig an Choimisinéara Faisnéise. Mar thoradh ar an obair sin, soláthrófar seirbhísí feabhsaithe ar líne do bhaill den phobal agus do gheallsealbhóirí eile sa bhliain 2017. Baintear úsáid leathan as an tsaoráid chuardaigh bhreitheanna reatha ar ár suíomh Gréasáin agus aithníodh í a bheith ina

hacmhainn thábhachtach d'iarrthóirí saorála faisnéise agus do chinnteoirí saorála faisnéise araon. Eochairghné den suíomh Gréasáin nua a bheidh i saoráid fheabhsaithe chuardaigh. Anuas air sin, beidh tairseach ar líne ar áireamh sa suíomh Gréasáin lena dtabharfar saoráid thapa éifeachtúil le haghaidh iarratais ar athbhreithniú a chur isteach agus a bhainistiú ar líne. Tabharfar aghaidh leis freisin ar an ngá atá ann, dar lenár gcustaiméirí, le saoráid thapa shábháilte le haghaidh sonraí agus doiciméid a sheoladh chugainn. Leanfaimid ar aghaidh ag dul i dteagmháil lenár ngeallsealbhóirí chun a chinntiú go bhfreastalófar ar a gcuid riachtanas lenár saoráidí ar líne agus chun córas a sholáthar lena bhféadfar idirghníomhaíocht idir gach geallsealbhóir sa phróiseas saorála faisnéise a chuíchóiriú.

An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014

Leis an Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, leagtar dualgas dearfach ar chomhlachtaí poiblí aird chuí a thabhairt ar shaincheistean a bhaineann le cearta an duine agus le comhionannas. Tá an Oifig seo tiomanta do sheirbhís a chur ar fáil dár gcliaint go léir lena dtugtar aird ar a gcearta daonna agus ar an gceart atá acu chun caitheamh cothrom. Baineann sé sin le hábhar freisin maidir leis an dóigh a mbímid i mbun caidreamh lenár bhfoireann féin mar go bhfuil sé bunriachtanach le haghaidh dea-thimpeallacht oibre a chothú ina gcuirtear rannpháirtíocht, oscailteacht agus dínit chun cinn san áit oibre. Léirítear ár gcur chuige go soiléir lenár mbunluachanna eagraíochta um neamhspleáchas, díriú ar chustaiméirí agus cothroime, nithe atá le feiceáil i gcultúr na hOifige seo, inár mbeartais inmheánacha agus inár gcleachtais inmheánacha. Tá obair réamhghníomhach déanta againn maidir le hoiliúint a chur ar ár mbaill foirne. Leis an oiliúint sin, spreagtar iad dearcadh chearta an duine a chur san áireamh agus cásanna á mbreithniú acu.

Fógraí reachtúla a eisíodh chuig comhlachtaí poiblí

Fógraí a eisíodh faoi alt 23 den Acht um Shaoráil Faisnéise

D'eisíomar **17** bhfógra reachtúla chuig comhlachtaí poiblí chun comhlíonadh a éileamh

I gcás ina measaim nach leor na cúiseanna atá tugtha ag comhlacht poiblí chun tacú le breith diúltú gilleadh d'iarraidh saorála faisnéise, tugtar de chumhacht dom le halt 23 ordú

a thabhairt do cheann an chomhlachta ráiteas níos cuimsithí a eisiúint ar na cúiseanna a bhí aige leis an mbreith. De réir alt 13, ní mór na nithe seo a leanas a chur ar áireamh i mbreith diúltú géilleadh d'iarraidh:

- na cúiseanna atá leis an diúltú,
- aon fhorálacha den Acht um Shaoráil Faisnéise ar diúltaíodh don iarraidh dá mbun,
- na fionnachtana maidir le haon saincheisteanna ábhartha a bhaineann leis an mbreith, agus
- sonraí faoi aon ábhar a bhaineann le leas an phobail a cuireadh san áireamh chun críocha na breithe.

I gcás ina measann an Oifig seo nach leor na sonraí i mbreith bhunaidh agus/nó i mbreith athbhreithnithe inmheánaigh, féadfaimid scríobh chuig ceann an chomhlachta lena mbaineann, á éileamh go ndéanfaí ráiteas níos iomláine faoi na cúiseanna leis an mbreith a eisiúint chuig an iarratasóir agus chuig an Oifig seo araon.


Sa bhliain 2016, d'eisíomar fógraí faoi alt 23 chuig cinn na gcomhlachtaí poiblí seo a leanas:

- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)
- Comhairle Contae Chorcaí
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Comhairle Contae Fhine Gall
- Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
- Comhairle Contae Mhaigh Eo
- An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
- RTÉ

I ngach cás, mheasamar nár chomhlíon na breitheanna bunaidh agus/ná na breitheanna athbhreithnithe inmheánaigh ceanglais an Achta um Shaoráil Faisnéise. D'iarramar ar an gcomhlacht poiblí ráiteas níos mionsonraithe a chur ar fáil laistigh de thrí seachtaine dá bharr. Eisíodh na ráitis iarrtha laistigh den tréimhse riachtanach.

Fógraí a eisíodh faoi alt 45 den Acht um Shaoráil Faisnéise

Faoi alt 45, féadfaidh mé ceangal a chur ar chomhlacht poiblí aon fhaisnéis atá ina sheilbh nó faoina rialú agus a mheasaim a bheith iomchuí chun críocha athbhreithniú a chur ar fáil dom. Le linn na bliana, d'eisigh an Oifig seo ocht bhfógra faoi alt 45. Eisíodh trí cinn chuig FSS, dhá cheann chuig TUSLA - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, agus ceann amháin chuig Ospidéal Adelaide agus na Mí, Comhairle Contae Loch Garman agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá tuilleadh sonraí curtha ar fáil agam thíos faoi gach ceann de na cásanna sin.



FSS (i)

An 30 Bealtaine 2016, d'iarr an Oifig seo ar FSS faisnéis áirithe a chur ar fáil maidir lena héileamh ar dhíolúine ó thaifid áirithe a chur ar fáil agus leis na cuardaigh a rinne sí chun gach taifead ábhartha a aimsiú. Ní rabhthas in ann leanúint leis an athbhreithniú in éagmais na faisnéise a bhíodhas ag iarraidh. Bhí an freagra ó FSS le cur isteach faoin 6 Meitheamh 2016. Cé gur seoladh roinnt meabhúrúchán chuici ina dhiaidh sin, theip ar FSS an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil. An 16 Meán Fómhair, d'eisigh an Oifig seo fógra faoi alt 45 chuig Ard-Stiúrthóir FSS. Fuarthas freagra an 26 Meán Fómhair 2016. Tá sé doiligh a thuiscint cén fáth a raibh sé chomh doiligh sin do FSS faisnéis a chur ar fáil nuair a bhí sí in ann an fhaisnéis chéanna a chur ar fáil measartha tapa tar éis fógra faoi alt 45 a fháil.

FSS (ii)

Scríobh an Oifig seo chuig FSS an 7 Samhain 2016. D'iarramar uirthi míniú a thabhairt don iarratasóir faoina seasamh i leith a hiarrata ar a taifid leighis mar gur theip uirthi breith athbhreithnithe inmheánaigh a eisiúint ar a hiarraidh. Ós rud é nach bhfuarthas aon fhreagra, d'eisíomar fógra faoi alt 45 chuig an Ard-Stiúrthóir an 29 Samhain 2016, á éileamh go gcuirfí an fhaisnéis ar fáil laistigh de sheacht lá. Chuaigh an spriocdháta sin thart freisin gan freagra a fháil, áfach, agus bhíomar ar tí iarraidh ar an Ard-Stiúrthóir go foirmiúil bualadh liom sula bhfuairamar freagra sa deireadh an 20 Nollaig 2016.

FSS (iii)

An 19 Bealtaine 2016, d'eisigh an Oifig seo fógra faoi alt 45 chuig an Ard-Stiúrthóir. Míníodh san fhógra go raibh iarraidh ar na taifid a bhí ina n-ábhar don athbhreithniú gan réiteach ó bhí an 28 Aibreán ann agus nach mbeimis in ann leanúint leis an athbhreithniú go dtí go mbeadh na taifid faighte againn. Cuireadh na taifid sin ar aghaidh chun na hOifige seo ar deireadh thiar an 21 Meitheamh 2016.

TUSLA - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (i)

Iarradh ar TUSLA an 14 Aibreán 2016 cóipeanna a chur ar fáil de na taifid ábhair le haghaidh athbhreithnithe. Cé gur tugadh meabhrúchán don Ghníomhaireacht ar an teileafón ina dhiaidh sin, níor cuireadh na taifid ar aghaidh chun na hOifige seo. An 4 Bealtaine 2016, d'eisíomar fógra faoi alt 45 chuig an bPríomhfheidhmeannach ar TUSLA. Seachadadh na taifid i gceist beagnach trí seachtaine ina dhiaidh sin.

TUSLA - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (ii)

Scríobh an Oifig seo chuig TUSLA an 13 Meitheamh 2016 chun a iarraidh go gcuirfí cóipeanna de na taifid ábhair ábhartha ar fáil laistigh de dheich lá oibre. Fuarthas tacar neamhiomlán taifead an 27 Meitheamh. D'eisigh an Oifig seo fógra faoi alt 45 chuig an bPríomhfheidhmeannach an 15 Iúil. D'iarramar na taifid ábhartha ann an athuair. Cé gur sheachaid TUSLA tacar breise taifead an 29 Iúil, níorbh ionann na taifid sin agus na taifid a iarradh. Mar thoradh air sin, rinneamar beart neamhghnách an 8 Lúnasa nuair a d'eisíomar fógra eile faoi alt 45 chuig an bPríomhfheidhmeannach. Fuaireamar na taifid chearta an 11 Lúnasa, dhá mhí tar éis an iarraidh bhunaidh a dhéanamh.

Ar mhaithe leis an scéal iomlán a thabhairt, ba cheart dom a rá go raibh líon ollmhór taifead i gceist anseo. Dá mba rud é gurbh eol don Oifig seo an méid sin go luath sa phróiseas, d'fhéadfadh go rabhamar in ann socrú níos praiticiúla a chomhaontú le TUSLA i dtaca le cur isteach na dtaifead.

Ospidéal Adelaide agus na Mí ina gcorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí

An 29 Aibreán 2016, d'iarr an Oifig seo cóipeanna de na taifid ábhair ábhartha ó Aonad Saorála Faisnéise an Ospidéil. D'iarramar air na taifid a chur ar fáil faoin 16 Bealtaine 2016. Ní bhfuarthas freagra. An 1 Meitheamh 2016, d'eisigh an Oifig seo fógra faoi alt 45 chuig Príomhfheidhmeannach an Ospidéil. D'iarramar go foirmiúil ar an ospidéal na taifid a chur ar fáil laistigh de sheacht lá. Bhí tuilleadh comhfhreagrais ann idir an Oifig seo agus an tOspidéal. Bhain sé le mearbhall faoi na taifid a bhíodhas ag iarraidh. Fuaireamar na taifid an 23 Meitheamh 2016.

Comhairle Contae Loch Garman

An 25 Iúil 2016, d'iarr an Oifig seo soiléiriú ón gComhairle maidir leis an mbonn ar ar ríomh sí táillí measta cuardaigh agus aisghabhála agus cóipeála le haghaidh iarraidh a phróiseáil. Ní bhfuarthas aon fhreagra laistigh den tréimhse ama a sonraíodh ná tar éis meabhrúchán á rá nár cuireadh an fhaisnéis ar fáil fós, áfach. I mí na Samhna 2016, d'eisigh an Oifig seo fógra faoi alt 45 chuig Príomhfheidhmeannach na Comhairle. Tarraingíodh a aird san fhógra ar an bhfíric go ndeachaigh níos mó ná trí mhí thart ón uair a rinneadh an iarraidh bhunaidh ar shoiléiriú. Cuireadh an fhaisnéis a bhíodhas ag iarraidh isteach sa deireadh an 2 Nollaig 2016, níos mó ná ceithre mhí tar éis an iarraidh bhunaidh a dhéanamh.

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD)

An 9 Nollaig 2016, d'eisigh an Oifig seo fógra faoi alt 45 chuig Uachtarán an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, mar nach bhfuarthas freagra ar iarraidh a rinneadh an 24 Deireadh Fómhair 2016 ar shoiléiriú ar ábhair áirithe a bhain leis an athbhreithniú.


Príomhstaitisticí Saorála Faisnéise don bhliain

Tá roinnt eochairshonraí faoi úsáid saorála faisnéise sa bhliain 2016 tugtha agam thíos. Is féidir miondealú níos mine a fháil i gCaibidil 4.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair a rinne na príomhghníomhaireachtaí a bhailíonn staitisticí lena gcur ar áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Ar an drochuair, ní raibh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, mar phríomhghníomhaireacht le haghaidh na gColáistí Oideachais agus an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, in ann staitisticí a chur ar fáil thar ceann na gcomhlachtaí sin mar nach raibh sí eolach, más fíor, go bhfuil freagracht uirthi mar phríomhghníomhaireacht as an bhfaisnéis riachtanach a chomhthiomsú. Beidh an Oifig seo ag obair leis an Láraonad Beartais sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun a chinntiú go ndéanfar an fhaisnéis sin a chomhthiomsú agus a thuairisciú le haghaidh na bliana 2017.

Is díol suntais, áfach, gurbh íseal i mblianta roimhe seo a bhí líon na n-iarrataí saorála faisnéise a taifeadadh do na comhlachtaí i gceist (taifeadadh 53 iarraidh saorála faisnéise sa bhliain 2015).

Líon na n-iarrataí saorála faisnéise chuig comhlachtaí poiblí 2007-2016



Mar a léirítear sa ghraf thuas, tá méadú géar leanúnach ann ón mbliain 2014 i leith ar líon na n-iarrataí atáthar ag fáil. Fuair comhlachtaí poiblí 30,417 n-iarraidh san iomlán sa bhliain 2016. B'ionann é sin agus méadú 8% ar an líon a fuarthas sa bhliain 2015 agus méadú 50% ar an líon a fuarthas sa bhliain 2014.

Is léiriú soiléir é sin ar an dóigh a bhfuil díothú na dtáillí láithreacha sa bhliain 2014 ag dul i bhfeidhm ar leibhéal úsáide.

Fuair comhlachtaí poiblí **30,417**
n-iarraidh saorála faisnéise sa bhliain
2016


Mhéadaigh líon na n-iarrataí idir lámha sna comhlachtaí poiblí ó 5,337 n-iarraidh i dtús na bliana go 6,018 n-iarraidh ag deireadh na bliana. B'ionann é sin agus méadú 12%. Cé gur phróiseáil na comhlachtaí líon níos airde iarrataí sa bhliain 2016, ní raibh siad in ann fós freastal ar an éileamh méadaithe.

Mar a luaigh mé sa réamhrá, tugann sé sin le tuiscint nach bhfuil méadú comhfhreagrach ar na hacmhainní atá á leithdháileadh ag comhlachtaí poiblí ar iarrataí saorála faisnéise a phróiseáil ag teacht leis an éileamh méadaithe ar sheirbhísí. Is ábhar imní leanúnach é sin don Oifig seo. Molaim arís do na comhlachtaí a seacht ndícheall a dhéanamh chun a chinntiú gur leor na hacmhainní a leithdháiltear ar iarrataí saorála faisnéise a phróiseáil chun freastal ar an éileamh.

Na deich gcomhlacht a fuair an líon ba mhó iarrataí sa bhliain 2016


Áit	Comhlacht poiblí	2016
1	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	8,719
	FSS - An Deisceart	3,285
	FSS - An tIarthar	2,958
	FSS - Baile Átha Cliath agus an tOirthuaisceart	1,050
	FSS - Baile Átha Cliath - Laighin Láir	849
	Iarrataí Náisiúnta FSS - Corparáideach	577
2	An Roinn Coimirce Sóisialaí	2,089
3	Ospidéal Thamhlachta	834
4	TUSLA - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach	827
5	Seirbhís Phríosúin na hÉireann	778
6	Ospidéal San Séamas	585
7	An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	583
8	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	512
9	An Roinn Oideachais agus Scileanna	494
10	An Garda Síochána	459

Miondealú de réir earnála ar iarrataí saorála faisnéise a rinneadh chuig comhlachtaí poiblí



- Thuairiscigh formhór na Ranna Rialtais méadú beag ar líon na n-iarrataí saorála faisnéise a rinneadh sa bhliain 2016.
- Mhéadaigh iarrataí chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt faoi 24% sa bhliain 2016. Thaifead an Roinn méadú 225% ar líon na n-iarrataí a fuarthas ón mbliain 2014 i leith. Den 302 iarraidh a fuarthas sa bhliain 2016, fuarthas breis agus 60% ó iriseoirí. Chuir an Roinn an méadú mór ar iarrataí síos do roinnt ábhair ardiomrá a tháinig chun cinn sa bhliain, lena n-áirítear díol líomhnaithe na dticéad Éireannach le haghaidh na gCluichí Oilimpeacha sa Bhrasaíl, an bás tragóideach a d'fhulaing ealaíontóir comhraic measctha, agus díospóidí tionsclaíocha lena bhain an LUAS agus Bus Éireann.
- Mhéadaigh iarrataí chuig an nGarda Síochána ó 183 iarraidh sa bhliain 2015 go 459 n-iarraidh sa bhliain 2016. B'ionann é sin agus méadú 150%.
- Laghdaigh iarrataí chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi 38% i gcomparáid leis an mbliain 2015.
- Mhéadaigh iarrataí chuig Údaráis Áitiúla sa bhliain 2016 faoi 147% ón mbliain 2014 i leith.


An cineál iarrata a rinneadh chuig comhlachtaí poiblí



Mar a bhí amhlaidh sna blianta roimhe, lean líon na n-iarrataí a rinneadh ar thaifid neamhphearsanta ar aghaidh ag méadú sa bhliain 2016. Ba ar thaifid neamhphearsanta a rinneadh 22% de na hiarrataí a fuarthas sa bhliain 2014. Mhéadaigh an figiúr sin go 39% sa bhliain 2016, áfach. Is é is dóichí gur eascair sé sin as an deireadh a cuireadh go mall sa bhliain 2014 le táillí láithreacha a íoc as iarrataí a dhéanamh.

B'ionann iarrataí ar thaifid neamh-
phearsanta agus **39%** de na hiarrataí
go léir a fuarthas


An chatagóir iarrthóra chuig comhlachtaí poiblí



Tá na cóimheasa le haghaidh cineálacha iarrthóra cosúil leo sin ar tugadh tuairisc orthu sa bhliain 2015. Bhí méadú beag ann, ó 20% go 22%, ar úsáid ag iriseoirí.

Rinne iriseoirí **22%** de na hiarrataí saorála faisnéise ar fad a rinneadh

Rátaí eisiúna ag comhlachtaí poiblí



Bhí méadú beag ann sa bhliain 2016 ar an gcéatadán d'iarrataí ar diúltaíodh dóibh i gcomparáid leis an mbliain 2015. Mhéadaigh sé ó 10% go 13%. Is féidir tuilleadh faisnéise faoi rátaí eisiúna a fháil i dtábla 5 i gCaibidil 4.

An costas iomlán measta a bhain le hiarrataí saorála faisnéise sa bhliain 2016

I mí an Mhárta 2016, d'eisigh an Láraonad Beartais treoracha chuig comhlachtaí poiblí maidir le tuairisceáin staitistiúla saorála faisnéise a chomhlánú. Áiríodh leis na treoracha den chéad uair riamh sonraí faoin dóigh ar féidir an fíorchostas a bhaineann le hiarrataí saorála faisnéise a phróiseáil, bunaithe ar anailís ar chéatadán de na hiarrataí a fhaightear. Iarradh ar chomhlachtaí poiblí tuairisceáin a chur isteach.


Mar sin féin, tugtar le fios san fhaisnéis a cuireadh ar fáil don Oifig seo nár chuir roinnt mhaith comhlachtaí an fhaisnéis iarrtha ar fáil. Ina theannta sin, is ann do roinnt neamhréireachtaí sa dóigh a ndearna roinnt comhlachtaí a meastacháin a thuairisciú agus/nó a ríomh. Tá sé beartaithe ag foireann na hOifige seo iarraidh ar an Láraonad Beartais soiléiriú ar an ábhar a thabhairt le linn na bliana.

Cásualach Oifig an Choimisinéara Faisnéise (OCF)

Féadfaidh iarrthóir nach bhfuil sásta leis an mbreith a thug comhlacht poiblí ar iarraidh saorála faisnéise iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh chuig an Oifig seo. Is ceangailteach le dlí atá breitheanna a thugann an Oifig seo tar éis di athbhreithniú a dhéanamh agus ní fhéadfar achomharc a dhéanamh orthu chuig an Ard-Chúirt ach ar phoncanna dlí amháin.

Ghlacamar le **440** iarratas ar
athbhreithniú sa bhliain 2016

Iarratais chuig OCF 2014 - 2016




Bliain fhíordhúshlánach don Oifig seo ba ea an bhliain 2016. Thuairiscíomar méadú 28% sa bhliain ar líon na n-iarratas ar athbhreithniú a fuarthas sa bhliain 2015. Tá an méadú sin níos suntasaí fós nuair a chuirtear i gcomparáid é leis an líon a taifeadh don bhliain 2014. Is ionann na 577 n-iarratas a fuarthas sa bhliain 2016 agus méadú 62% ar líon na n-iarratas a fuarthas sa bhliain 2014.

Is lú i gcónaí líon na n-iarratas a nglactar leo gach bliain ná an líon iomlán a fhaightear. Is amhlaidh sin go príomha mar gheall ar an bhfíric go measann an Oifig seo iarratais áirithe a bheith neamhbhailí nó réamhaibí (i.e. rinneadh an t-iarratas ar athbhreithniú chuig an Oifig seo sular chuir an comhlacht poiblí atá i gceist an próiseas iomlán saorála faisnéise i gcrích).

Bhí méadú **32%** ann ar líon na n-athbhreithnithe ar ghlacamar leo sa bhliain 2016


Bhí méadú 32% ann sa bhliain 2016 ar líon na n-iarratas ar athbhreithniú ar ghlac an Oifig seo leo i gcomparáid leis an mbliain 2015. Sa bhliain 2016, glacadh le 76% de na hiarratais ar athbhreithniú a rinneadh chuig an Oifig seo. Ba é 71% an figiúr comhfhreagrach don bhliain 2014.

Ábhar na n-iarratas ar athbhreithniú ar ghlac OCF leo



Den 440 iarratas ar ghlac an Oifig seo leo sa bhliain 2016, bhain 92% le diúltú ag na comhlachtaí a bhí i gceist géilleadh (go hiomlán nó go páirteach) do rochtain ar chuid de na taifid a iarradh nó ar na taifid ar fad a iarradh.


An céatadán d'iarratais ar ghlac OCF leo de réir cineáil 2014 – 2016



Léirítear in iarratas atá tuairiscithe de réir 'cineáil' cé acu atá an t-iarratasóir ag iarraidh rochtain a fháil ar thaifid atá de chineál pearsanta, ar thaifid atá de chineál neamhphearsanta nó ar thaifid atá de chineál pearsanta agus neamhphearsanta. Is é an

figiúr céatadánach do rochtain ar thaifid neamhphearsanta a taifeadh sa bhliain 2016 an figiúr is airde ón mbliain 2010 i leith.

Toradh ar athbhreithnithe OCF sa bhliain 2016




Sa bhliain 2016, rinne an Oifig seo athbhreithniú ar 433 bhreith a thug comhlachtaí poiblí. Is ionann é sin agus méadú 34% ar an líon a athbhreithníodh sa bhliain 2015.

Iarratais a réitíodh agus iarratais a tarraingíodh siar

Is minic a tharraingítear iarratais siar nó a réitítear iad mar thoradh ar idirghabháil ón Oifig seo, mar shampla, i gcásanna ina dtugann an comhlacht poiblí míniú níos mionsonraithe ar an mbreith don iarratasóir, nó ina n-eisítear taifid bhreise nó ina ngéilltear do rochtain pháirteach orthu, agus nach dtéann an t-athbhreithniú ar aghaidh chuig breith fhoirmiúil.


Deonaíodh **73%** de na hiarrataí go hiomlán nó go páirteach

Aoisphróifíl na gcásanna a dhún OCF




Léirítear sa tábla thuas an tréimhse ama a bhí ag teastáil ón Oifig seo chun athbhreithnithe a chur i gcrích. Tá an-áthas orm bliain rathúil eile a thuirisciú inar taifeadh méadú breise ar líon na gcásanna a dúnadh laistigh de cheithre mhí. Ba laistigh den tréimhse sin a dúnadh 60% de na hathbhreithnithe go léir a dúnadh sa bhliain 2016. Tá an figiúr sin níos iontaí mar gheall ar an méadú 32% ar líon na n-iarratas ar glacadh leo sa bhliain.

Aoisphróifíl na gcásanna a bhí idir lámha in OCF ag deireadh na bliana 2016




Tá aoisphróifíl na gcásanna oscailte ag deireadh na bliana 2016 measartha cosúil leis an staid ag deireadh na bliana 2015. Bhí naoi gcás oscailte againn ag deireadh na bliana 2015 a bhí níos mó ná sé mhí d'aois. Laghdaigh an figiúr sin go seacht gcás ag deireadh na bliana 2016.

Miondealú de réir comhlacht poiblí ar iarratais ar athbheithniú ar ghlac OCF leo



Miondealú ar chásanna FSS ar ghlac OCF leo



Iarrataí a measadh a bheith diúltaithe

Leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, forchuirtear teorainneacha ama reachtúla ar chomhlachtaí poiblí maidir le hiarraidh saorála faisnéise a phróiseáil. Go sonrach, ba cheart breith ar iarraidh bhunaidh a eisiúint chuig an iarrthóir laistigh de cheithre seachtaine agus ba cheart breith ar iarraidh ar athbhreithniú inmheánach a eisiúint laistigh de thrí seachtaine.


I gcás nach n-eisítear aon bhreith, ag céim na hiarrata bunaidh (an chéad chéim) nó ag céim an athbhreithnithe inmheánaigh (an dara céim), nó ina n-eisítear breith lasmuigh den teorainn ama, beidh sé de cheart ag an iarrthóir a mheas gur dhiúltaigh an comhlacht poiblí géilleadh do rochtain – iarraidh a measadh a bheith diúltaithe. Tar éis iarraidh a measadh a bheith diúltaithe ag céim an athbhreithnithe inmheánaigh, tá iarrthóir i dteideal iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh chuig an Oifig seo.

Measadh **24%** d'athbhreithnithe a bheith diúltaithe ag comhlachtaí poiblí ag an dá chéim den chóras iarrataí saorála faisnéise

Léirítear sna cairteacha thíos líon na n-iarrataí a measadh a bheith diúltaithe ag na céimeanna ar leith den iarraidh agus líon na n-iarrataí a measadh a bheith diúltaithe ag an dá chéim den iarraidh sa bhliain. Go bunúsach, is í an bhliain seo an bhliain is measa dár thaifead an Oifig seo riamh ó thaobh líon na ndiúltaithe a measadh a bheith diúltaithe ag comhlachtaí poiblí. Is fianaise shoiléir bhreise í seo á léiriú nach bhfuil comhlachtaí poiblí ag cur acmhainní leordhóthanacha ar fáil le haghaidh iarrataí a phróiseáil.


Mar is féidir a fheiceáil ó na cairteacha, ba í TUSLA an comhlacht poiblí ba lú feidhmíocht ina leith sin sa bhliain 2016. Bhuail foireann na hOifige seo le hionadaithe ó TUSLA le linn na bliana chun ábhair imní a phlé. I ndiaidh an chruinnithe sin, scríobhamar chuig bainisteoir dearbhaithe cáilíochta TUSLA maidir leis an dóigh a ndéanann an Ghníomhaireacht iarrataí a bhainistiú agus a phróiseáil. Agus an méid seo a scríobh, ní bhfuarthas aon fhreagra substainteach ó TUSLA i dtaca leis na hábhair sin. Beidh foireann na hOifige seo ag dul i dteagmháil le TUSLA chun feabhsuithe inbhraite ar an dóigh a bpróiseálann sí iarrataí a iarraidh.

Iarrataí a measadh a bheith diúltaithe ag an dá chéim 2012 - 2016




Taifeadadh 105 cinn (24%) de na hiarratais ar ghlac an Oifig seo leo sa bhliain 2016 mar iarrataí a measadh a bheith diúltaithe ag an dá chéim den chóras iarrataí saorála faisnéise.

Iarrataí a measadh a bheith diúltaithe ag an dá chéim de réir comhlacht poiblí – 2016




Measadh **40%** d'athbhreithnithe Oifig an Choimisinéara Faisnéise a bheith diúltaithe ag an gcéad chéim nó ag an dara céim den chóras iarrataí saorála faisnéise

Comhlacht poiblí - iarrataí a measadh a bheith diúltaithe ag an gcéad chéim den chóras iarrataí saorála faisnéise




- Measadh 49 n-iarraidh bhreise a bheith diúltaithe ag 41 chomhlacht eile ag céim na breithe bunaidh. Bhí níos lú ná 3 dhiúltú ag gach ceann de na comhlachtaí sin.
- B'ionann agus 175 cinn líon iomlán na n-iarratas a measadh a bheith diúltaithe ag an gcomhlacht poiblí ag céim na breithe bunaidh den chóras iarrataí saorála faisnéise. Tá an figiúr sin cothrom le 40% de na hathbhreithnithe ar ghlac an Oifig seo leo.

Comhlacht poiblí - iarrataí a measadh a bheith diúltaithe ag an dara céim den chóras iarrataí saorála faisnéise



- Measadh 48 n-iarraidh bhreise a bheith diúltaithe ag 38 gcomhlacht eile ag céim an athbhreithnithe inmheánaigh. Bhí níos lú ná 3 dhiúltú ag gach ceann de na comhlachtaí sin.
- Cosúil leis an gcéad chéim, measadh 174 cinn (40%) de na hathbhreithnithe ar ghlac an Oifig seo leo a bheith diúltaithe ag comhlacht poiblí ag céim an athbhreithnithe inmheánaigh.

Ceisteanna ginearálta ar OCF



Baineann ceisteanna ginearálta le foirmeacha éagsúla cumarsáide agus is iad baill den phobal a chuireann iad den chuid is mó. Ar chineál na gceisteanna sin tá ceisteanna faoi chúrsaí praiticiúla an Achta um Shaoráil Faisnéise agus faisnéis shimplí faoin gcéad bheart eile atá le déanamh nó faoin gcomhlacht poiblí a d'fhéadfadh a bheith in ann cabhair a thabhairt.

Táillí a fuair OCF

Le linn na bliana 2016, fuair an Oifig seo 272 iarratas ar athbhreithniú inar íocadh táille. B'ionann é sin agus 94 chás níos mó ná an bhliain 2015. D'eascair an méadú sin as an méadú a bhí ann ar iarrataí ar rochtain ar fhaisnéis neamhphearsanta. Féach tábla 17 i gcaibidil 4.

Ba é €12,150 an tsuim iomlán a fuarthas i bhfoirm táillí sa bhliain 2016.

Aisíocadh suim iomlán €5,910 le hiarratasóirí ar na cúiseanna seo a leanas:

- tarraingíodh an t-iarratas siar, réitíodh é, nó scoireadh de;
- diúltaíodh d'iarratais mar bhí siad neamhbhailí, nó ní raibh táille le híoc ina leith;
- níor eisigh an comhlacht poiblí breith ón athbhreithniú inmheánach laistigh den teorainn ama (féach alt 19 den Acht um Shaoráil Faisnéise).

Deimhnithe Reachtúla arna n-eisiúint ag Airí

Alt 34 den Acht um Shaoráil Faisnéise

Sa chás gur deimhin le hAire den Rialtas gur taifead díolmhaithe é taifead, de bhua alt 32 (Forfheidhmiú an dlí agus sábháilteacht an phobail) nó de bhua alt 33 (Slándáil, cosaint agus caidreamh idirnáisiúnta) agus gur deimhin leis an Aire den Rialtas go bhfuil an taifead sách íogair nó sách tromaí chun gur chóir dó nó di déanamh amhlaidh, féadfaidh sé nó sí a dhearbhu, trí dheimhniú a eisiúint faoi alt 34(1) den Acht, gur taifead díolmhaithe ó fheidhmiú an Achta um Shaoráil Faisnéise an taifead.

Ní mór d'Airí tuarascáil a chur ar fáil don Oifig seo gach bliain ar líon na ndeimhnithe a eisíodh agus ar fhorálacha alt 32 nó alt 33 den Acht um Shaoráil Faisnéise a raibh feidhm acu maidir leis na taifid díolmhaithe nó leis na taifid dhíolmhaithe. Ní mór dom cóip d'aon tuarascáil den sórt sin a chur i gceangal leis an Tuarascáil Bhliantúil uaim don bhliain atá i gceist.

Foráiltear an méid seo le halt 34(13) den Acht um Shaoráil Faisnéise:

"Faoi réir fho-ailt (9) agus (10), leanfaidh deimhniú de bheith i bhfeidhm go ceann tréimhse 2 bhliain tar éis an dáta a shíníonn an tAire den Rialtas lena mbaineann é agus rachaidh sé in éag ansin, ach féadfaidh Aire den Rialtas, tráth ar bith, deimhniú a eisiúint faoin alt seo i leith taifead ar eisíodh deimhniú i ndáil leis roimhe sin..."

Tugadh fógra don Oifig seo go ndearnadh na deimhnithe seo a leanas a athnuachan nó a eisiúint faoi alt 34 sa bhliain 2016.

- Rinne an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ceithre dheimhniú a athnuachan agus dhá dheimhniú nua a eisiúint.
- Rinne an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála trí dheimhniú a eisiúint.
- Tiocfaidh na deimhnithe go léir dá dtagraítear thuas faoi réir athbhreithniú sa bhliain 2018.

Tá cóip de na fógraí ar fad ceangailte le hAguisín I leis an Tuarascáil seo.

Athbhreithniú faoi alt 34(7)

I litir dar dáta an 9 Nollaig 2016, tugadh fógra dom go ndearna an Taoiseach, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta athbhreithniú, de bhun alt 34(7) den Acht um Shaoráil Faisnéise, ar fheidhmiú fhomhír 34(1) den Acht.

Ba é tátal na litreach gur deimhin leis an Taoiseach, leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta nach gá a iarraidh go ndéanfaí ceann ar bith de na 13 dheimhniú a athbhreithníodh a chúlghairm.

Tá cóip den fhógra ceangailte le hAguisín II leis an Tuarascáil seo.

Buíochas

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht a fuair mé le linn na bliana 2016 ó Elizabeth Dolan agus ó Stephen Rafferty, Imscrúdaitheoirí Sinsearacha san Oifig. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leosan agus leis an bhfoireann ar fad in Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus in Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil as a ndícheall a dhéanamh go leanúnach déileáil leis na dúshláin mhóra a eascraíonn as na héilimh mhéadaithe ar ár gcuid seirbhísí, agus iad ag leanúint le feabhas suntasach a chur ar an tréimhse ama a bhítear ag tógáil chun cásanna a chur i gcrích ag an am céanna. Gabhaim buíochas freisin le Diarmuid Goulding agus le Edmund McDaid as an gcúnamh a thug siad dom chun an Tuarascáil seo a chur le chéile.

Mar a luaitear sa Tuarascáil seo agus mar a luadh i dTuarascálacha roimhe, tá an Oifig seo ag leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag fás. Dá bharr sin, táim buíoch as an tacaíocht a thugann an tAonad um Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, an tAonad um Sheirbhísí Corparáideacha, an tAonad um Chaidreamh Ardchaighdeáin le Geallsealbhóirí agus an tAonad Cumarsáide. Cuireann siad go léir seirbhísí comhroinnte bunriachtanacha ar fáil le haghaidh riachtanais forbartha leantacha na hOifige.


Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Jacqui McCrum, Ard-Stiúrthóir na hOifige, as a tiomantas agus a tacaíocht ar fud na bliana. Is cinnte gur bhain an Oifig fíorleas as taithí fhairsing agus fuinneamh Jacqui sa chéad bhliain iomlán a chaith sí ina ról.



Jacqui McCrum
Ard-Stiúrthóir

Caibidil 2:

Saincheisteanna a Tháinig Chun Cinn



Caibidil 2: Saincheisteanna a Tháinig Chun Cinn

Sa Chaibidil seo, leagtar béim ar na saincheisteanna a tháinig chun cinn le linn na bliana a bhaineann le hoibriú an Achta um Shaoráil Faisnéise. Baineann roinnt saincheisteanna le comhlachtaí poiblí ar leith agus is é atá i saincheisteanna eile ná cur síos ar an dóigh ar chruthaigh an tAcht nua saincheisteanna nár pléadh leo roimhe sin.

Is iad seo na saincheisteanna a dtugtar tuairisc orthu:

- Comhlachtaí Sceideal 1
- Réiteach díospóide faoi alt 6(7)
- An chéad úsáid a baineadh as alt 22(9)(a)(vii)
- An chéad uair a rinneadh breithniú ar chumhachtaí faoi alt 45(8) a fheidhmiú
- Breitheanna á gceistiú ag comhlachtaí ar fhorais nós imeachta
- Achomhairc chuig na Cúirteanna
- Faisnéis eárnála poiblí a athúsáid

Tá achoimre ghairid leagtha amach agam freisin ar an ngníomhaíocht cúirte sa bhliain freisin. Mar chríoch, tá cur síos achomair déanta agam ar mo ról mar Choimisinéir Achomhairc faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Faisnéis Eárnála Poiblí a Athúsáid) (Leasú), 2015 (I.R. Uimh. 525 de 2015).

Comhlachtaí Sceideal 1

Sa Tuarascáil Bhliantúil uaim don bhliain 2015, phléigh mé an tsaincheist maidir leis an léiriú a ghlac Banc Ceannais na hÉireann (an Banc Ceannais) ar raon feidhme a eisiaimh ó théarmaí tagartha an Achta. Is gníomhaireacht a chuimsítear go páirteach faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, é an Banc Ceannais.

Meastar an chuid is mó de na comhlachtaí ábhartha a bheith ina gcomhlachtaí poiblí chun críocha an Achta de bhua iad a bheith ar áireamh sna catagóirí a leagtar amach in alt 6 den Acht. Luaitear i gCuid 1(b) de Sceideal 1 den Acht, áfach, nach bhfolaíonn alt 6 tagairt don Bhanc Ceannais a mhéid a bhaineann sé le taifid áirithe.

Tháinig an tsaincheist a bhain leis an mBanc Ceannais chun cinn i gcomhthéacs na hiarrata a rinne an tUas. Colin Coyle ó *The Sunday Times* ar rochtain ar chóip de na miontuairiscí go léir de chuid Choimisiún an Bhainc Cheannais le haghaidh tréimhse ón mbliain 2014 go dtí dáta na hiarrata sa bhliain 2015. Ghlac an Banc Ceannais an seasamh gurb amhlaidh, toisc nach raibh sé ina chomhlacht poiblí i leith taifead a chuimsíonn faisnéis a ndéantar cur síos air i Sceideal 1, Cuid 1(b)(i), nach raibh feidhm ag an Acht, lenar áiríodh na forálacha athbhreithnithe inmheánaigh agus na forálacha athbhreithnithe sheachtraigh de, ach maidir le ceann amháin de na taifid a iarradh, fiú i gcás inar chuimsigh na taifid lenar bhain faisnéis a bheadh faoi réir fhorálacha an Achta ar shlí eile.

Luaigh mé i mo bhreith nach raibh seasamh an Bhainc Cheannais ag teacht le brí agus rún na reachtaíochta ar chor ar bith agus go mbeadh glacadh an tseasaimh a roghnaigh an Banc Ceannais ina chúis le hiarmhairtí áiféiseacha nár bheartaigh an tOireachtas iad agus an tAcht á rith aige. Thug mé faoi deara freisin gur thacaigh Nóta Treorach 23 ón Láraonad Beartais agus na prionsabail a leagtar amach in alt 11(3) den Acht leis an tuairim mhalartach a bhí agam faoin ábhar. Fuair mé go raibh an dlínse agam athbhreithniú a dhéanamh ar bhreith éifeachtach an Bhainc Cheannais diúltú géilleadh d'iarraidh an iarratasóra ar rochtain ar na taifid lenar bhain ar an mbonn go raibh feidhm ag Sceideal 1, Cuid 1, maidir léi. Fuair mé freisin nach dtagann taifead faoi raon feidhme Sceideal 1, Cuid 1(b)(i), ach a mhéid a chuimsíonn sé an fhaisnéis a shonraítear a bheith eisiata ó raon feidhme an Achta agus go bhfuil na codanna den taifead nach gcuimsíonn faisnéis Sceideal 1, Cuid 1(b)(i), le breithniú le haghaidh scaoileadh de réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise. Chuir mé breith éifeachtach an Bhainc Cheannais ar neamhní agus thug mé ordú dó tabhairt faoi phróiseas cinnteoireachta nua i dtaca leis na taifid lenar bhain.

Tá áthas orm a chur in iúl gur ghlac an Banc Ceannais le mo bhreith, cé go ndearna sé amhlaidh “gan dochar”, agus gur chomhaontaigh sé iarraidh an iarratasóra a phróiseáil faoi fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise. Scaoileadh leaganacha curtha in eagar de na miontuairiscí ábhartha chuig *The Sunday Times* ina dhiaidh sin. Foilsíodh iad ar shuíomh Gréasáin an Bhainc Cheannais freisin.

Le linn na bliana, tarraingíodh m'aird ar an bhfíric nach raibh an Banc Ceannais ar an aon chomhlacht amháin a léirigh a chuimsiú i dtéarmaí tagartha an Achta, nó a eisiadh uathu, de bhua é a bheith ar áireamh mar ghníomhaireacht a chuimsítear go páirteach i Sceideal 1 agus toisc gur chuir comhlachtaí eile saincheisteanna den chineál céanna chun cinn.

Cé gur deimhin liom gur ceart atá an tuiscint atá agam ar mo dhlínse maidir le breitheanna ó chomhlachtaí Sceideal 1 a athbhreithniú agus go dtacaítear leis an tuiscint sin le Nóta

Treorach 23 ón Láraonad Beartais, bheadh sé ina údar imní dom dá mbeadh ar an Oifig seo déileáil le dúshláin dlínse den chineál céanna amach anseo. Feictear dom go mbainfí aon amhras faoin ábhar trí leasú reachtach simplí a dhéanamh. Tá sé beartaithe agam an t-ábhar seo a phlé leis an Láraonad Beartais i mbliana.

Réiteach díospóide faoi alt 6(7)

Mar atá luaite agam thuas, meastar an chuid is mó de na comhlachtaí ábhartha a bheith ina gcomhlachtaí poiblí chun críocha an Achta de bhua iad a bheith ar áireamh sna catagóirí a leagtar amach in alt 6 den Acht. I gcás ina dtagann díospóid chun cinn idir an Oifig seo agus aon eintiteas maidir le cé acu atá sé ina chomhlacht poiblí chun críocha an Achta nó nach bhfuil, ní mór an díospóid a chur faoi bhráid an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le haghaidh cinneadh ceangailteach, de réir alt 6(7) den Acht.

Go luath sa bhliain 2016, d'fhoilsigh an Láraonad Beartais Beartas agus Nós Imeachta maidir le Réiteach Díospóide le haghaidh aighneachtaí den sórt sin chuig an Aire a phróiseáil. Foráladh leis an mbeartas freisin do chinntí ceangailteacha i gcás ina dtagann díospóid chun cinn idir eintiteas agus iarrthóir maidir le cé acu atá eintiteas ina chomhlacht poiblí nó nach bhfuil.

Le linn na bliana, dhéileáil an Oifig seo le dhá chás inar aimsíomar nach raibh an t-eintiteas lenar bhain ina chomhlacht poiblí chun críocha an Achta um Shaoráil Faisnéise. Ba iad an tEadránaí Maoine agus Ceann Comhairimh Bhaile Átha Cliath na heintitis a bhí i gceist. Sa dá chás sin, thugamar eolas do na hiarrthóirí ar an gceart atá acu chun cinneadh ceangailteach ón Aire a iarraidh de réir an Bheartais fhoilsithe maidir le Réiteach Díospóide.

Tar éis comhairle a fháil ó Oifig an Ard-Aighne, áfach, chuir an Láraonad Beartais in iúl don Oifig seo nach raibh an tAire in ann cinneadh ceangailteach a dhéanamh ar an ábhar mar nach bhforáiltear le halt 6(7) do chinntí den sórt sin i gcásanna ina bhfuil an díospóid idir an t-eintiteas agus tríú páirtí. D'fhoilsigh sé beartas leasaithe ina dhiaidh sin chun forálacha alt 6(7) a léiriú go cuí.

Fágann sé sin nach mór don Oifig seo cinntí a dhéanamh ar cé acu atá eintitis áirithe ina gcomhlachtaí poiblí chun críocha an Achta um Shaoráil Faisnéise nó nach bhfuil agus fágann sé freisin nach ann d'aon cheart achomhairc, seachas trí na Cúirteanna, b'fhéidir. Tá sé beartaithe agam an t-ábhar seo a phlé leis an Láraonad Beartais an athuir.

Ar mhaithe leis an scéal iomlán a thabhairt, rinne an tAire cinntí in dhá chás sa bhliain 2016. Chinn sé nach bhfuil Comhairle Bharra na hÉireann (Comhairle Ghinearálta Bharra na hÉireann) agus Dlí-Chumann na hÉireann ina gcomhlachtaí poiblí chun críocha an Achta.

An chéad úsáid a baineadh as alt 22(9)(a)(vii)

Foráiltear le halt 22(9) den Acht um Shaoráil Faisnéise do chúinsí áirithe ina bhféadfaidh mé mo lánrogha a úsáid chun diúltú glacadh le hiarratas ar athbhreithniú nó scor d'athbhreithniú. Leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, leathnaíodh na cúinsí sin chun cásanna a chur ar áireamh ina measaim go gcuirfí bac nó go gcuirfí isteach, go substaintiúil agus go míréasúnach, ar obair na hOifige seo dá nglacfaí leis an iarratas.

D'fheidhmigh mé an chumhacht sin den chéad uair riamh sa bhliain 2016 i gCás Uimh. 150430 (Messrs Z v an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS)). D'iarr na hiarrthóirí naoi gcatagóir taifid. Bhain siad go léir lena gcaidreamh le GNBS. Chuimsigh na taifid choinnithe siar níos mó ná 3,400 leathanach faisnéise. Cé gur thoisc thábhachtach é méid na faisnéise coinnithe siar, áiríodh le tosca ábhartha eile cineál na faisnéise lenar bhain, líon na ndíolúintí a d'éiligh GNBS, an gá le haitheantas agus stádas na bpáirtithe sna taifid a dheimhniú agus an gá dóchúil le fógra a thabhairt do thríú páirtithe a bhféadfaidh go rachfaí i bhfeidhm orthu agus cuireadh a thabhairt dóibh aighneachtaí a chur ar fáil.

Tháinig mé ar an gconclúid go raibh an scrúdú ba ghá a dhéanamh ar an oiread sin taifead, ag féachaint do líon na dtaifead i gceist agus do chineál na faisnéise lenar bhain, de shórt go gcuirfí bac nó go gcuirfí isteach, go substaintiúil agus go míréasúnach, ar obair na hOifige seo dá bpróiseálfaí an t-athbhreithniú. Cé gur iarradh ar na hiarratasóirí raon feidhme an athbhreithnithe a bheachtú, ní dhearna siad amhlaidh. Scoir mé den athbhreithniú, dá bhrí sin.

An chéad uair a rinneadh breithniú ar chumhachtaí faoi alt 45(8) a fheidhmiú

Le hAcht 2014, leathnaíodh mo chumhachtaí le go mbeinn in ann fiosrú a dhéanamh den chéad uair riamh ar chásanna ina mainníonn comhlachtaí poiblí déanamh de réir mo bhreitheanna ceangailteacha. Mar shampla, féadfaidh mé, faoi alt 45(8), iarratas a dhéanamh chuig an gcúirt ar ordú chun oibleagáid a chur ar an gcomhlacht poiblí déanamh de réir na breithe uaim.

Dóibair dom ordú den sórt sin a iarraidh sa bhliain 2016. An 17 Lúnasa 2016, d'eisigh mé bhreith i gCás Uimh. 160196, ag ordú don Gharda Síochána faisnéis áirithe a scaoileadh chuig iriseoir mar fhreagra ar a iarraidh saorála faisnéise (féach Caibidil 3 le haghaidh tuilleadh sonraí ar an gcás).

De réir alt 24, féadfaidh páirtí in athbhreithniú achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí a eascraíonn as breith uaim. I gcás nach ndéantar aon achomharc den sórt sin, áfach, is ceangailteach ar na páirtithe lena mbaineann atá mo bhreitheanna. Bhí cúinsí an

cháis seo de shórt go raibh ceithre seachtaine ag an nGarda Síochána chun achomharc den sórt sin a dhéanamh. I litir dar dáta an 15 Meán Fómhair 2016, chuir an Garda Síochána in iúl dom go raibh rún aige achomharc a dhéanamh in aghaidh na breithe uaim. Ní dhearnadh aon achomharc den sórt sin, áfach.

Bhí tuilleadh comhfhreagrais idir an Oifig seo agus an Garda Síochána ann ina dhiaidh sin. Níor éirigh leis an Oifig seo scaoileadh na faisnéise i gceist a chinntiú ach tar éis di caingean chúirte a bhagairt thart ar 11 sheachtain tar éis na breithe uaim, áfach.

Cé go bhfuilim an-sásta, ar ndóigh, nach raibh orm ordú cúirte a iarraidh chun comhlíonadh a chinntiú, bhí díomá orm gur thóg sé an oiread sin ama don iarrthóir an fhaisnéis i gceist a fháil. Glacaim leis go hiomlán go bhfuil comhlachtaí poiblí i dteideal mo bhreitheanna a bhreithniú go cúramach agus achomhairc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt in aghaidh breitheanna nuair is cuí leo déanamh amhlaidh. I gcás nach ndéantar achomharc ann, áfach, táim ag súil go ngníomhóidh comhlachtaí de réir mo bhreitheanna gan a thuilleadh moille.

Breitheanna á gceistiú ag comhlachtaí ar fhorais nós imeachta

Maidir le mo bhreitheanna a bheith á gceistiú ag comhlachtaí trí na cúirteanna, thug mé ábhar imní ar leith faoi deara sa bhliain a bhfuil súil agam nach dtiocfaidh sé chun cinn go rialta in achomhairc chúirte.

Mar atá luaite agam thuas, féadfaidh páirtí in athbhreithniú achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí a eascraíonn as breith uaim de réir alt 24 den Acht. In dhá achomharc den sórt sin a ndearna comhlachtaí poiblí iad sa bhliain 2016, níor theorannaigh na comhlachtaí poiblí iad féin do shainaithint a dhéanamh ar nithe atá, dar liom, ina bhfíorphoncanna dlí i bhfeidhmiú agus léiriú an Achta um Shaoráil Faisnéise mar fhorais achomhairc dóibh. Ina ionad sin, roghnaigh siad na forais nós imeachta a ndearnadh an t-athbhreithniú orthu a cheistiú.

Cé go nglacaim leis go hiomlán go raibh na comhlachtaí lenar bhain i dteideal ábhair imní faoi nósanna imeachta a chur in iúl, nílim cinnte cad a bhí siad ag iarraidh a bhaint amach trí dhéanamh amhlaidh. Sa dá chás, chuir an comhlacht poiblí ábhair imní in iúl faoi na nósanna imeachta ar ghlac an Oifig seo iad le linn an athbhreithnithe, cé go raibh na nósanna imeachta sin i bhfeidhm ó mhí an Mheithimh 2014 i leith agus go bhfuil fáil ag an bpobal ar shonraí fúthu ar ár suíomh Gréasáin. Is fiú a lua freisin go bhfuair gach comhlacht, lenar áiríodh an dá chomhlacht lenar bhain, réamhfhógra i mí Aibreáin 2014 faoin rún a bhí againn na nósanna imeachta i gceist a ghlacadh.

Feictear dom gurbh é an toradh ba dhóchúla a bheadh ann dá dtabharfadh an Chúirt breith gur míchothrom ar bhealach éigin atá na nósanna imeachta a nglacann an Oifig seo iad agus

athbhreithnithe á ndéanamh aici ná go dtabharfadh an Chúirt ordú don Oifig seo an t-ábhar a scrúdú an athuair. Ba é ba dhóichí nach réiteofaí an tsaincheist shubstainteach.

I gcás ina bhfuil ábhar imní ar leith ag comhlacht poiblí ar bith faoi nósanna imeachta na hOifige seo le haghaidh athbhreithnithe a dhéanamh, tá súil agam go gcuirfidh sé na hábhair sin in iúl don Oifig seo go díreach agus lasmuigh den phróiseas Cúirte. Cé go bhfuilim den tuairim go bhfuil ár nósanna imeachta cothrom, táim sásta aon ábhair imní ghaolmhara a phlé leis na comhlachtaí poiblí.

Achomhairc chuig na Cúirteanna

Páirtí in athbhreithniú agus duine ar bith eile a dtéann breith a thugann an Oifig seo i bhfeidhm air, féadfaidh sé achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí. Is féidir breith a thugann an Ard-Chúirt a achomharc chuig an gCúirt Achomhairc/an gCúirt Uachtarach.

Rinneadh trí achomharc in aghaidh bhreitheanna na hOifige seo chuig an Ard-Chúirt sa bhliain 2016. Rinne an t-iarratasóir achomharc in aghaidh dhá bhreith agus rinne an comhlacht poiblí lenar bhain achomharc in aghaidh breith amháin. Tá na hachomhairc go léir liostaithe lena n-éisteacht nó lena lua sa bhliain 2017.

Tugadh dhá bhreithiúnas scríofa ón Ard-Chúirt sa bhliain 2016. Tá achoimre déanta ar an dá cheann díobh thíos. Tá achoimre déanta sa rannán seo ar bhreithiúnas ex tempore ón gCúirt Achomhairc freisin.

F.P. v an Coimisinéir Faisnéise [2014, Uimh. 114 MCA]

An cúlra agus an tsaincheist

I mí na Nollag 2016, thug an Ard-Chúirt an breithiúnas uaithe sa chás F.P. v an Coimisinéir Faisnéise [2014 Uimh. 114 MCA]. Ba é an cheist a cuireadh i láthair sa chás seo ná cé acu ab amhlaidh nó nárbh amhlaidh, faoi alt 28(5)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, gur mhó leas an phobail in iarrataí an iarratasóra ar rochtain ar thaifid a bhain leis féin agus lena iar-leasiníon a dheonú ná leas an phobail sna cearta chun príobháideachta a bhí ag na daoine aonair (seachas an t-iarratasóir) ar bhain an fhaisnéis leo a chosaint. Sa bhreith a thug mé i gCás 090261/62/63, ar thug mé tuairisc air sa Tuarascáil Bhliantúil uaim don bhliain 2014, tháinig mé ar an gconclúid nárbh amhlaidh a bhí, d'ainneoin na fianaise ar líomhaintí mailíseacha mí-úsáide gnéasaí leanaí a rinneadh in aghaidh an iarratasóra. Fuair mé, beag beann ar an bhfianaise ar mhailís, gur bhain na taifid le tosca teaghlaigh ag a raibh fadhbanna. Ag tabhairt aird ar bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí i gcás Ospidéal an Rotunda, ar thuairimí iar-leasiníon an iarratasóra (a bhí 20 bliain d'aois ag an am), ar thuairimí a máthar agus ar na taifid a eisíodh chuig an iarratasóir cheana féin, ba é an breithiúnas a thug mé ná nár mhó, tríd is tríd, leas an phobail in iarrataí an iarratasóra ar rochtain ar na taifid i gceist a dheonú ná leas an phobail i seasamh leis na cearta chun príobháideachta a

bhí ag na tríú páirtithe lenar bhain. Níor ceadaíodh achomharc an iarratasóra chuig an Ard-Chúirt.

Breithiúnais na Cúirte

Níor dheimhin leis an gCúirt gur ghné lárnach nó chinntitheach den tsaincheist um rochtain ar thaifid í saincheist na mailíse a chuir an t-iarratasóir in iúl. Ba é an breithiúnas a thug an Chúirt ná go raibh mé ceart i mo thuairim gur bhain na taifid i gceist le tosca teaglaigh ag a raibh fadhbanna, fiú má rinneadh na líomhaintí chun críocha a d'fhéadfaí a mheas a bheith mailíseach. Mar sin féin, fuair an Chúirt freisin, mar a d'aithin mé féin, go raibh an comhthéacs ina ndearnadh na líomhaintí ábhartha do leas mór an phobail in oscailteacht agus i gcuntasacht i dtaca leis an dóigh a gcomhlíonann comhlachtaí poiblí a gcuid feidhmeanna agus iad ag déileáil le líomhaintí go ndearnadh mí-úsáid ghnéasach leanaí.

Dheimhnigh an Chúirt nár bhain cuspóir an iarratasóra le haghaidh na taifid a iarraidh le hábhar agus nár cháiligh mar ábhair leas an phobail na leasanna a bhí aige sna taifid a rochtain chun a chinneadh an raibh cúis chaingne aige in aghaidh ceann ar bith de na páirtithe nó nach raibh, chun dul chun cinn a dhéanamh ar mhaíomh den sórt sin, chun an bonn a chur ar fáil le gearán coiriúil a dhéanamh nó chun athbhreithniú breithiúnach a thionscnamh in aghaidh na gcomhlachtaí poiblí. Ba dheimhin leis an gCúirt gur ábhair "leasa phríobháidigh" a bhí sna leasanna sin i ndáiríre. Ba dheimhin leis an gCúirt freisin go mbeadh athrú reachtach ag teastáil uaithe chun an ceart chun rochtain ar thaifid a cheadú mar chuid den ghnáthchleachtas do dhaoine atá ag maíomh gur líomhnaíodh go bréagach go ndearna siad mí-úsáid ghnéasach leanaí nó aon choir eile.

Dheimhnigh an Chúirt freisin go ndéanann na cúirteanna soláthar don fhóram is cuí le haghaidh cúis chaingne a eascraíonn as líomhaintí bréagacha a shaothrú agus le haghaidh agóid a dhéanamh in aghaidh gníomhartha comhlachtaí poiblí mar gur sna cúirteanna a chuirtear leigheasanna dlíthiúla fairsinge agus nósanna imeachta cothroma le haghaidh follasú agus nochtadh ar fáil in imeachtaí sibhialta agus coiriúla. Dá bhrí sin, thug an Chúirt faoi deara go bhféadfaí athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar an gceist faoi cé acu a ghníomhaigh na comhlachtaí poiblí de réir nósanna imeachta cothroma nó nár ghníomhaigh. Ba dheimhin leis an gCúirt nach bhféadfadh an t-iarratasóir úsáid a bhaint as an bpróiseas achomhairc faoi Shaoráil Faisnéise "chun ní atá cosúil le hionsaí comhthaobhach a dhéanamh ar na himscrúduithe agus na cinntí" a rinne na comhlachtaí poiblí i dtaca leis na líomhaintí a rinneadh ina aghaidh. Mar an gcéanna, is ábhar atá le saothrú trí fhoirmeacha eile leighis atá sa spreagadh taobh thiar d'aon líomhain, nó i mbailíocht nó fírinneacht aon líomhna.

Ba dheimhin leis an gCúirt go ndearna mé idirdhealú cúramach idir dearbhú ceart príobháideach an iarratasóra agus leas ginearálta an phobail in oscailteacht agus i dtrédhearcacht i leith faisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí. Ba dheimhin leis an gCúirt freisin gur thug mé aird chuí ar leas láidir an phobail in oscailteacht agus i gcuntasacht i dtaca leis an dóigh a gcomhlíonann comhlachtaí poiblí a gcuid feidhmeanna agus iad

ag déileáil le líomhaintí go ndearnadh mí-úsáid ghnéasach leanaí. Sna cúinsí sin, agus i bhfianaise leas an phobail a bhí ag baint leis na taifid a scaoileadh chuig an iarratasóir, bhí an deis agam a mheas nár mhó leas tábhachtach an phobail i ndea-rialachas ná leas an phobail i seasamh leis na cearta chun príobháideachta a bhí ag an máthair agus an leanbh lenar bhain.

Tabhair faoi deara: Rinne an t-iarratasóir achomharc in aghaidh bhreith na Cúirte chuig an gCúirt Achomhairc ó tugadh an bhreith.

Patrick McKillen agus an Coimisinéir Faisnéise [2015, Uimh. 4 MCA]

An cúlra agus an tsaincheist

Rinne an t-iarratasóir iarratas chuig an Oifig seo ar athbhreithniú ar bhreith a thug an Roinn Airgeadais diúltú géilleadh do rochtain ar thaifid áirithe a bhaineann leis féin nó lena iasachtaí pearsanta nó gnó.

Fuair an Oifig seo gur cheart roinnt de na taifid dhiúltaithe a choinneáil siar ar na forais gur chuimsigh siad faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a bhain le tríú páirtithe (alt 27) agus nach raibh leas an phobail ina údar le scaoileadh na faisnéise. Le linn an athbhreithnithe, tháinig sé chun solais gur iarr an t-iarratasóir ordú follasaithe sna Cúirteanna in aghaidh páirtithe, lenar áiríodh an Roinn, agus gur deonaíodh an t-ordú sin dó. Tháinig sé chun solais freisin gur thug an Roinn roinnt de na taifid don iarratasóir de bhun an ordaithe follasaithe. Ba é breith na hOifige seo nach mór diúltú géilleadh do rochtain ar na taifid sin mar gurbh ionann é agus díspeagadh cúirte dá ndéanfaí a mhalairt (alt 22).

Breithiúnais na Cúirte

Ba i bhfabhar na hOifige seo a bhí an breithiúnas a thug Noonan J. an 19 Eanáir 2016. Sheas an Chúirt le breith na hOifige seo i dtaca le halt 27. Ba é breith na Cúirte nach raibh feidhm ag alt 27(1)(b) mar nár argóin an t-achomharcóir os comhair na hOifige seo ar dtús agus, mar sin de, nach bhféadfadh an t-achomharcóir dul chun cinn a dhéanamh ar an argóint os comhair na Cúirte.

D'argóin an t-achomharcóir gur bhain leas an phobail le nochtadh a dhéanamh ar chaitheamh míchothrom ag an Roinn, dar leis, rud a bheadh dochrach do leas an Stáit. D'aimsigh an Chúirt, áfach, gur nochtadh aon iompar míchuí, dá mb'ann dó, san fhaisnéis a scaoileadh.

Fuair an breitheamh freisin go raibh ceangal air leanúint a dhéanamh ar an mbreithiúnas a thug O'Neill J. in EH agus EPH v. an Coimisinéir Faisnéise [2001] 2 I.R. 463 gur díspeagadh cúirte é sárú an ghealltanais intuigthe a tugadh i leith doiciméid fhollasaithe. Is díspeagadh cúirte é nochtadh a dhéanamh ar dhoiciméid atá ina n-ábhar d'ordú follasaithe, is cuma cén uair a dhéantar é. Is éigeantach atá alt 22(1)(b) agus ní mór nochtadh a dhiúltú sna cúinsí sin.

Tabhair faoi deara: Rinne an t-iarratasóir achomharc in aghaidh bhreith na Cúirte chuig an gCúirt Achomhairc ó tugadh an bhreith.

X agus an Coimisinéir Faisnéise [2015, Uimh. 439 MCA]

An cúlra agus an tsaincheist

Sa chás seo, dhearbhaigh an Oifig seo breith ón Roinn Cosanta taifid áirithe a scaoileadh ina raibh ainm agus seoladh an iarratasóra ceilte (Cás Uimh. 130175 - An tUas. X agus an Roinn Cosanta). Rinne an t-iarratasóir achomharc in aghaidh na breithe sin chuig an Ard-Chúirt. Cé nach raibh na forais achomhairc an-soiléir, ba chosúil gurbh é príomhábhar imní an iarratasóra ná go nochtfaí a aitheantas fós dá scaoilfí na taifid churtha in eagar. Tháinig sé chun solais go luath sna himeachtaí nár chuir an Roinn tacar iomlán taifead ar fáil d'fhoireann na hOifige seo. Dá bhrí sin, níor chuir an Oifig seo in aghaidh an achomhairc agus chuir sí in iúl don Ard-Chúirt go raibh sí toilteanach go dtarchuirfí an t-ábhar le haghaidh athbhreithniú nua. Thug an Ard-Chúirt ordú an 13 Iúil 2015 go dtarchuirfí an t-ábhar chuig an Oifig seo le go ndéileálfá leis de réir an dlí. Rinne an t-iarratasóir achomharc in aghaidh bhreith na hArd-Chúirte chuig an gCúirt Achomhairc ó tugadh an bhreith. Ba é an príomhleigheas a bhí sé ag iarraidh ná go gcealófaí an iarraidh saorála faisnéise bhunaidh a rinne sé chuig an Roinn Cosanta.

Breithiúnais na Cúirte

Thug Uachtarán na Cúirte Achomhairc breithiúnas ó bhéal ar an gcás i mí Dheireadh Fómhair 2016. Fuair an Chúirt Achomhairc go raibh an t-iarrthóir bunaidh i dteideal go bpróiseálfá a iarraidh saorála faisnéise. Cé gur thuig an Chúirt cén fáth a raibh an tUas. X ag iarraidh go gcealófaí an iarraidh saorála faisnéise, thug sí dá haire go raibh an iarraidh saorála faisnéise ann fós agus go raibh meicníocht reachtúil i bhfeidhm chun déileáil léi. Ag féachaint do na cúinsí, ba é breith na Cúirte Achomhairc nach raibh aon bhonn ann le rud ar bith a dhéanamh seachas breith na hArd-Chúirte a dhearbhu agus tarchur chuig an Oifig seo a cheadú.

Faisnéis earnála poiblí a athúsáid

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid), 2005

Déanann comhlachtaí earnála poiblí faisnéis a chruthú, a bhailiú agus a fhoilsiú le linn dóibh a bhfeidhmeanna poiblí a chomhlíonadh. Le Treoir 2003/98/CE maidir le faisnéis earnála poiblí a athúsáid, bunaítear sraith íosta rialacha lena rialaítear athúsáid doiciméad reatha atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí. Déantar an raon feidhme a bhí ag an Treoir roimhe a leasú agus a mhéadú le Treoir 2013/37/AE. Trasuítear na Treoracha sin i ndlí na hÉireann le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid), 2005, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid) (Leasú), 2015.

Ciallaíonn athúsáid, i dtaca le doiciméad atá i seilbh comhlacht earnála poiblí, úsáid ag duine aonair nó eintiteas dlíthiúil as an doiciméad chun críocha tráchtála nó neamhthráchtála nach n-áiríonn an chríoch thosaigh sa tasc poiblí ar táirgeadh an doiciméad ina leith. Tá feidhm ag na rialacháin maidir le doiciméid fhisiciúla agus le doiciméid leictreonacha.

Faoi na Rialacháin maidir le Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid, féadfaidh duine aonair nó eintiteas dlíthiúil iarraidh a dhéanamh i bhfoirm inléite chuig comhlacht earnála poiblí go scaoilfear doiciméid le haghaidh athúsáid. Ní mór a lua i ngach iarraidh go bhfuil sí á iarraidh chun críche faisnéis earnála poiblí a athúsáid. Foráiltear leis na Rialacháin nach mór do chomhlacht poiblí, ar iarraidh a fháil i dtaca le doiciméad atá ina sheilbh agus a bhfuil feidhm ag na Rialacháin maidir le Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid maidir leis, athúsáid an doiciméid a cheadú de réir na gcoinníollacha agus na dteorainneacha ama dá bhforáiltear leis na Rialacháin.

Nuair is féidir agus is cuí, ní mór doiciméid a chuirtear ar fáil le haghaidh athúsáid a chur ar fáil i bhformáid atá oscailte agus inléite ag meaisín. Is é is faisnéis atá inléite ag meaisín ann ná faisnéis ar féidir le feidhmchláir dhifriúla bhogearraí í a léiriú agus a phróiseáil go héasca.

Mar Choimisinéir Faisnéise, táim ar an gCoimisinéir Achomhairc ainmnithe chun críocha na Rialachán maidir le Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid. Faoi Rialachán 10 de na Rialacháin maidir le Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid, is féidir achomharc a dhéanamh chuig an Oifig seo in aghaidh breitheanna ó chomhlachtaí earnála poiblí, lena n-áirítear breitheanna maidir le táillí agus coinníollacha a ghearrtar ar athúsáid.

Rinneadh trí achomharc chuig an Oifig seo sa bhliain 2016 faoi na Rialacháin maidir le Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid.

Conor Ryan, thar ceann RTÉ, agus an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí - RPSI/16/01

Sa chéad achomharc den sórt sin a rinneadh chuig an Oifig seo, rinne iriseoir achomharc in aghaidh breith ón gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí gan leagan atá inléite ag meaisín den Chlár Brústocaireachta ar líne a scaoileadh le haghaidh athúsáid. Chuir an Coimisiún rochtain ar leagan atá inléite ag meaisín den Chlár ar fáil don iriseoir ina dhiaidh sin agus, dá bharr sin, tharraing an t-achomharcóir an t-achomharc siar.

Vizlegal Limited agus Oifig na bPaitinní - RPSI/16/02

San achomharc seo, rinne mé athbhreithniú ar bhreith ó Oifig na bPaitinní diúltú d'athúsáid a bunachar sonraí i bhformáid atá oscailte agus inléite ag meaisín a cheadú. Mar réamhphointe, fuair mé nach raibh an t-achomharcóir i dteideal doiciméid neamhfhóilsithe a athúsáid trí iarraidh a dhéanamh faoi Rialachán 5(1)(a) i gcúinsí nár deimhníodh go raibh ceart ann chun na doiciméid sin a rochtain.

Fuair mé go raibh údar ag Oifig na bPaitinní le diúltú don bhunachar sonraí paitinní agus don bhunachar sonraí dearáí a scaoileadh i bhformáid atá oscailte agus inléite ag meaisín mar go mbeadh iarracht dhíríreach i gceist leis sin, ar iarracht í a rachadh thar oibríocht shimplí. Dá réir sin, ní raibh aon oibleagáid ar Oifig na bPaitinní sleachta ó na bunachair shonraí a oiriúnú ná a chur ar fáil chun freastal ar iarraidh an achomharcóra.

Fuair mé nach raibh na táillí reachtúla as an mbunachar sonraí trádmharcanna ríomhairithe ag teacht salach ar na rialacha maidir le táille a ghearradh as athúsáid faoi Rialachán 6 de na Rialacháin maidir le Faisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid. Fuair mé go háirithe gur chloígh na táillí le Rialachán 6(1A)(a)(ii), cé gur mhó na táillí ná an costas imeallach a bhain leis an mbunachar sonraí a atáirgeadh, a sholáthar agus a scaipeadh, mar go raibh ar Oifig na bPaitinní ioncam dóthanach a ghiniúint chun íoc as cuid shuntasach de na costais a bhain leis an mbunachar sonraí a bhailiú, a tháirgeadh, a atáirgeadh agus a scaipeadh.

Dá réir sin, dhearbhaigh mé an bhreith ó Oifig na bPaitinní diúltú géilleadh d'iarraidh an achomharcóra.

Conor Ryan, thar ceann RTÉ, agus an Oifig um Chlárú Cuideachtaí - RPSI/16/03

San achomharc seo, rinne mé athbhreithniú ar bhreith ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí diúltú géilleadh d'iarraidh ar athúsáid a bhaint as bunachar sonraí daoine dícháilithe agus srianta i bhformáid oscailte agus inléite ag meaisín.

Fuair mé nach raibh údar ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí le diúltú géilleadh d'iarraidh an achomharcóra ar an mbonn go raibh rochtain ag an bpobal ar an bhfaisnéis mar nár réitigh an chúis sin an cheist ar cé acu a d'fhéadfaí an bunachar sonraí a athúsáid nó nach bhféadfaí. Dá ainneoin sin, fuair mé go raibh údar le diúltú géilleadh d'iarraidh an achomharcóra ar shlí eile ar an mbonn nach raibh aon oibleagáid ar an Oifig um Chlárú Cuideachtaí an bunachar sonraí a oiriúnú ná sleachta ón mbunachar sonraí a chur ar fáil i gcúinsí ina mbeadh iarracht dhíríreach i gceist leis sin, ar iarracht í a rachadh thar oibríocht shimplí.

Dá réir sin, dhearbhaigh mé an bhreith ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí diúltú géilleadh d'iarraidh an achomharcóra.

Caibidil 3:

Breitheanna



Caibidil 3: Breitheanna


Breitheanna foirmiúla

Rinne an Oifig seo athbhreithniú ar 433 chás sa bhliain 2016. Eisíodh breith fhoirmiúil in 285 cinn de na cásanna sin. B'ionann an figiúr sin agus 66% de na hathbhreithnithe go léir a cuireadh i gcrích le linn na bliana. Ba trí bhíthin scor díobh, socrú nó tarraingt siar a dúnadh an 148 gcás eile a ndearnadh athbhreithniú orthu.

Chuireamar **99%** dár n-athbhreithnithe
i gcrích laistigh de dhá mhí dhéag

Féach Tábla 15, Caibidil 4, le haghaidh comparáid idir na hathbhreithnithe go léir a cuireadh i gcrích sa bhliain a fheiceáil.

Tugtar sa tábla thíos comparáid chéatadánach idir na torthaí ar na breitheanna a tugadh ar chásanna (breitheanna ar seasadh leo, a athraíodh nó a neamhníodh).



Breitheanna a bhfuil feidhm ag alt 38 maidir leo a neamhniú

Foráiltear le halt 38 do cheanglas fógra reachtúil nach mór do chomhlachtaí poiblí cloí leis i dtaca leis na díolúintí atá in alt 35 (faisnéis a fhaightear i modh rúin), in alt 36 (faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de) agus in alt 37 (faisnéis phearsanta a bhaineann le tríú páirtí). I gcás gach ceann de na díolúintí sin, féadfaidh an comhlacht saorála faisnéise géilleadh d'iarraidh i gcás go measann sé gurbh fhearr a dhéanfaí leas an phobail trí ghéilleadh don iarraidh saorála faisnéise ná trí dhiúltú géilleadh di. Mar sin féin, is faoi réir fhorálacha alt 38 atá togra ar bith chun ábhar den chineál sin atá díolmhaithe ar shlí eile a scaoileadh. Ceanglaítear leis an alt sin ar an gcomhlacht saorála faisnéise fógra a thabhairt do thríú páirtithe áirithe go bhfuil sé beartaithe aige géilleadh don iarraidh chun leas an phobail agus go mbreithneoidh an comhlacht saorála faisnéise aon aighneachtaí ó na tríú páirtithe roimh bhreith a thabhairt i dtaobh cibé acu a ghéillfidh sé, nó a dhiúltóidh sé géilleadh, don iarraidh. Foráiltear leis freisin do phróiseáil na n-iarrataí sin laistigh de thréimhse ama shonraithe.

Féadfaidh an Oifig seo breitheanna a neamhniú i gcás nár chloígh an comhlacht lena mbaineann leis na tréimhsí ama a bhaineann le forálacha alt 38. Neamhnigh mé deich gcás den sórt sin sa bhliain 2015. Tá áthas orm a thuairisciú nár neamhnigh an Oifig seo ach trí chás den sórt sin sa bhliain 2016.

Is casta an rud é an próiseas um fhógra a thabhairt faoi alt 38 agus, i gcásanna áirithe, cuirtear ualach trom ar an lucht tugtha breitheanna dá bharr. Mar sin féin, tá foinsí éagsúla faisnéise ar fáil chun cabhrú le comhlachtaí poiblí iarrataí den sórt sin a phróiseáil. D'fhoilsigh an Láraonad Beartais lámhleabhar don lucht tugtha breitheanna saorála

faisnéise, rud ina bhfuil treoir maidir le cur i bhfeidhm alt 38, lena n-áirítear roinnt teimpléad úsáideach litreach. D'fhoilsigh sé nóta treorach sonrach ar an ábhar freisin (Fógra Uimh. 8 ón Láraonad Beartais - Iarrataí a bhaineann le tríú páirtithe - Treoir céim ar chéim).

Breitheanna lena mbaineann leas

Léirítear sna cásanna seo a leanas sampla de na cásanna a d'athbhreithnigh an Oifig seo sa bhliain agus a cuireadh i gcrích trí bhithin breith fhoirmiúil. Tá an téacs iomlán de na breitheanna foirmiúla uile a eisíodh sa bhliain 2016 ar fáil ag www.oic.ie.

An tUas. C agus Óglaigh na hÉireann - Cás 150243

Sa chás seo, d'iarr an t-iarratasóir, ar ball d'Óglaigh na hÉireann é, rochtain ar thuarascáil ó na póilíní airm. Bhain an tuarascáil sin le gearán maidir le sásamh in éagóracha a chuir sé isteach. Dhiúltaigh Óglaigh na hÉireann géilleadh do rochtain ar an taifead faoi alt 42(c)(ii)(II) den Acht um Shaoráil Faisnéise. Foráiltear leis an alt sin nach bhfuil feidhm ag an Acht maidir le taifead atá i seilbh Óglaigh na hÉireann agus a bhaineann le halt 170 den Acht Cosanta, 1954. Luaitear an méid seo a leanas in alt 170 den Acht Cosanta: "D'fhonn gach cion a chur faoi chois go groud, féadfar profast-mharascal de chéim choimisiúnta a cheapadh ó am go ham." Mhaígh Óglaigh na hÉireann go bhfuil sé mar aidhm le halt 42(c)(ii)(II) srian a chur le cur i bhfeidhm an Achta um Shaoráil Faisnéise i ndáil le taifid Óglaigh na hÉireann atá i seilbh an Phrofast-Mharascail arna cheapadh faoi alt 170 den Acht Cosanta maidir leis an bhfeidhm póilíní atá aige i ndáil le cionta a chur faoi chois.

Agus aird á tabhairt agam ar ghnáthbhrí chaighdeánach na teanga a úsáideadh, tháinig mé ar an gconclúid go bhfuil sé mar aidhm le halt 170 údarás reachtúil a thabhairt le haghaidh profast-mharascal a cheapadh. Dá bhrí sin, bhí aon taifid a bhain le profast-mharascal a cheapadh eisiata ó raon feidhme an Achta um Shaoráil Faisnéise de bhua alt 42(c)(ii)(II). Mar sin féin, níor ghlac mé leis an argóint ó Óglaigh na hÉireann go raibh taifid a bhain le feidhmeanna an phrofast-mharascail eisiata freisin ar an mbonn gur bhain taifid den sórt le halt 170. I mo thuairim féin, ní raibh nasc sách láidir ann idir taifid "a tionscnaíodh faoi threoir agus faoi údaráis an Phrofast-Mharascail chun críche imscrúdú a dhéanamh ar chionta faoin dlí míleata", mar a chuir Óglaigh na hÉireann síos orthu, agus alt 170 den Acht Cosanta, toisc nach raibh sé i gceist leis an alt sin ach údarás reachtúil a thabhairt le haghaidh profast-mharascal a cheapadh.

Dá bhrí sin, chinn mé nach bhféadfaí leas a bhaint as alt 42(c)(ii)(II) chun srian a chur le cur i bhfeidhm an Achta um Shaoráil Faisnéise maidir leis an taifead a d'iarr an t-iarratasóir. Neamhnigh mé an bhreith ó Óglaigh na hÉireann agus d'ordaigh mé dóibh próiseas úrnua cinnteoireachta a thionól ar an iarraidh.

Siobhán Maguire ó The Sunday Times agus an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte – Cás 160089

D'iarr an t-iarratasóir rochtain ar gach tuarascáil ar chigireachtaí a rinneadh sa bhliain 2015 ar áitribh inar baineadh úsáid as ainmnithe chun críocha eolaíocha nó oideachasúla, mar aon le píosáí áirithe gaolmhara comhfhreagrais. Ghéill an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (HPRA) do rochtain pháirteach ar na taifid, ach dhiúltaigh sé géilleadh do rochtain ar an bhfaisnéis eile faoi ailt 29, 30(1)(a), 32(1)(b), 35(1)(a), 36(1)(b) agus 37 den Acht um Shaoráil Faisnéise.

Le linn an imscrúdaithe, thug an Oifig seo fógra do na 18 ngnólacht taighde lena mbaineann faoin athbhreithniú agus thug sí cuireadh dóibh aighneachtaí a dhéanamh ina leith. Thug cúig ghnólacht déag freagra don Oifig. Bhí formhór díobh i gcoinne scaoileadh na faisnéise iomchuí.

Tugtar in alt 29 díolúine lena gcosnaítear próisis phléite chomhlachtaí saorála faisnéise. Sa chás seo, níor ghlac mé leis go raibh an HPRA ag gabháil do phróiseas pléite. Ina ionad sin, chinn mé gur eisigh sé comhfhreagras áirithe le linn dó a fhreagrachtaí rialála a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, chinn mé nach raibh feidhm ag alt 29 maidir leis na taifid. Tugtar in alt 30 díolúine lena gcosnaítear feidhmeanna agus caibidlí comhlachtaí saorála faisnéise. Ós rud é go bhfuil oibleagáid dhlíthiúil chun comhoibriú agus dul i dteagmháil leis an HPRA ar ghnólachtaí atá ag gabháil do thástáil ainmnithe chun críocha eolaíocha, níor ghlac mé leis an argóint ón HPRA go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis, dá scaoilfí na taifid a bhí i gceist, go ndéanfaí dochar nó díobháil dá éifeachtaí a bheadh imscrúduithe ar ghnólachtaí den sórt sin amach anseo. Mar an gcéanna, chinn mé nár thaispeáin an HPRA go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis, dá scaoilfí na taifid, go ndéanfaí dochar don soláthar faisnéise ó ghnólachtaí taighde amach anseo. Dá bhrí sin, tháinig mé ar an gconclúid nach raibh feidhm ag alt 35(1)(a), lena gcosnaítear faisnéis a thugtar do chomhlacht poiblí i modh rúin.

Tugtar in alt 32(1)(b) díolúine lena gcosnaítear taifid a d'fhéadfaí le réasún a bheith ag súil leis go gcuirfí beatha nó sábháilteacht aon duine i mbaol dá scaoilfí iad. Thug mé faoi deara go bhfuil taighde eolaíoch ar ainmnithe ina shaincheist an-chonspóideach a bhfuil tuairimí láidre ag a lán daoine ina leith. Cé gur ghlac mé leis gur síochánta go hiomlán atá formhór mór na ndaoine atá in aghaidh ainmnithe a úsáid chun críocha taighde, ba dheimhin liom go bhféadfadh go mbeadh mionlach beag ann atá toilteanach foréigean a úsáid in aghaidh daoine atá ag gabháil do thaighde den sórt sin.

Dá bhrí sin, ghlac mé leis, dá scaoilfí faisnéis inar nochtadh láthair na n-institiúidí taighde agus aitheantas daoine aonair a raibh baint acu le taighde den sórt sin agus a bhí ag gabháil do chigireachtaí den sórt sin, go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis go gcuirfí beatha nó sábháilteacht na ndaoine sin i mbaol. Cé gur ordaigh mé go scaoilfí formhór na faisnéise a bhí sna tuarascálacha cigireachta, bhí sé sin faoi réir faisnéis áirithe a chur in eagar ar dtús. B'ionann an fhaisnéis sin agus faisnéis a bhféadfadh go gcumasófaí léi na gnólachtaí

taighde nó na daoine aonair a raibh baint acu le taighde den sórt sin nó a bhí ag gabháil do chigireacht a dhéanamh ar ghnólachtaí den sórt sin a aithint.

[Tabhair faoi deara: Rinne an HPRA achomharc in aghaidh na breithe seo chuig an Ard-Chúirt.]

Seán McCárthaigh ó The Times agus An Garda Síochána – Cás 160196

Sa chás seo, d'iarr an t-iarratasóir rochtain ar thaifid ar sholáthar foirne an Gharda Síochána ar leibhéal focheantair amhail an 31 Nollaig 2015. D'áitigh an Garda Síochána go raibh an fhaisnéis a iarradh díolmhaithe faoi alt 32(1)(a), rud lena dtugtar díolúine lánroghnach dhocharbhunaithe a bhfuil feidhm aici i gcásanna ina bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis, dá dtabharfaí rochtain ar an taifead lena mbaineann, go ndéanfaí dochar nó díobháil do ghnéithe áirithe d'fhorfheidhmiú an dlí agus do shábháilteacht an phobail. Mhaígh an Garda Síochána gurbh amhlaidh, dá nochtfaí taifid ar a sholáthar foirne ar leibhéal focheantair, go nochtfaí faisnéis mhionsonraithe oibríochtúil póilíneachta, rud lena gcumasófaí measúnú ar na hinniúlachtaí oibríochtúla póilíneachta atá ann in aon láthair ag aon am ar leith. Dhéanfaí dochar agus díobháil do shábháilteacht phearsanta na nGardaí agus dá gcumas chun modhanna a úsáid chun gníomhaíocht choiriúil a chosc agus chuirfí an pobal áitiúil i mbaol babhtaí coireachta dá bharr sin.

Cé gur aithin mé go bhfuil saineolas uathúil ag an nGarda Síochána ar fhorfheidhmiú an dlí agus ar ghníomhaíocht choiriúil a chosc, chinn mé nár taispeánadh sa bhreith athbhreithnithe inmheánaigh uaidh gurbh amhlaidh, dá nochtfaí an fhaisnéis a iarradh, go gcumasófaí measúnú cruinn ar na hinniúlachtaí oibríochtúla póilíneachta atá ann in aon láthair ag aon am ar leith. Thug mé faoi deara freisin gur cuireadh faisnéis den chineál céanna ar fáil sa réimse poiblí san am atá thart, lena n-áirítear faisnéis a chuir an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais roimhe seo ar fáil i mí Iúil 2013, agus nach ndearnadh aon argóint gur tháinig an dochar a samhlaíodh chun cinn. Tháinig mé ar an gconclúid gur mhainnigh an Garda Síochána a thaispeáint go raibh údar aige le diúltú géilleadh do rochtain ar an bhfaisnéis a d'iarr an t-iarratasóir, agus d'ordaigh mé go scaoilfí an fhaisnéis chuige.

X Uas. agus Ospidéal an Rotunda - Cás 150389

Rinne an t-iarratasóir iarraidh ar aon taifid a bhí i seilbh Ospidéal an Rotunda maidir lena mac nach maireann. Rugadh a mac sa bhaile sa bhliain 1960, le cuidiú ó mhná cabhrach ón Ospidéal. Ar an drochuair, fuair sé bás san Ospidéal níos déanaí an lá sin.

D'aimsigh an tOspidéal líon beag taifead iomchuí agus scaoil sé chuig an iarratasóir iad. D'iarr an t-iarratasóir go ndéanfadh an Oifig seo athbhreithniú ar an gcás toisc nach raibh sí sásta le méid na dtaifead a aimsíodh. Bhí sí míshásta go háirithe nach rabhthas in ann cairt phéidiatraiceach a aimsiú.

Mhaígh an tOspidéal go mbeadh an chairt péidiatraiceach, dá mbeadh sí ann, le fáil i mbosca ar leith i gcartlann sheachtrach. Luaigh an tOspidéal gurb amhlaidh, le linn dó comhad cartlannaithe a chuardach, gur gnách leis iarraidh ar an gcuideachta cartlainne seachtraí an bosca ar dhóigh go mbeadh an comhad le fáil ann a sheiceáil. Mura n-aimsíonn an chuideachta an comhad ansin, is gnách leis an Ospidéal a iarraidh go seachadfaí an bosca lena mbaineann chuig an Ospidéal ionas gur féidir lena bhaill foirne é a sheiceáil an athuir. Luadh san aighneacht ón Ospidéal gur “iarr sé” agus gur “athbhreithnigh sé” gach comhad sa bhosca iomchuí agus nár éirigh leis teacht ar an gcomhad.

Ar mholadh ón Oifig seo, chuardaigh an tOspidéal dhá bhosca shonracha eile a raibh cairteacha péidiatraiceacha cartlannaithe iontu chun a chinntiú nár cuireadh an chairt sa bhosca mhícheart. Aimsíodh an chairt péidiatraiceach sa bhosca ceart ina dhiaidh sin, áfach. Is cosúil gur thug an tOspidéal an uimhir bhosca mhícheart don chuideachta cartlainne ag an tús agus gur sheiceáil an chuideachta an bosca mícheart dá bharr sin. Ina theannta sin, níor aisghabh an tOspidéal an bosca ceart ón gcuideachta cartlainne agus mhainnigh an t-athbhreithneoir inmheánach athbhreithniú a dhéanamh ar na cuardaigh a rinneadh ar an gcomhad péidiatraiceach. Ar deireadh, d’ullmhaigh an tOspidéal an aighneacht uaidh chuig an Oifig seo ar an toimhde gur cloíodh leis na nósanna imeachta atá i bhfeidhm aige le haghaidh boscaí atá á sealbhú i gcartlanna seachtracha a chuardach agus a aisghabháil.

Bhuail Imscrúdaitheoir ón Oifig seo leis an Ospidéal chun plé a dhéanamh ar an méid a tharla agus chun spotseiceáil a dhéanamh ar roinnt taifead eile ar maíodh san aighneacht ón Ospidéal gur cuardaíodh iad. De bhun an chruinnithe sin, ba dheimhin liom nár aimsíodh an comhad péidiatraiceach ag an tús mar gheall ar earráid a d’fhéadfadh aon duine a dhéanamh. Mar sin féin, rinneadh an scéal níos measa fós mar gheall ar an mainneachtain cloí le nósanna imeachta agus mar gheall ar na toimhdí a rinneadh.

Thug an tOspidéal míniú an-mhacánta don Oifig seo ar na cúiseanna leis an moill ar an gcairt a aimsiú. Chomhoibrigh baill foirne an Ospidéil go hiomlán leis an athbhreithniú seo. Ghabh an tOspidéal a leithscéal as na hearráidí a rinneadh. Gheall sé don Oifig seo go ndéanfadh sé athbhreithniú ar a nósanna imeachta le haghaidh taifid a chuardach agus, go háirithe, go gcloífeadh sé lena nósanna imeachta féin le haghaidh taifid atá cartlannaithe go seachtrach a sheiceáil. Dúirt sé freisin go gcinnteodh sé go ndéanfaidh athbhreithneoirí inmheánacha athbhreithniú ar gach gné den achomharc atá os a gcomhar as seo amach (rud nach ndéanann siad de ghnáth, dar leis an Ospidéal). Dá réir sin, ní dóigh liom go dtiocfaidh fadhbanna den chineál céanna chun cinn an athuir in athbhreithnithe amach anseo. Ba cheart dom a rá freisin go bhfuil an-aird tugtha ag an Ospidéal le blianta fada anuas ar na hoibleagáidí atá air faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Is deimhin liom go leanann sé le déanamh amhlaidh freisin. Ina theannta sin, ba chosúil go ndearna an tOspidéal a sheacht ndícheall chun cabhrú leis an iarratasóir sa chás seo.

Bhí líon na gcásanna a cuireadh i gcrích **34%** níos airde ná sa bhliain 2015

X Uas. agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais - Cás 160157

Sa chás seo, mhainnigh an Roinn cloí leis na spriocdhátaí le haghaidh an bhreith bhunaidh agus an bhreith athbhreithnithe inmheánaigh araon a eisiúint. Ina theannta sin, sa bhreith uaim ar an gcás a eisiódh an 25 Iúil 2016, ordaíodh don Roinn taifid áirithe a scaoileadh. Ceanglaítear le halt 24(4)(b)(ii) den Acht um Shaoráil Faisnéise ar chomhlacht poiblí taifid a scaoileadh laistigh de cheithre seachtaine ó bhreith den sórt sin a thabhairt (ach amháin i gcás go ndéanfar achomharc chuig an Ard-Chúirt, rud nach ndearna an Roinn sa chás seo).

Mar sin féin, rinne an t-iarratasóir teagmháil leis an Oifig seo i mí Mheán Fómhair chun a rá nach raibh aon taifid faighte aici go fóill. Tar éis tuilleadh teagmhála ón Oifig seo, scaoil an Roinn na taifid an 6 Deireadh Fómhair 2016. Ba cheart don Roinn, agus do gach comhlacht saorála faisnéise, a chuimhneamh go dtugtar de chumhacht dom le halt 45(8) den Acht um Shaoráil Faisnéise iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar ordú chun a cheangal go ndéanfaí de réir breith cheangailteach ón Oifig seo.

An tUas. Y agus an Phríomh-Oifig Staidrimh - Cás 150292

Dhiúltaigh an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS) géilleadh d'iarraidh an iarratasóra ar rochtain ar fhaisnéis maidir leis a bhí sna foirmeacha Daonáirimh do na blianta 2006 agus 2011. Bhunaigh POS an diúltú sin ar fhoráil atá san Acht Staidrimh, 1993. Faoi alt 41(1)(b) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, ní mór do chomhlacht poiblí diúltú géilleadh d'iarraidh i gcás go bhfuil neamhnochtadh an taifid údaraithe le haon achtachán seachas foráil a shonraítear i Sceideal 3 den Acht agus gur cás é ina ndiúltódh an comhlacht, de bhun an achtacháin, an taifead a nochtadh.

Bhí POS ag brath go príomha ar ailt 32 agus 33 den Acht Staidrimh, lena bhforáiltear do shrianta a chur ar úsáid faisnéise a bhailítear chun críocha staidrimh agus do thoirmeasc a chur ar nochtadh faisnéise den sórt sin.

D'áitigh POS gur croílúach an staidrimh oifigiúil í rúndacht staidrimh. D'áitigh sí freisin go bhfuil cáilíocht an staidrimh oifigiúil ag brath ar mhuinín a bheith ag an bpobal gur mar fhaisnéis rúnda a chaithfeadh le faisnéis staidrimh a chuireann daoine aonair agus gnólachtaí isteach agus nach n-úsáidfear an fhaisnéis sin ach amháin chun críocha staidrimh. Mhaígh

POS gurb é an t-aon alt den Acht Staidrimh lena bhforáiltear go sainráite do nochtadh na faisnéise ná alt 35, lena bhforáiltear do rochtain ar thaifid Daonáirimh tar éis 100 bliain. Mhaígh sí freisin go bhfuil sé mar bheartas ag POS nach scaoilfí taifid Daonáirimh roimh an tréimhse 100 bliain sin.

Tuigim go hiomlán an seasamh a ghlacann POS i leith rúndacht na faisnéise staidrimh a chuireann daoine aonair agus gnólachtaí ar fáil a chinntiú. Mar sin féin, ba é an cheist a bhí le freagairt agam anseo ná cé acu a bhí nó nach raibh údar ag POS le diúltú géilleadh do rochtain ar an bhfaisnéis a d'iarr an t-iarratasóir faoi alt 41(1)(b) den Acht um Shaoráil Faisnéise ar an bhforas go n-údaráítear neamhnochtadh na dtaifead leis an Acht Staidrimh, 1993.

Ghlac mé leis go gcuirtear le halt 33(1) den Acht Staidrimh toirmeasc ginearálta ar nochtadh faisnéise a bhailítear faoin Acht agus is féidir a chur i mbaint le duine nó le gnóthas inaitheanta. Thug mé faoi deara, áfach, nach ionann an toirmeasc sin agus dearbhthoirmeasc ar nochtadh. Foráiltear leis an alt sin nach ndéanfar aon fhaisnéis is féidir a chur i mbaint le duine nó le gnóthas inaitheanta a scaipeadh, a thaispeáint ná a chur in iúl d'aon duine ná d'aon chomhlacht, seachas le toiliú i scríbhinn ón duine sin nó ón gnóthas sin nó ó ionadaí pearsanta nó neasghaol duine éagtha.

Tháinig mé ar an tuairim go bhfuil sé soiléir i bhfoclaíocht an ailt nach mbeidh feidhm ag an toirmeasc ginearálta ar nochtadh faisnéise is féidir a chur i mbaint le duine nó le gnóthas inaitheanta i gcás gur thug an duine aonair nó an gnóthas inaitheanta nó ionadaí pearsanta nó neasghaol an duine aonair, más duine éagtha é an duine aonair, toiliú i scríbhinn go nochtfaí an fhaisnéis sin.

Dá réir sin, chinn mé nach bhfuil feidhm ag alt 41(1)(b) den Acht um Shaoráil Faisnéise sa chás seo toisc nach dearbhthoirmeasc é an toirmeasc ar nochtadh a leagtar amach san Acht Staidrimh agus nach n-údaráítear leis ach oiread do POS diúltú d'fhaisnéis aonair a bhaineann le duine aonair a nochtadh don duine aonair sin. Neamhghnách mé an bhreith ó POS agus d'ordaigh mé dó próiseas úrnua cinnteoireachta a thionól ar an iarraidh.

An tUas. X agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt - Cás 160187

Bhain an cás seo le heitleán Viscount (St. Phelim) de chuid Aer Lingus a thuairteáil i ngar don Tuscar, Co. Loch Garman, sa bhliain 1968. Cailleadh 61 dhuine de phaisinéirí agus de bhail den chriú dá bharr sin. D'iarr an t-iarratasóir rochtain ar ráitis finné a tógadh le linn imscrúduithe ar an ábhar. Ba roimh thosach feidhme na reachtaíochta um shaoráil faisnéise a tógadh cuid mhór de na ráitis finné, áfach. Má iarrann iarratasóirí rochtain ar "thaifid roimh thosach feidhme na reachtaíochta" nach mbaineann le faisnéis phearsanta maidir leis na hiarratasóirí féin, ní mór dóibh a thaispeáint gur gá nó gur fóirsteanach rochtain a fháil ar thaifid arna gcruthú tar éis an dáta sin ionas gur féidir leo taifid níos déanaí a thuiscint. Tar

éis di na taifid a athbhreithniú, chinn an Oifig seo go bhféadfaí na ráitis finné níos déanaí a thuiscint go neamhspleách ar na ráitis níos sine, agus go bhféadfaí déanamh amhlaidh gan tagairt do na ráitis níos sine, agus nach raibh aon cheart ann chun rochtain a fháil ar na ráitis níos sine. Chinn an Oifig seo ansin go raibh na ráitis finné níos déanaí díolmhaithe óna scaoileadh toisc gur chuimsigh siad fhaisnéis rúnda nó faisnéis phearsanta.

Dara Bradley, Connacht Tribune Group agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe - Cás 160047

D'iarr an Connacht Tribune ar an gComhairle faisnéis a chur ar fáil dó faoi ainm na n-óstán/na dtithe leaba is bricfeasta a bhí ag soláthar cóiríocht éigeandála do dhaoine gan dídean agus faoi na suimeanna a bhí á n-íoc leo ina leith sin. Scaoil an Chomhairle sonraí faoina caiteachas iomlán ar na hóstáin/na tithe leaba is bricfeasta don tréimhse lena mbaineann, ach dhiúltaigh sí faisnéis a thabhairt faoi ainm na n-óstán/na dtithe leaba is bricfeasta agus faoi na suimeanna aonair a bhí iníoctha leo.

Sna haighneachtaí a sheol sí chuig an Oifig seo, leag an Chomhairle béim ar na dúshláin an-tromchúiseach a bhíonn le sárú aici chun cóiríocht éigeandála a sholáthar do dhaoine gan dídean. Sa bhreith uaim, chuir mé in iúl go láidir gur thuig mé go maith tromchúis na staide tithíochta, ach gur ghá dom an t-ábhar a bhreithniú faoi chuimsiú an Achta um Shaoráil Faisnéise.

Maidir leis sin, níor ghlac mé leis go bhféadfadh scaoileadh na faisnéise lena mbaineann dochar tromchúiseach a dhéanamh d'fheidhmeanna na Comhairle. Ceann de na cúiseanna taobh thiar den tuairim sin ba ea nár chuir ceann ar bith de na hóstáin/na tithe leaba is bricfeasta in iúl don Oifig seo go stopfaidís ag déanamh gnó leis an gComhairle dá scaoilfí an fhaisnéis, in ainneoin gur tugadh cuireadh dóibh aighneachtaí a dhéanamh ina leith sin. Ina theannta sin, agus cé gur aithin mé an fhéidearthacht go bhféadfadh scaoileadh na faisnéise dochar a dhéanamh do staid iomaíoch na n-óstán/na dtithe leaba is bricfeasta lena mbaineann, chreid mé gur ghá an fhaisnéis sin a nochtadh chun leas an phobail. Ar mhaithe le fóiréadhearacht a sholáthar maidir le saincheisteanna luach ar airgead, bhí mé den tuairim gur ghá rochtain a thabhairt ní amháin ar an gcaiteachas iomlán ach ar líon agus ainm na n-óstán/na dtithe leaba is bricfeasta lena mbaineann agus ar an tsuim a bhí á híoc le gach ceann díobh freisin.

X Uas. agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh - Cás 150322

D'iarr an t-iarratasóir taifid na Comhairle maidir leis an gothabháil a bhí á déanamh ar shráid ar leith ar ar thit sí. Chreid an Chomhairle go raibh an fhaisnéis sin uaithi chun éileamh díobhála pearsanta a dhéanamh in aghaidh na Comhairle. Sa chomhfhreagras uaithi, thug an Chomhairle le fios nár chreid sí gur cheart, faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, rochtain a thabhairt don iarratasóir ar thaifid a d'fhéadfadh bheith ag baint le dlíthíocht amach anseo. Sa bhreith ón Oifig seo, áfach, leag sí béim ar an bhfíric nach raibh rún an

iarratasóra ábhartha maidir le cé acu a bhí nó nach raibh sí i dteideal na taifid a fháil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Thagair sí do bhreith a thug an tOmbudsman roimhe i gcás 020179 ('Eagraíocht A agus an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta'): "Níl mé ar an eolas faoi aon srianta atá ann ar an Acht um Shaoráil Faisnéise a úsáid mar bhealach chun doiciméid atá i seilbh comhlacht poiblí a fháil, i gcás go bhféadfaí na doiciméid sin a fháil ar shlí eile trí phróiseas fionnachtana". Sna cúinsí sin, chinn an Oifig seo nár thug an Chomhairle údar lena seasamh go bhféadfadh scaoileadh na dtaifead dochar a dhéanamh d'imeachtaí nó do chaibidlí amach anseo.

X Uas. agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte - Cás 160190

Bhain an cás seo le faisnéis faoi iarratais ar cheapacháin shealadacha i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Mar gheall ar chineál na faisnéise a bhí i gceist, ba cheart go mbeadh an cás seo measartha simplí. Mar sin féin, dhéileáil FSS leis an iarraidh seo ar cheann de na bealaí is measa a bhí feicthe ag an Oifig seo le blianta fada. Níor eisigh FSS aon bhreith bhunaidh ná aon bhreith athbhreithnithe inmheánaigh chuig an iarratasóir. Le linn an athbhreithnithe saorála faisnéise, ní dhearna FSS aon aighneachtaí chuig an Oifig seo ar na díolúintí ná ar thástálacha leas an phobail. Cé gur eisigh an Oifig seo fógra reachtúil chuici lena ceanglaíodh uirthi faisnéis a chur ar fáil, níor ghlac aon duine laistigh de FSS freagracht as an gcás seo. Tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí, FSS ina measc, a chinntiú go bhfuil acmhainní dóthanacha i bhfeidhm acu chun comhlíonadh na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise a éascú.

Ag deireadh na bliana 2016, bhí **95%** de na hathbhreithnithe idir lámha níos lú ná sé mhí d'aois

L Uas. agus an Roinn Airgeadais - Cás 150348

Sa chás seo, chuir an t-iarratasóir iarraidh isteach ar chomhfhreagras idir an Roinn agus lucht bainistíochta Chorpáid na hÉireann um Réiteach Bainc (IBRC) maidir leis an bpróiseas leachtachta speisialta. Mhainnigh an Roinn breith bhunaidh agus breith athbhreithnithe inmheánaigh a eisiúint laistigh de na tréimhsí ama riachtanacha.

Chuir an t-iarratasóir imní in iúl faoin dóigh ar phróiseáil an Roinn an iarraidh saorála faisnéise uathu agus faoi shaincheistean acmhainní laistigh den Roinn a bhféadfadh na moilleanna bheith inchurtha ina leith. Cé gur faoin Roinn atá sé a chinntiú go gcuireann sí

acmhainní dóthanacha ar fáil don fheidhm saorála faisnéise, thug mé faoi deara sa bhreith uaim go bhfuil riar an Achta um Shaoráil Faisnéise ina fheidhm reachtúil ar cheart an aird chéanna a thabhairt di agus a thugtar d'aon fheidhm reachtúil eile. Thug mé freisin gur tharla sé, sa fhreagra uaidh ar cheist pharlaiminteach maidir le hacmhainní agus le moilleanna, gur mhínigh an tAire Airgeadais go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na n-iarrataí chuig an Roinn ó theacht i bhfeidhm an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. Mhínigh sé freisin go raibh na hiarrataí sin leathan ó thaobh raoin de agus gur le saincheisteanna casta a bhain siad. D'fháiltigh mé roimh an ráiteas ón Aire go raibh cinnteoirí breise á gcoinneáil chun oibriú go sonrach ar an riaráiste iarrataí. D'fháiltigh mé freisin roimh an mbreith ón Roinn acmhainní breise a chur ar fáil don fheidhm saorála faisnéise, rud a raibh mé ag súil go gcabhródh sé leis an Roinn cloí leis na tréimhsí ama reachtúla sa todhchaí.

Sa bhreith uaim, áfach, rinne mé an-cháineadh ar an dóigh ar dhéileáil an Roinn leis an iarraidh seo. Foráiltear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise gurb amhlaidh, i gcás nach féidir le comhlacht saorála faisnéise cloí leis an tréimhse ama reachtúil le haghaidh breith a eisiúint, go measfar gur dhiúltaigh an comhlacht géilleadh don iarraidh agus go mbeidh an t-iarrthóir i dteideal iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú inmheánach. Mar an gcéanna, foráiltear leis an Acht gurb amhlaidh, i gcás go mainneoidh an comhlacht breith athbhreithnithe inmheánaigh a eisiúint laistigh den tréimhse ama riachtanach, go bhféadfar iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh chuig an Oifig seo. In ainneoin go raibh an Roinn faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise le beagnach ocht mbliana déag ag an am, níor chosúil go raibh sé ar an eolas faoi na forálacha sin sa chás seo.

Sa bhreith uaim, thug mé faoi deara go raibh an ceart ag an iarratasóir athbhreithniú inmheánach a lorg ar an iarraidh bhunaidh uaithe a measadh bheith diúltaithe. In ionad an iarraidh sin ar athbhreithniú inmheánach a phróiseáil, áfach, thug an Roinn fógra don Oifig seo nach bhféadfadh sí athbhreithniú inmheánach a dhéanamh laistigh den tréimhse ama riachtanach toisc nach raibh breith bhunaidh tugtha aici ar an iarraidh go fóill. Thug mé faoi deara freisin gur tharla sé, nuair a eisíodh an bhreith ar deireadh, gur airbheartaíodh í a bheith ina breith bhunaidh agus gur tairgeadh inti an ceart chun athbhreithniú inmheánach a fháil ón Roinn agus ní an ceart chun athbhreithniú a fháil ón Oifig seo. Bhí sé sin mícheart go follasach. Tharraing mé aird na Roinne ar an tacaíocht atá ar fáil do chomhlachtaí saorála faisnéise ón Láraonad Beartais sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Luaigh mé freisin go raibh mé ag súil go dtabharfadh an Roinn aird ar mo chuid ábhar imní agus go gcuirfeadh sí nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun a chinntiú nach dtiocfaidh saincheisteanna den chineál céanna chun cinn sa todhchaí.

M. Uas. agus TUSLA: an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach – Cás 160233

Bhain an cás seo le hiarratas ar thaifid phearsanta a fháil ó TUSLA: an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Dhiúltaigh TUSLA géilleadh do rochtain ar na taifid ar bhonn alt 15(1)(i) den Acht um Shaoráil Faisnéise, lena bhforáiltear go bhféadfar diúltú géilleadh do

rochtain ar thaifid i gcás gur scaoileadh iad cheana féin chuig an iarrthóir céanna agus go bhfuil na taifid ar fáil don iarrthóir lena mbaineann. Sa chás seo, bhí iarrataí curtha isteach ag an iarratasóir cheana féin ar roinnt de na taifid a bhí ina n-ábhar don athbhreithniú. Scaoileadh taifid chuici ar na hócáidí roimhe sin. Dúirt sí, áfach, nach raibh na taifid ar fáil di a thuilleadh tráth an athbhreithnithe.

Fuair an tImscrúdaitheoir Sinsearach amach nach raibh fáil ag an iarrthóir ar na taifid a scaoileadh chuici roimhe sin agus nár bh ann do na coinníollacha a bhí riachtanach chun feidhm a bheith ag an bhforáil lena mbaineann. Dá bhrí sin, chinn sé nach raibh feidhm ag alt 15(1)(i) maidir leis an gcás seo. Mar sin féin, bhí sé chomh buartha céanna le TUSLA maidir le mainneachtain an iarratasóra taifid íogaire phearsanta a chosaint. Neamhnigh sé an bhreith agus d'ordaigh sé do TUSLA breith nua a thabhairt ar an gcás.

An tUas. X agus X Uas. agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní – Cás 160078

Is gníomhaireacht a chuimsítear go páirteach faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, í an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA). Luaitear i gCuid 1(x)(iii) de Sceideal 1 den Acht nach bhfolaíonn alt 6 tagairt do NAMA, agus do ghníomhaireachtaí áirithe eile, a mhéid a bhaineann sé le taifid “maidir le ceannaitheoirí nó ceannaitheoirí ionchasacha aon sócmhainne nó iasachta nó aon sócmhainne eile lena ndéantar iasachtaí a shealbhaíonn nó a bhainistíonn aon cheann de na comhlachtaí sin a urrú”.

Bhí sé seo ar an gcéad chás riamh inar pléadh leis an gceist maidir le cé acu a tháinig nó nár tháinig faoi Sceideal 1, Cuid 1(x)(iii) den Acht um Shaoráil Faisnéise taifid maidir le díol nó le ceannachán sócmhainne lena ndearnadh iasacht a shealbhaigh nó a bhainistigh NAMA a urrú. Tháinig an cheist chun cinn i dtaca le hiarraidh ar rochtain ar thaifid a bhain le díol agus le ceannachán Eastát Mhainistir Chill Chúile i nDurlas, Co. Thiobraid Árann.

Tráth a díoladh agus a ceannaíodh é, bhí Eastát Mhainistir Chill Chúile ina shócmhainn lena ndearnadh iasacht a shealbhaigh nó a bhainistigh NAMA a urrú. Dhiúltaigh NAMA géilleadh do rochtain ar fhormhór na dtaifead lena mbaineann ar an mbonn go raibh feidhm ag Sceideal 1, Cuid (x)(iii), sa chás seo. Mar sin féin, níor chuir sé i gcoinne an údaráis a bhí agam chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar. Le linn di an t-athbhreithniú a dhéanamh, ghlac an Oifig seo leis gur chinn an tOireachtas nach bhfuil feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise maidir le NAMA i ndáil leis na taifid atá ina seilbh maidir le ceannaitheoirí nó ceannaitheoirí ionchasacha aon sócmhainne nó iasachta nó aon sócmhainne eile lena ndéantar iasachtaí a shealbhaíonn nó a bhainistíonn NAMA a urrú. Bunaithe ar scrúdú ar na taifid lena mbaineann, ba dheimhin leis an Oifig seo go raibh feidhm ag Sceideal 1, Cuid 1(x)(iii), sa chás seo, faoi mar a maíodh.

X Uas. agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil – Cás 140108

Sa chás seo, rinneadh an t-athbhreithniú faoi fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003, in ainneoin go raibh an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014, achtaithe ag an am. Foráiltear leis na forálacha idirthréimhseacha in alt 55 d'Acht 2014 gurb amhlaidh, maidir le haon ghníomh a mbeidh tús curtha leis faoi Acht 1997 ach nach mbeidh críochnaithe roimh thosach feidhme Acht 2014, go leanfar dá chomhlíonadh agus go gcríochnófar é amhail is nach n-aisghairfí Acht 1997.

I mí na Samhna 2005, dheonaigh an Stát léas do chuideachta phríobháideach faoin Acht Imeall Trágha, 1933. Bhain an léas sin le forbairt a dhéanamh ar rud ar chuir an Roinn síos air mar “mhórthionscadal bonneagair straitéisigh, is é sin, feirm ghaoithe 1100 MW (200 tuirbín) ar Bhruach Codling amach ó chósta Chontae Chill Mhantáin”. Deonaíodh ceadúnas imeall trá don chuideachta roimhe sin chun í a chumasú measúnú a dhéanamh ar a oiriúnaí atá an suíomh beartaithe in Codling do stáisiún giniúna leictreachais amach ón gcósta a thógáil. Ba é an cheist sa chás seo ná cé acu a bhí nó nach raibh údar ag an Roinn le diúltú géilleadh do rochtain ar thaifid áirithe maidir leis an tionscadal faoi alt 26 (faisnéis a fhaightear i modh rúin) agus faoi alt 27 (faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997.

Sa bhreith uaim, thug mé faoi deara nach nglacaim leis, mar riail ghinearálta, go bhféadfaí a mheas i gceart gur faisnéis rúnda í faisnéis faoi acmhainní nádúrtha agus seandálaíochta an Stáit a gceanglaítear ar cheadúnaí í a sholáthar i ndáil le forbairt bheartaithe mhórthionscadail bhonneagair lena ndéanfaí difear suntasach don chomhshaoil. Níor ghlac mé leis ach oiread go bhfuil oibleagáid ar an Stát, mar ábhar dlí, caitheamh mar fhaisnéis rúnda le faisnéis a theastaíonn uaidh chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil suíomh imeall trá ar leith atá faoi úinéireacht an Stáit oiriúnach do mhórthionscadal forbartha bonneagair amhail feirm ghaoithe. Mar an gcéanna, níor ghlac mé leis go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis gur mar ábhar rúnda a chaithfeadh an Roinn, mar ábhar dlí, le téarmaí agus coinníollacha lena rialaítear úsáid sócmhainne poiblí amhail imeall trá na tíre seo. Ina theannta sin, agus mar gheall ar an tábhacht aitheanta a bhaineann le rannpháirtíocht an phobail i gcúrsaí comhshaoil a dhéanann difear don imeall trá, níor ghlac mé leis go bhféadfadh go mbeadh oibleagáid in-fhorfheidhmithe mhuiníne ann i ndáil le faisnéis a bhaineann le dálaí comhshaoil nó leis an difear a dhéanadh gníomhaíochtaí beartaithe ar an imeall trá don chomhshaoil.

Maidir le leas an phobail, bhí aird agam ar an ngá atá ann le trédhearcacht agus le cuntasacht i ndáil le húsáid maoine poiblí agus sócmhainní poiblí, mar a aithníodh i mbreitheanna roimhe sin ón Oifig seo. Bhí aird agam freisin ar phrionsabail leas an phobail amhail oscailteacht agus trédhearcacht, ar prionsabail iad a aithnítear faoin gcóras um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil i ndáil le cúrsaí comhshaoil. Ag an am céanna, thug mé faoi deara go bhfuil sé mar chuspóir le tástáil leas an phobail cothromaíocht a bhaint amach idir leasanna atá in iomaíocht le chéile a mhéid atá siad ábhartha. Thug mé faoi

deara freisin gurb amhlaidh, tríd is tríd, nár ceapadh an tAcht um Shaoráil Faisnéise chun oibríochtaí de chuid fiontar príobháideach a chur faoi réir grinnscrúdú.

Sna cúinsí sin, d'ordaigh mé go scaoilfí na nithe seo a leanas: tuarascálacha démhíosúla ina raibh faisnéis faoi acmhainní nádúrtha agus seandálaíochta an tsuímh imeall trá lena mbaineann; taifid a bhain go díreach le téarmaí agus coinníollacha an léasa imeall trá; agus taifid a bhain le suirbhéanna áirithe réamhthógála. Ag an am céanna, d'ordaigh mé, ar bhonn alt 26(1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise, go gcosnófaí taifid áirithe eile ina raibh sonraí faoi oibríochtaí gnó na cuideachta tríú páirtí agus faoin gcur chuige a ghlac an chuideachta sin i leith an tionscadail.

An tUas. X agus Comhairle Contae na Gaillimhe – Cás 160150

Bhain an cás seo le caingean dlí a thionscain an t-iarratasóir in aghaidh na Comhairle. Ba é árachóir an Chomhairle a láimhseáil an t-ábhar seo agus socraíodh an cás lasmuigh den chúirt. Dhiúltaigh an Chomhairle géilleadh d'fhaisnéis a scaoileadh faoin tsocraíocht faoi alt 15(1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise ar an mbonn nár shealbhaigh sí aon taifid iomchuí ina raibh an fhaisnéis sin.

Ba é seasamh na Comhairle ná nach raibh aon taifead foirmiúil aici ar an tsocraíocht a comhaontaíodh agus nach raibh aon fhaisnéis aici ach oiread maidir le miondealú an airgid a íocadh toisc gurbh é a hárachóir a láimhseáil an t-éileamh ina iomláine agus gurbh é an t-árachóir sin a d'íoc an tsocraíocht.

Ba é an cheist a bhí le breithniú ag an Oifig seo ná cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí a mheas, chun críocha an Achta um Shaoráil Faisnéise, gur i seilbh na Comhairle freisin atá aon taifid iomchuí atá i seilbh árachóirí na Comhairle. Foráiltear don méid seo a leanas le halt 11(9) den Acht: aon taifead atá i seilbh soláthraí seirbhíse, measfar, chun críocha an Achta seo, má bhaineann agus a mhéid a bhaineann an taifead leis an tseirbhís, é a bheith i seilbh an chomhlachta saorála faisnéise. In alt 2, sainmhínítear soláthraí seirbhíse mar dhuine nach raibh, an tráth a rinneadh an iarraidh, ina chomhlacht saorála faisnéise nó ina chomhlacht saorála faisnéise ach ag a raibh seirbhís á soláthar le haghaidh comhlacht saorála faisnéise faoi chonradh le haghaidh seirbhísí.

Luadh i bpolasaí árachais na Comhairle go ndéanadh an t-árachóir, faoi réir teorainneacha sonraithe áirithe, an Chomhairle a shlánú ar gach suim a raibh sí faoi dhliteanas dlíthiúil i leith iad a íoc mar dhamáistí i dtaca le díobháil choirp de thaisme d'aon duine nó cailliúint maoin de thaisme nó damáiste de thaisme do mhaoín. Bhí freagracht ar an árachóir as freastal ar gach costas agus speansas dlíthíochta ar aisghabh an t-éilitheoir iad i dtaca le haon timpiste a raibh feidhm ag an tslánaíocht atá curtha in iúl sa pholasaí ina leith. Bhí an méid sin faoi réir teorainneacha sonraithe freisin. Foráladh sa pholasaí freisin go mbeadh an t-árachóir i dteideal aon éileamh a thógáil ar láimh nó a láimhseáil in ainm na Comhairle

chun a thairbhe féin agus go mbeadh lánrogha aige le linn dó aon imeachtaí a sheoladh agus aon éileamh a shocrú.

Tháinig an Oifig seo ar an tuairim gurbh i seilbh an árachóra ina cheart féin a bhí aon taifid a bhí ina seilbh maidir le héileamh an iarratasóra. Ba é a bhí i gceist leis an gconradh a ndeachaigh an Chomhairle isteach ann lena hárachóir ná go ndearna an t-árachóir an Chomhairle a shlánú ar éilimh bhailí. Ba faoin árachóir amháin a bhí sé a chinneadh conas a phróiseálfadh sé na héilimh sin. Ní raibh aon ról ag an gComhairle in ábhair den sórt sin. Ar an gcúis sin, níor ghlac an Oifig seo leis go bhféadfaí le réasún a rá, i gcomhthéacs an Achta um Shaoráil Faisnéise, gur bhain taifid maidir leis an dóigh ar próiseáladh éileamh an iarratasóra - ar thaifid iad a bhféadfadh go mbeidís i seilbh an árachóra - le seirbhís a bhí á soláthar ag soláthraí seirbhíse le haghaidh na Comhairle faoi chonradh le haghaidh seirbhísí. Dá bhrí sin, chinn an Oifig seo nach raibh feidhm ag alt 11(9) sa chás seo agus go raibh údar ag an gComhairle le diúltú géilleadh don iarraidh ar an bhforas nár shealbhaigh sí aon taifid iomchuí.

Caibidil 4:

Staitisticí



Caibidil 4: Staitisticí

Roinn I - Comhlachtaí Poiblí – 2016

Tábla 1:	Forbhreathnú ar iarratais saorála faisnéise ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo
Tábla 2:	Iarratais saorála faisnéise ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo agus a rinneadh a achomharc ina dhiaidh sin
Tábla 3:	Iarratais saorála faisnéise a fuarthas, anailís de réir chineál iarratasóra
Tábla 4:	Torthaí ar iarrataí saoráil faisnéise ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo
Tábla 5:	Anailís ar iarratais ar dhéileáil earnáil na seirbhíse poiblí leo
Tábla 6:	Iarratais shaorála faisnéise a fuair ranna/oifigí na státseirbhíse
Tábla 7:	Iarratais saorála faisnéise a fuair údarais áitiúla
Tábla 8:	Iarratais saorála faisnéise a fuair feidhmeannacht na seirbhíse sláinte (FSS)
Tábla 9:	Iarratais saorála faisnéise a fuair ospidéal dheonacha, rialaitheoirí na seirbhísí meabhairshláinte agus gníomhaireachtaí gaolmhara
Tábla 10:	Iarratais saorála faisnéise a fuair comhlachtaí oideachais tríú leibhéal
Tábla 11:	Iarratais saorála faisnéise a fuair comhlachtaí eile

Figiúirí do na tablaí thuas arna soláthar ag An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Grúpa Idirchaidrimh Saorála Faisnéise na nÚdarás Áitiúil, an Roinn Sláinte, Cónaidhm Náisiúnta na gComhlachtaí Saorálacha, an Grúpa Idirchaidrimh don Earnáil Ard-Oideachais agus arna dtiomsú ag Oifig an Choimisinéara Faisnéise.

Roinn II - Oifig an Choimisinéara Faisnéise - 2016

- Tábla 12: Anailís ar iarratais ar athbhreithnithe a fuarthas
- Tábla 13: Anailís ar chásanna athbhreithnithe
- Tábla 14: Iarratais ar athbhreithnithe ar glacadh leo i 2016 - de réir comhlacht poiblí
- Tábla 15: Toradh athbhreithnithe críochnaithe - comparáid trí bliana
- Tábla 16: Ábhar na niarratas ar athbhreithniú ar glacadh leo – comparáid trí bliana
- Tábla 17: Iarratais ar glacadh leo de réir cineáil - comparáid trí bliana
- Tábla 18: Gnathfhiosruithe
- Tábla 19: Iarrataí a mheastar a bheith diúltaithe de bharr nár thug comhlachtaí poiblí freagra orthu

Roinn I - Comhlachtaí Poiblí – 2016

Tábla 1: Forbhreathnú ar iarratais saorála faisnéise ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo

Iarratais idir lámha - 01/01/2016	5,337
Iarratais a fuarthas i 2016	
Pearsanta	18,119
Neamhphearsanta	12,031
Measctha	267
Iomlán	30,417
Iomlán na n-iarratas idir lámha le linn na bliana	35,754
Iarratais ar déileáladh leo	29,736
Iarratais idir lámha - 31/12/2016	6,018

Tábla 2: Iarratais saorála faisnéise ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo agus a rinneadh a achomharc ina dhiaidh sin

	Líon	Céatadán
Iarratais saorála faisnéise ar dhéileáil	29,736	100%
Comhlachtaí poiblí leo athbhreithnithe inmheánacha	987	3%
A fuair comhlachtaí poiblí iarratais ar ghlac an Coimisinéir leo	440	1.5%

Tábla 3: Iarratais saorála faisnéise a fuarthas, anailís de réir chineál iarratasóra

Iarratasóirí	Líon	Céatadán
Iriseoirí	6,819	22%
Lucht gnó	1,518	5%
Comhaltaí den Oireachtas	503	2%
Baill foirne comhlachtaí poiblí	789	3%
Cliaint foirne comhlachtaí poiblí	15,551	51%

Eile	5,237	17%
Iomlán	30,417	100%

Tábla 4: Torthaí ar iarrataí saoráil faisnéise ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo

Iarratasóirí	Líon	Céatadán
Iarratais a géilleadh dóibh	15,073	51%
Iarratais a géilleadh dóibh i bpáirt	6,665	22%
Iarratais a diúltaíodh dóibh	4,008	13%
Iarratais a aistríodh chuig an gcomhlacht cuí	553	2%
Iarratais a tarraingíodh siar nó a láimhseáileadh lasmuigh de shaoráil faisnéise	3,437	12%
Iomlán	29,736	100%

Tábla 5: Anailís ar iarratais ar dhéileáil earnáil na seirbhíse poiblí leo

	Céatadán dár géilleadh	Céatadán dár géilleadh ibpáirt	Céatadán a diúltaíodh	Céatadán a aistríodh	Céatadán a tarraingíodh siar nó a láimhsíodh lasmuigh de raon an Achta
Ranna/Oifigí Státseirbhíse	31%	33%	19%	3%	14%
Údaráis Áitiúla	47%	25%	22%	1%	5%
FSS	68%	15%	6%	1%	10%
Ospidéal Shaorálacha, Seirbhísí Sláinte Meabhracha agus Gníomhaireachtaí Gaolmhara Eile	73%	6%	7%	2%	12%
Institiúdí Tríú Leibhéal	51%	25%	12%	0%	12%
Comhlachtaí Eile	56%	27%	11%	0%	6%

Tábla 6: Iarratais shaorála faisnéise a fuair ranna/oifigí na státseirbhíse

Rannóg/Oifig na Státseirbhíse	Pearsanta	Neamh- phearsanta	Measctha	Iomlán
An Roinn Coimirce Sóisialaí	1,848	231	10	2,089
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	312	269	2	583
An Roinn Oideachais agus Scileanna	155	334	5	494
An Roinn Airgeadais	4	401	0	405
An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil	7	384	2	393
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	91	258	0	349
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	138	208	1	347
An Roinn Sláinte	12	301	0	313
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	17	285	0	302
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	87	211	0	298
Roinn an Taoisigh	5	270	0	275
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	22	192	0	214
An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta	5	164	0	169
An Roinn Post, Fiontar, agus Nuálaíochta	29	134	0	163
An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil	3	156	0	159
An Roinn Cosanta	18	102	0	120
Oifig na nOibreacha Poiblí	5	113	1	119
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí	2	82	0	84
Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí	0	16	0	16
Oifig an Ombudsman	11	4	0	15
Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí	3	8	0	11
Oifig an Choimisinéara Faisnéise	0	2	1	3
Iomlán	2,774	4,125	22	6,921

Tábla 7: Iarratais saorála faisnéise a fuair údaráis áitiúla

Údaráis Áitiúil	Pearsanta	Neamh- phearsanta	Measctha	Iomlán
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	163	349	0	512
Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas	69	117	0	186
Comhairle Chontae Chorcaí	1	175	0	176
Comhairle Chontae Dhún Laoghaire-Rath an Dúin	27	148	1	176
Comhairle Chontae Fhine Gall	18	157	0	175
Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh	45	112	0	157
Comhairle Chontae Ros Comáin	5	141	4	150
Comhairle Cathrach Chorcaí	30	119	0	149
Comhairle Chontae na Gaillimhe	2	138	6	146
Comhairle Chontae na Mí	19	119	0	138
Comhairle Chontae an Chláir	17	106	5	128
Comhairle Chontae Chill Chainnigh	3	124	0	127
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	21	100	1	122
Comhairle Chontae Lú	40	80	0	120
Comhairle Chontae Mhuigh Eó	4	114	0	118
Comhairle Chontae Chill Dara	24	80	5	109
Comhairle Chontae Chill Mhantáin	9	96	1	106
Comhairle Chontae Loch Garman	27	76	0	103
Comhairle Chontae Thiobraid Árann	16	81	4	101
Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge	24	77	0	101
Comhairle Chontae Dhún na Gall	16	83	0	99
Comhairle Chontae Chiarraí	8	86	0	94
Comhairle Chontae Liatroma	3	83	0	86
Comhairle Chontae Longfoirt	3	81	0	84
Comhairle Chontae Mhuineacháin	4	79	0	83
Comhairle Chontae an Chabháin	4	75	0	79
Comhairle Chontae Cheatharlocha	4	68	0	72
Comhairle Chontae Uibh Fhailí	9	60	0	69
Comhairle Chontae na h-Iarmhí	6	62	1	69
Comhairle Chontae Laoise	10	55	0	65

Comhairle Chontae Shligigh	12	52	0	64
Iomlán	643	3,293	28	3,964
Comhthionóil Réigiúnda	0	3	0	3

Tábla 8: Iarratais um SF a fuair FSS (seachas gníomhaireachtaí áirithe a chlúdaítear i dTábla 9)

Limistéar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*	Pearsanta	Neamh-phearsanta	Measctha	Iomlán
FSS Deisceart	3,197	79	9	3,285
FSS Iarthair	2,688	269	1	2,958
FSS Baile Átha Cliath Thoir-Thuaidh	938	109	3	1,050
FSS Baile Átha Cliath-Lar Laighean	791	57	1	849
Iarrataí Náisiúnta	0	577	0	577
Iomlán	7,614	1,091	14	8,719

*De réir struchtúr réigiúnach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Tábla 9: Iarratais um SF a fuair ospidéal dheonacha, rialaitheoirí na seirbhísí meabhairshláinte agus gníomhaireachtaí gaolmhara

Ospidéal/Seirbhís/Gníomhaireacht	Pearsanta	Neamh-phearsanta	Measctha	Iomlán
Ospidéal Thamhlachta	801	33	0	834
TUSLA: An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach	733	92	2	827
Ospidéal Naoimh Shéamais	555	27	3	585
Ospidéal Beaumont	341	52	0	393
Ospidéal Mater Misericordiae	334	25	0	359
Ospidéal Mhuire do Leanaí Breoite, Cromghlinn	285	35	0	320
Ospidéal Rotunda	250	38	0	288
Ospidéal na hOllscoile Naoimh Uinseann	237	33	1	271
Ospidéal Naoimh Eoin, Luimneach	203	15	0	218
Ospidéal na Leanaí, Sráid an Teampaill	171	30	0	201

Ospidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid Holles	164	16	0	180
Ollscoil Otharlann an Deiscirt - Ospidéal VICTEORIA, Corcaigh	155	20	0	175
Ospidéal Ban an Chúm	123	11	0	134
Ospidéal Náisiúnta Ortaipéideach Cheapach	102	0	22	124
Ospidéal na hOllscoile na Trócaire, Corcaigh	94	22	0	116
Ord Spidiléirí N. Eoin Dé	69	0	0	69
Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin, Dún Laoghaire	54	1	0	55
An Lárchlinic Feabhais	45	9	0	54
An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte	7	45	0	52
Ospidéal Naoimh Micheál, Dún Laoghaire	27	19	0	46
Comhairle na nDochtúirí Leighis	19	14	2	35
Ospidéal Ríoga VICTEORIANACH SÚL agus CLUAS	31	1	0	32
Coimisiún Meabhair-Shláinte	19	9	0	28
Ospidéal Naoimh Uinsíonn - Fionnradharc	23	3	0	26
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann	0	23	0	23
Enable Ireland	16	5	0	21
Eile	71	41	2	114
Iomlán	4,929	619	32	5,580

Tábla 10: Iarratais saorála faisnéise a fuair comhlachtaí oideachais tríú leibhéal

Comhlacht Oideachais Tríú Leibhéal	Pearsanta	Neamh-phearsanta	Measctha	Iomlán
Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	45	65	1	111
Ollscoil Luimnigh	11	92	8	111
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	36	49	0	85
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	12	50	2	64
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	5	47	2	54
Ollscois Chathair Bhaile Átha Cliath	6	42	0	48
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad	8	24	0	32
Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	9	21	1	31

Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	8	23	0	31
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge	3	20	4	27
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain	7	13	1	21
Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn	6	14	0	20
Comhlachtaí eile	11	116	3	130
Iomlán	167	576	22	765

Tábla 11: Iarratais saorála faisnéise a fuair comhlachtaí eile

Comhlacht Poiblí	Pearsanta	Neamh-phearsanta	Measctha	Iomlán
Seirbhís Phríosúin na hÉireann	682	96	0	778
An Garda Síochána	122	333	4	459
Óglaigh na hÉireann	184	80	1	265
Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh	248	0	0	248
Seirbhís Tithe an Oireachtais	8	226	0	234
An tÚdarás Náisiúnta um Shábháilteacht agus Sláinte Ceirde	10	26	136	172
RTÉ	12	154	0	166
Uisce Éireann	40	120	0	160
Seirbhís Chúirteanna na hÉireann	77	78	0	155
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	70	20	1	91
Banc Ceannais na hÉireann	7	61	2	70
Gníomhaireacht Náisiúnta um Bhainistíocht Sócmhainní	2	64	0	66
Údarás Náisiúnta Iompair	44	2	1	47
Gníomhaireacht Bainistíochta um Chisteáin Náisiúnta	4	40	1	45
An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	0	39	5	44
GFT Éireann	0	44	0	44
An Phríomh-Oifig Staidrimh	14	29	0	43
Bonneagar Iompair Éireann	1	41	0	42
An tÚdarás Clárúcháin Maoine	30	10	0	40
Eirgrid	0	36	0	36

Fiontraíocht Éireann	0	35	0	35
SOLAS	12	22	0	34
ESB Networks	6	28	0	34
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide	12	20	1	33
Caranua	20	13	0	33
Pobal	1	32	0	33
Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre	6	26	1	33
Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána	24	7	0	31
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	17	14	0	31
Fáilte Ireland	2	28	1	31
An Chomhairle Ealaíon	1	29	0	30
Coimisiún na Scrúduithe Stáit	14	16	0	30
Eile (93 chomhlacht le níos lú ná 30 iarrataisí an ceann)	206	496	22	724
Iomlán	1,876	2,265	176	4,317

Roinn II - Oifig an Choimisinéara Faisnéise - 2016

Tábla 12: Anailís ar iarratais ar athbhreithnithe a fuarthas

Iarratais ar athbhreithniú idir lámha - 01/01/2016	19
Iarratais ar athbhreithniú a fuarthas i 2016	577
Iomlán na n-iarratas ar athbhreithniú idir lámha i 2016	596
Scoradh den iarratas	4
Iarratais neamhbhailí	91
Iarratais socraithe	12
Iarratais a tharraingíodh siar	10
Iarratais a dhiúltóidh	5
Iarratais ar glacadh leo le haghaidh athbhreithnithe i 2016	440
Iomlán na n-iarratas ar athbhreithniú a bhreithníodh i 2016	562
Iarratais ar athbhreithniú lámha - 31/12/2016	34

Tábla 13: Anailís ar chásanna athbhreithnithe

Athbhreithnithe idir lámha - 01/01/2016	125
Iarratais ar glacadh leo le haghaidh athbhreithnithe i 2016	440
Iomlán na n-athbhreithnithe idir lámha i 2016	565
Athbhreithnithe a críochnaíodh i 2016	433
Athbhreithnithe ar chuirthear ar aghaidh go 2017	132

Tábla 14: Iarratais ar athbhreithnithe ar glacadh leo i 2016 - de réir comhlacht poiblí

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte		89
FSS Deisceart	26	
FSS Iarthair	22	
FSS Iarrataisí Náisiúnta	18	
FSS Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh	14	
FSS Baile Átha Cliath Lár Laighean	9	
TUSLA: An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach		38
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais		24
RTÉ		18
Óglaigh na hÉireann		11
An Roinn Coimirce Sóisialaí		11
Seirbhís Phríosúin na hÉireann		11
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara		9
Ospidéal Naoimh Shéamais		9
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain		8
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh		8
An Garda Síochána		7
An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil		7
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath		7
Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath		6
Eile (chomhlacht le níos lú ná 6 athbhreithniú an ceann)		177
Iomlán		440

Tábla 15: Toradh athbhreithnithe críochnaithe - comparáid trí bliana

	2016		2015		2014	
Breith Dearbhaithe	179	42%	110	34%	154	45%
Breith Neamhnithe	36	8%	37	12%	17	5%
Breith Athraithe	70	16%	59	18%	31	9%
Scoradh den Iarratas	14	3%	10	3%	19	6%
Thangthas ar shocrú	88	20%	69	21%	74	22%
Tarraingthe siar	46	11%	38	12%	45	13%
Athbhreithnithe Críochnaithe	433	100%	323	100%	340	100%

Tábla 16: Ábhar na niarratas ar athbhreithniú ar glacadh leo – comparáid trí bliana

	2016		2015		2014	
Diúltú Rochtanna	403	91%	299	90%	211	84%
Agóidí ag tríú pairtithe i gcoinne scaoilte faisnéise fúthu nó arna soláthar acu	8	2%	15	5%	8	3%
Leasú ar thaifid faoi alt 9	13	3%	4	1%	7	3%
Ráiteas cúiseanna faoi alt 10	12	3%	11	3%	24	9%
Breith chun táille a ghearradh	4	1%	3	1%	2	1%
Iomlán	440	100%	332	100%	252	100%

Tábla 17: Iarratais ar glacadh leo de réir cineáil - comparáid trí bliana

	2016		2015		2014	
Pearsanta	146	33%	109	33%	110	44%
Neamhphearsanta	242	55%	167	50%	108	43%
Measctha	52	12%	56	17%	34	13%
Iomlán	440	100%	332	100%	252	100%

Tábla 18: Gnathfhiosruithe

Bliain	Líon
2016	1,307
2015	1,462
2014	1,274
2013	1,218
2012	1,262
2011	824
2010	622
2009	857
2008	1,100
2007	1,315


Tábla 19: Iarrataí a mheastar a bheith diúltaithe de bharr nár thug comhlachtaí poiblí freagra orthu

Gan Breith tugtha ar Bhuniarratais ná ar Athbhreithniú Inmheánach			
Comhlacht Poiblí	2016	2015	2014
TUSLA: An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach	20	7	3
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	8	7	3
RTÉ	8	-	-
FSS Deisceart	7	5	5
FSS Iarrataisí Náisiúnta	6	4	6
FSS Iarthair	6	7	3
Seirbhís Phríosúin na hÉireann	6	-	-
Ospidéal Naoimh Shéamais	5	-	1
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	4	4	-
Óglaigh na hÉireann	2	-	-
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	2	1	-
An Roinn Sláinte	2	-	-
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	2	-	-
FSS Baile Átha Cliath Thoir-Thuaidh	2	-	1

Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	2	1	-
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge	2	-	-
Comhlachtaí eile (le hiarratas amháin an ceann)	21		
Iomlán 2016	105		

Cuid II

An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil



Réamhrá

Is é an ról atá agam mar Choimisinéir um Fhaisnéis Chomhshaoil athbhreithniú a dhéanamh ar bhreitheanna údarás poiblí atá á n-achomharc ag iarratasóirí nach bhfuil sásta leis an toradh ar iarrataí a rinneadh faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol), 2007 go 2014. Sa bhliain 2016, phróiseáil Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Chomhshaoil (OCFC) níos mó cásanna ná riamh, agus í ag freagairt do mhéadú suntasach ar líon na n-achomharc faoi na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol ag an am céanna.

Trasuítear leis na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis faoin gcomhshaol. Cuirtear chun feidhme le Treoir 2003/4/CE an chéad cholún de Choinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil (“Coinbhinsiún Aarhus”).

Is le “faisnéis faoin gcomhshaol” atá á sealbhú ag “údarás poiblí” nó thar a cheann a bhaineann an ceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol. Tá brí shonrach leis an dá théarma sin atá sainmhínithe in airteagal 3(1) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol. Tá mo chuid breitheanna ar achomhairc críochnaitheach agus ceangailteach ar na páirtithe lena mbaineann, ach amháin i gcásanna ina ndéantar achomharc eile chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí laistigh de dhá mhí ó dháta na breithe lena mbaineann.


Cé go bhfuil OCFC scartha go dlíthiúil ó Oifig an Choimisinéara Faisnéise, foráiltear le hairteagal 12(10) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol go bhfaighidh an Coimisinéir um Fhaisnéis Chomhshaoil cúnaimh ó fhoireann Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus, dá bhrí sin, go mbeidh fáil aige ar aon acmhainní eile atá ar fáil don Oifig sin.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi fheidhmiú an chórais um rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol in Éirinn, tabhair cuairt ar ár suíomh Gréasáin ag www.ocei.ie, áit a bhfuil naisc chuig Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo ón Oifig, chuig an Lámhleabhar maidir le Nósanna Imeachta OCFC, chuig suíomh Gréasáin na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus chuig Treoir 2003/4/CE.

Achomhairc agus ceisteanna sa bhliain 2016

Bhí 27 n-achomharc idir lámha ag OCFC i dtús na bliana 2016. Díobh sin, osclaíodh 22 cheann sa bhliain 2015, osclaíodh ceithre cinn sa bhliain 2014 agus osclaíodh ceann amháin sa bhliain 2013. Fuair OCFC 52 achomharc nua sa bhliain 2016 (figiúr arbh ionann é agus líon comhcheangailte na n-achomharc a fuarthas sna blianta 2014 agus 2015). Dhún OCFC 40 cás sa bhliain 2016: thug mé 27 mbreith fhoirmiúla; bhí cúig achomharc neamhbhailí; tarraingíodh sé chás siar; agus réitíodh dhá chás.

Torthaí ar Achomhairc chuig OCFC sa tréimhse 2012-2016



Ag deireadh na bliana 2016, bhí 39 n-achomharc bhailí idir lámha ag OCFC – fuarthas 36 cinn díobh sin sa bhliain 2016 agus fuarthas na trí cinn eile sa bhliain 2015. Tá na cásanna ón mbliain 2015 á gcur ar aghaidh ag ár nImscrúdaitheoirí agus é seo á scríobh. Thuairiscigh an fhoireann go bhfuarthas 27 gceist ghinearálta faoi na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol sa bhliain 2016. Phríoiseáil an Oifig seo trí iarraidh ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol sa bhliain 2016. Bhí ceann amháin de na breitheanna sin ina ábhar d'athbhreithniú inmheánach ina dhiaidh sin.

Iarrataí a measadh a bheith diúltaithe sa bhliain 2016

Leagtar síos sna Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil teorainneacha ama socraithe inar gá d'údaráis phoiblí breitheanna ar iarrataí ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil agus breitheanna athbhreithnithe inmheánaigh a thabhairt. Meastar iarraidh a bheith diúltaithe i gcásanna ina mainníonn an t-údarás poiblí breith a eisiúint laistigh den teorainn ama iomchuí atá sonraithe sna Rialacháin (mí amháin, de ghnáth).

Sa bhliain 2016, mhainnigh ocht n-údarás phoiblí breitheanna céadchéime a thabhairt ar iarrataí ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil laistigh den tréimhse ama atá sonraithe sna Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil. Ba iad seo a leanas na húdaráis phoiblí sin: an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath; Bord Soláthair an Leictreachais; an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil; Líonraí Gáis Éireann; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; agus an Bord Forbartha Tionscail.

Sa bhliain 2016, mhainnigh seacht n-údarás phoiblí breitheanna athbhreithnithe inmheánaigh a thabhairt laistigh den tréimhse ama atá sonraithe sna Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil. Ba iad seo a leanas na húdaráis phoiblí sin: Coillte; an tSeirbhís Chúirteanna; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; EirGrid; Líonraí Gáis Éireann; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; agus Bonneagar Iompair Éireann.

Cumhachtaí faoi airteagal 12(6) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil

Foráiltear le hairteagal 12(6) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil go bhféadfaidh mé, le linn dom athbhreithniú a dhéanamh ar achomharc, ceangal a chur ar údarás poiblí faisnéis faoin gcomhshaoil a chur ar fáil dom, faisnéis faoin gcomhshaoil atá á sealbhú ag údarás poiblí a scrúdú agus cóipeanna a dhéanamh di, agus dul isteach in aon áitreabh atá á áitiú ag údarás poiblí ionas gur féidir liom faisnéis faoin gcomhshaoil a bhailiú. Tá áthas orm a thuairisciú nár ghá dom na cumhachtaí sin a chur i bhfeidhm sa bhliain 2016.

Imeachtaí Cúirte sa bhliain 2016

Redmond & Anor -v- An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil 2016/27 JR

Sa bhreith a thug mé sa chás An tUas. Jim Redmond agus Coillte Teoranta (CEI/14/0011), chinn mé nár tháinig faisnéis áirithe faoi aistriú talún faoi raon feidhme na Rialachán maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil. Tá an bhreith sin ina hábhar d'athbhreithniú breithiúnach san Ard-Chúirt faoi láthair. Tá sí liostaithe lena héisteacht an 3 Deireadh Fómhair 2017.

Minch -v- An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil [2016] IEHC 91

Sa chás An tUas. Stephen Minch agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (CEI/13/0006), chinn mé nach raibh i dtuarascáil eacnamaíoch dar teideal “Analysis of options for potential State intervention in the roll out of next-generation broadband” inti féin aon fhaisnéis faoin gcomhshaoil. Bhreithnigh mé freisin cé acu a bhí nó nach raibh sa tuarascáil sin anailísí nó toimhdí a úsáideadh faoi chuimsiú birt ar dóigh dó difear a dhéanamh don chomhshaoil (ba é an Plean Náisiúnta Leathanbhanda an beart a bhí i gceist anseo). Bhí mé den tuairim gur ró-iargúlta a bhí an nasc idir an Plean Náisiúnta Leathanbhanda agus aon difear a dhéanfaí don chomhshaoil. Dá bhrí sin, chinn mé go raibh údar ag an Roinn le diúltú géilleadh do rochtain ar an tuarascáil.

Rinne an tUas. Minch achomharc in aghaidh na breithe sin chuig an Ard-Chúirt. I mbreithiúnas uaithi an 16 Feabhra 2016, chuir an Ard-Chúirt an breithiúnas ón gCúirt Uachtarach sa chás An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní v An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil [2013] IEHC 86 i bhfeidhm, agus brí chuspóiriúil á baint aici as na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil. Bhí an Chúirt den tuairim gur áiríodh le “hanailísí agus toimhdí a úsáideadh faoi chuimsiú” birt faisnéis “atá in ann eolas a thabhairt” do chinnteoir. Bhí an Chúirt den tuairim nach bhfuil faisnéis “a úsáideadh faoi chuimsiú birt” teoranta don fhaisnéis a bhí ar fáil tráth a scríobhadh tuarascáil ar leith. Chinn an Chúirt gur mhícheart a bhí an tástáil iargúlta a cuireadh i bhfeidhm sa bhreith bhunaigh uaim toisc go raibh an tástáil féin róchúng. Go háirithe, bhí an Chúirt den tuairim nár tugadh aird sa tástáil iargúlta ar bhearta, ar chláir ná ar bheartais ar dhóigh dóibh difear a dhéanamh don chomhshaoil. Thug an Chúirt le fios gur cheart an t-ábhar a chur ar ais chuig an Oifig seo ionas go bhféadfadh sí breith nua a thabhairt air.

Rinne mé achomharc in aghaidh codanna áirithe den bhreithiúnas sin chuig an gCúirt Achomhairc. Tá an t-ábhar liostaithe lena éisteacht an 16 Meitheamh 2017.


Saincheistanna a tháinig chun cinn sa bhliain 2016

Méadú ar líon na n-achomharc a rinneadh chuig OCFC

Bunaithe ar eispéireas OCFC, is minic a bhíonn achomhairc faoi na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil níos casta agus níos déine ó thaobh acmhainní de ná achomhairc faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Le blianta beaga anuas, bhí achomhairc chuig an Oifig seo faoi réir moilleanna mar gheall ar an easpa acmhainní a bhí ar fáil. Tháinig riaráiste suntasach achomharc chun cinn dá bharr sin. Chun dul i ngleic leis an bhfadhb sin, rinne mé aighneacht rathúil buiséid chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa bhliain 2014 d’fhonn baill foirne bhreise a áirithiú chun freastal ar riachtanais oibriúcháin OCFC. Tar éis próiseas oscailte earcaíochta, ceapadh beirt Imscrúdaitheoirí i mí an Mheithimh 2015, agus é de dhualgas orthu oibriú go sonrach ar achomhairc chuig OCFC.

A bhúí leis an méadú sin ar sholáthar foirne, bhí an Oifig seo in ann líon na n-achomharc a phróiseáiltear gach bliain a mhéadú go suntasach. Sa bhliain 2016, thug mé 27 mbreith fhoirmiúla ar achomhairc (níos mó ná an líon a tugadh sna ceithre bliana roimhe le chéile). Beag beann ar an dul chun cinn sin, áfach, is amhlaidh gur tháinig méadú ar líon na gcásanna a bhí ag fanacht lena n-imscrúdú sa bhliain 2016.

Achomhairc a fuarthas faoi na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil sa tréimhse 2012-2016



Tá sé soiléir anois gurb amhlaidh, ón mbliain 2014 i leith, go bhfuil méadú níos mó ná riamh tagtha ar líon na n-iarrataí ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil atá á ndéanamh chuig údaráis phoiblí in Éirinn. De réir an staidrimh atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, rinneadh 374 iarraidh ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil chuig údaráis phoiblí in Éirinn sa bhliain 2013. Mhéadaigh an figiúr sin go 658 n-iarraidh ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil faoin mbliain 2015. Cé go bhfáiltím roimh an bhfeasacht mhéadaithe atá ag an bpobal ar an gceart atá acu chun rochtain a fháil ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil, is amhlaidh, mar gheall ar an méadú faoi dhó atá tagtha ar líon na n-iarrataí ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil, go raibh tionchar comhfhreagrach ann ar líon na n-achomharc a rinneadh chuig an Oifig seo, agus méadú 280% tagtha ar líon na n-achomharc a fuarthas ón mbliain 2014 i leith.

Mar thoradh ar an méadú suntasach sin ar an leibhéal éilimh, is léir go bhfuil easpa acmhainne ag OCFC anois chun achomhairc a phróiseáil. Go háirithe, bíonn moilleanna suntasacha ann idir an dáta a ghlactar le hachomhairc agus an dáta a bhíonn Imscrúdaitheoir de chuid OCFC ar fáil chun déileáil leo. Chun aghaidh a thabhairt air sin,

chuir mé tús leis an bpróiseas chun baill foirne bhreise a earcú ar mhaithe lena chinntiú go mbeidh mé in ann na feidhmeanna reachtúla atá agam a chomhlíonadh go héifeachtach.

Caidreamh leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

I mí Dheireadh Fómhair 2016, ghlac an tImscrúdaitheoir Sinsearach san Oifig seo páirt i nGrúpa Comhairleach maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil. Ba í an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil a d'eagraigh an grúpa sin. Bhí an grúpa comhdhéanta de gheallsealbhóirí seachtracha agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha agus dhírigh sé ar na feabhsuithe agus ar na hathchóirithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an dlí náisiúnta maidir le rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil.

Rinne an Roinn imeacht oiliúna maidir le rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil a réachtáil do bhaill foirne údaráis phoiblí i mí Dheireadh Fómhair freisin. Le linn an imeachta sin, thug Imscrúdaitheoir ón Oifig seo cur i láthair maidir le breitheanna achomhairc ó OCFC agus tharraing sé aird na rannpháirtithe ar na hacmhainní atá ar fáil ar líne. Faoi mar a tharla i mblianta roimhe sin, soláthraíodh faisnéis shoiléir úsáideach faoi na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil do bhaill foirne údaráis phoiblí le linn an imeachta oiliúna. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Roinn as an obair leanúnach a dhéanann sí ina leith sin.

Táim ag tnúth le hobair i gcomhar leis an Roinn an athuir sa bhliain 2017 chun treoirínte athbhreithnithe a fhoilsiú maidir le rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil agus chun freastal ar shaincheisteanna eile a bhfuil leas frithpháirteach againn iontu.

Teachtaireacht chuig an gCoiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus (ACCC/C/2016/141)

I mí Lúnasa 2016, rinne Right to Know CLG (grúpa abhcóideachta Éireannach atá ag plé le rochtain an phobail ar fhaisnéis) teachtaireacht a sheoladh chuig an gCoiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus (ACCC/C/2016/141) maidir le gnéithe den dóigh a raibh Éire ag comhlíonadh an Choinbhinsiúin. Rinneadh tagairt sa teachtaireacht sin do mhoilleanna ar an am a thóg sé ar OCFC chun achomhairc faoi na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil a phróiseáil. Pléadh nósanna imeachta OCFC sa teachtaireacht freisin. Is í an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil atá freagrach as ráitis a chur faoi bhráid an Choiste um Chomhlíonadh i leith na teachtaireachta sin. Sholáthair an Oifig seo faisnéis don Roinn faoin obair a dhéanann OCFC, agus é mar aidhm aici bonn eolais a chur faoi na ráitis ón Roinn. Coinneoidh mé súil ar an bpróiseas sin de réir mar is cuí.

Breithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa bhliain 2016

Le hairteagal 10(1) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil, cuirtear cosc ar eisceachtaí áirithe ó nochtadh a chur i bhfeidhm i gcás go mbaineann iarraidh “le faisnéis faoi astaíochtaí isteach sa chomhshaoil.”

Sna breithiúnais uathí sna cásanna Bayer CropScience SA-NV, Stichting De Bijenstichting v College voor de toelating van gewasbeschermingsmiddelen en biociden (Cás C-442/14) agus An Coimisiún v Stichting Greenpeace Nederland agus PAN Europe (Cás C-673/13 P), thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh soiléiriú maidir leis an mbrí atá le “hastáíochtaí isteach sa chomhshaoil”, de réir mar a bhaineann siad le táirgí cosanta plandaí agus le bithicídí. Bhí an Chúirt den tuairim go gcumhdaítear leis an téarma “astaíochtaí isteach sa chomhshaoil” scaoileadh substaintí iarbhír nó intuartha faoi ghnáthdhálaí úsáide nó faoi dhálaí úsáide réalaíocha. Níor theorannaigh an Chúirt coincheap na n-astaíochtaí do na hastaíochtaí sin ó ionaid thionsclaíocha.

Bhí an Chúirt den tuairim go n-áirítear le faisnéis faoi “astaíochtaí isteach sa chomhshaoil” faisnéis faoi chineál, comhdhéanamh, cainníocht, dáta agus áit na n-astaíochtaí, mar aon le faisnéis lena gcumasaítear don phobal a sheiceáil cé acu atá measúnacht oifigiúil ar astaíochtaí iarbhír nó intuartha ceart nó nach bhfuil. De réir na Cúirte, áirítear léi freisin faisnéis lena gcumasaítear don phobal sonraí faoi na hiarmhairtí a bheidh ag na hastaíochtaí lena mbaineann ar an gcomhshaoil idir an meántearma agus an fadtearma agus faisnéis faoi fhuíll astaíochtaí agus faoi ghluaiseacht astaíochtaí a sheiceáil.

I gcás C-673/13 P, chuir an Chúirt an cinneadh roimhe sin ón gCúirt Ghinearálta i leataobh, rud ina bhfuarthas amach go n-áirítear le faisnéis a bhaineann le hastaíochtaí faisnéis atá nasctha “ar bhealach sách díreach” le hastaíochtaí den sórt sin. Ina ionad sin, tháinig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar an tuairim gur gá, maidir le faisnéis a bhaineann le hastaíochtaí, go bpléitear inti leis na hastaíochtaí atá i gceist agus gur gá go bhfuil sí ábhartha maidir le hastaíochtaí den sórt sin agus nach n-áirítear léi faisnéis ag a bhfuil aon nasc, bíodh sé díreach nó indíreach, le hastaíochtaí isteach sa chomhshaoil.

Breitheanna suntasacha sa bhliain 2016

Achoimre ar na torthaí ar bhreitheanna sa bhliain 2016

Sa bhliain 2016, thug mé 27 mbreith fhoirmiúla ar achomhairc faoi na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil. Chinn mé i 19 gcinn de na cásanna sin nach raibh údar ann (go pointe éigin) le diúltú géilleadh d’iarraidh. In 12 cheann de na 27 mbreith, chuir mé ceangal ar an údarás poiblí lena mbaineann rochtain a chur ar fáil dom ar chuid den fhaisnéis faoin gcomhshaoil a iarradh nó ar an bhfaisnéis sin ar fad. Luaigh mé i 9 gcás gur cheart don údarás poiblí breith nua a thabhairt ar an iarraidh. I gcás 8 n-achomharc, chinn mé go raibh údar iomlán ann leis an diúltú géilleadh d’iarrataí na n-achomharcóirí (cé nár

aontaigh mé leis an údarás poiblí lena mbaineann maidir leis na cúiseanna leis an diúltú i ngach cás). Tá gach ceann de na breitheanna a thug mé sa bhliain 2016 foilsithe ar shuíomh Gréasáin OCFC.

Tá na cásanna seo a leanas ina samplaí suntasacha de bhreitheanna a thug mé sa bhliain 2016 agus inar chuir mé ceangal ar údarás phoiblí faisnéis faoin gcomhshaol a chur ar fáil d'iarratasóirí.

Sa chás Cuan na Gaillimhe in aghaidh Cliabháin Bhradán agus Foras na Mara (CEI/15/0013), bhreithnigh mé iarraidh ar rochtain ar fhaisnéis faoi ghalar paincréasach i measc bradán feirme. Chinn mé gur mhó an leas pobail i rialáil thrédhearcach an tionscail feirmeoireachta éisc ná na leasanna tráchtála a bhí ag gabháil leis an diúltú géilleadh don iarraidh ón achomharcóir. Chuir mé ceangal ar Fhoras na Mara rochtain a chur ar fáil ar an bhfaisnéis a iarradh.

Sa chás Francis Clauson agus Líonraí BSL Teoranta (CEI/15/0029), rinne mé breithniú ar iarraidh ar fhaisnéis faoin aschur cumhachta ó shaoráid giniúna leictreachais. Bhí an fhaisnéis sin i seilbh Líonraí BSL, rud arb é an t-údarás reachtúil atá freagrach as an gcóras náisiúnta dáilte cumhachta é. Cé go ndéanfadh nochtadh na faisnéise lena mbaineann dochar do rúndacht tráchtála agus thionsclaíoch, chinn mé gur mhó leas láidir an phobail in oibriú thrédhearcach an bheartais fuinnimh in-athnuaite agus meicníochtaí gaolmhara tacaíochta praghsanna ná an leas sin i rúndacht.

Sa chás Fand Cooney agus Líonraí BSL Teoranta (CEI/15/0002), rinne mé athbhreithniú ar dhiúltú ó Líonraí BSL géilleadh do rochtain ar fhaisnéis faoi thionscadal tarchuir chumhachta i bPort Laoise. Rinne mé athbhreithniú ar dhoiciméad "breithmheasa infheistíochta" ar an tionscadal agus fuair mé amach gur chuimsigh sé faisnéis faoin gcomhshaol (mar atá sainmhínithe sna Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol). Chinn mé nach raibh oibleagáid ar Líonraí BSL faisnéis a nochtadh faoi chostas an tionscadail toisc go ndéanfadh sé sin dochar do rúndacht tráchtála. Beag beann ar an mbreith sin, chuir mé ceangal ar Líonraí BSL codanna eile den doiciméad breithmheasa a chur ar fáil don achomharcóir, ar chodanna iad nach raibh feidhm ag rúndacht tráchtála ina leith.

Sa chás Damien McCallig agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (CEI/15/0032), rinne mé athbhreithniú ar an diúltú ón Roinn géilleadh do rochtain ar shonraí samhaltaithe a úsáideadh mar bhonn eolais faoi fhorbairt an bheartais fuinnimh ghaoithe. D'áitigh an Roinn gur bhain an fhaisnéis sin le próiseas breithniúcháin a bhí fós ar siúl ag an am. Bhí sí den tuairim go ndéanfadh nochtadh na faisnéise dochar do rúndacht imeachtaí údarás poiblí chun críocha airteagal 8(a)(iv). Tháinig mé ar an tuairim nár nochtadh an toradh ar an bpróiseas sin san fhaisnéis a bhí i gceist. Dá bhrí sin, chinn mé nár dhóigh go ndéanfadh eisiúint na faisnéise dochar do phróiseas cinnteoireachta. Thug mé faoi deara freisin an leas láidir pobail a bhaineann le deis a bheith ag daoine den phobal aighneachtaí eolacha a dhéanamh ar bhreitheanna comhshaoil.

Iarrataí atá míréasúnta go follasach agus iarrataí atá curtha in iúl i dtéarmaí róginearálta

Sa bhliain 2016, bhain roinnt achomharc a fuarthas le hiarrataí a bhí curtha in iúl i dtéarmaí róginearálta agus le hiarrataí a bhí míréasúnta go follasach maidir leis an méid agus an raon faisnéise atá á iarraidh. Foráiltear le hairteagail 9(2)(a) agus (b) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil go bhféadfaidh údaráis phoiblí diúltú géilleadh d'iarrataí den sórt sin. Nuair is cuí, ba cheart d'údaráis phoiblí breithniú a dhéanamh ar na forais sin le diúltú mar réamhábhair le linn dóibh iarrataí ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil a phróiseáil.

Iarrataí atá curtha in iúl i dtéarmaí róginearálta

Faoi airteagal 7(8) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil, is amhlaidh, i gcás go bhfuil iarraidh curtha in iúl i dtéarmaí róginearálta, go bhfuil oibleagáid ar an údarás poiblí lena mbaineann cuireadh a thabhairt don iarratasóir iarraidh níos sonraí a dhéanamh a luaithe is féidir. Ní mór don údarás cúnamh a thairiscint don iarratasóir maidir le iarraidh den sórt sin a ullmhú freisin. Foráiltear le hairteagal 9(2)(b) go bhféadfaidh údarás poiblí diúltú géilleadh d'fhaisnéis faoin gcomhshaoil a chur ar fáil i gcás go bhfuil iarraidh fós curtha in iúl i dtéarmaí róginearálta, agus aird á tabhairt ar airteagal 7(8).

Sa chás An Comhairleoir Thomas Cullen agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (CEI/15/0018), thug mé faoi deara nach gcuirtear leis na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil aon oibleagáid ar údaráis phoiblí próiseáil a dhéanamh ar iarrataí ar fhaisnéis atá curtha in iúl i dtéarmaí róginearálta. Ba cheart iarrataí a bheith teoranta go réasúnta don ábhar atá i gceist agus don ábhar sin amháin nuair is féidir. Sa chás sin, d'iarr an t-achomharcóir *"An fhaisnéis ar fad a bhaineann le doiciméid a chuir [tríú páirtí ainmnithe] faoi bhráid na Roinne. Gach litir a seoladh agus a fuarthas, gach ríomhphost seachtrach agus inmheánach, gach meamram, miontuairiscí agus dáta gach cruinnithe, gach taifead agus gach nóta ar chomhráite thar an teileafón agus gach faisnéis den sórt sin atá i seilbh na Roinne agus a bhaineann leis an gcomhfhreagras idir [an tríú páirtí ainmnithe], an tAire agus an Roinn."* Sa fhreagra uaithi air sin, thug an Roinn cuireadh don achomharcóir iarraidh níos sonraí a dhéanamh agus mhol sí gur cheart dó sonraí a thabhairt faoi gach ábhar agus tréimhse ama lena mbaineann. Dhiúltaigh an t-achomharcóir d'iarraidh níos sonraí a dhéanamh ina dhiaidh sin. Ar achomharc, chinn mé ina dhiaidh sin go raibh údar ag an Roinn le diúltú géilleadh don iarraidh faoi airteagal 9(2)(b).

Iarrataí ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil atá míréasúnta go follasach

Foráiltear le hairteagal 9(2)(a) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil go bhféadfar diúltú géilleadh d'iarraidh i gcás go bhfuil an iarraidh míréasúnta go follasach maidir leis an méid agus an raon faisnéise atá á iarraidh. Ní mór an foras sin le diúltú a léirmhíniú i bhfianaise airteagal 7(2)(b), rud lena bhforáiltear go bhféadfaidh údarás poiblí aon mhí amháin a chur leis an tréimhse nach mór dó breith a thabhairt inti i

gcás gur gá déanamh amhlaidh mar gheall ar mhéid nó ar chastacht na hiarrata. I gcás nach féidir le húdarás poiblí iarraidh a phróiseáil go réasúnach laistigh den tréimhse shínte dhá mhí, d'fhéadfadh go mbeadh sé cuí breithniú a dhéanamh ar dhiúltú géilleadh don iarraidh ar an mbonn go bhfuil an iarraidh míréasúnta go follasach. Amhail i gcás gach eisceachta ó nochtadh faoi airteagail 8 agus 9, tá an foras sin le diúltú faoi réir tástáil leasa pobail faoi airteagal 10(3).

Ba leis an bhforas sin le diúltú a bhain roinnt achomharc a rinneadh chuig an Oifig seo sa bhliain 2016. Mar shampla, sa chás Mary Horan Uas., Margaret Mulligan Uas. agus an tUas. Frank Mulligan agus Lónraí BSL (CEI/14/0009), d'iarr na hachomharcóirí rochtain ar *“chóipeanna díobh seo a leanas: gach píosa comhfhreagrais/gach doiciméad/gach píosa páipéir a gineadh, agus an fhaisnéis ar fad atá ar eolas agat agus a bhaineann in aon slí nó i ngach slí le costas iomlán Thionscadal Stáisiún Shrath na nEach ('an Tionscadal') . . . lena n-áirítear na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh: na costálacha bunaidh don tionscadal, an cúiteamh a íocadh le gach úinéir talún lena mbaineann, an costas ar na hoibreacha tógála ar fad, agus aon chostais agus gach costas a bhaineann leis an tionscadal, táillí dlí agus táillí comhairleoireachta ina measc”*. D'áitigh Lónraí BSL go raibh an iarraidh sin míréasúnta go follasach toisc gur lorgaíodh inti rochtain ar fhaisnéis faoi na céadta idirbheart scoite a rinneadh thar chuid mhór blianta, mar aon leis an gcostas ar an dlíthíocht a bhí i gceist. Mar gheall ar an bhfoclaíocht uilechuimsitheach a bhí san iarraidh ó na hachomharcóirí, agus tar éis dom aird a thabhairt ar an méid agus an raon faisnéise a iarradh, chinn mé go raibh údar ann leis an diúltú ar an mbonn go raibh an iarraidh míréasúnta go follasach ó thaobh méide agus raoin de.

Cé go nglacaim leis nach mbíonn iarratasóirí ar an eolas faoin méid faisnéise atá á sealbhú ag údarás poiblí nó thar a cheann, d'fhéadfadh gur mhó dochar ná maitheas a dhéanfadh iarraidh uileghabhálach ar fhaisnéis faoin gcomhshaol agus go ndiúltófaí géilleadh don iarraidh toisc go dtagann méid doláimhsithe faisnéise faoi raon feidhme na hiarrata. Mholfainn go láidir d'iarratasóirí agus d'údaráis phoiblí obair le chéile ar raon feidhme na n-iarrataí ón tús ar mhaithe leis an ngá atá le diúltú faoi airteagal 9(2)(a) a sheachaint.

Breitheanna ar an sainmhíniú ar fhaisnéis faoin gcomhshaol

In airteagal 3(1) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol, tugtar sainmhíniú ar “fhaisnéis faoin gcomhshaol” chun críocha na Rialachán. Áirítear leis an sainmhíniú aon fhaisnéis faoi shé mhórábhar a bhaineann leis an gcomhshaol, lena n-áirítear aon fhaisnéis faoi bhearta nó ghníomhaíochtaí a dhéanann difear do ghnéithe den chomhshaol nó ar dóigh dóibh difear a dhéanamh do na gnéithe sin. Ina lán cásanna a thagann os mo chomhair, diúltaíonn údaráis phoiblí géilleadh d'iarrataí ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol ar an mbonn nach dtagann an fhaisnéis atá á iarraidh faoin sainmhíniú ar fhaisnéis faoin gcomhshaol. Ba mhaith liom a chur in iúl go soiléir nach gá go gcuimseoidh faisnéis cur síos díreach ar ghnéithe den chomhshaol ionas go dtiocfaidh sí faoi raon feidhme na Rialachán maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol. Dá bhrí

sin, ba cheart d'údaráis poiblí aird a thabhairt ar gach a dtagann faoin sainmhíniú sin agus iad ag déanamh breithniú ar iarrataí ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil. Táim ag súil go soláthróidh an Chúirt Achomhairc tuilleadh soiléirithe ar an sainmhíniú ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil sa bhliain 2017, tar éis di cás *Minch* a éisteacht ar achomharc.

Sa bhliain 2016, chuir mé mo thuairim in iúl ar raon feidhme an tsainmhínithe ar fhaisnéis faoin gcomhshaoil sa chás Ken Foxe agus an Roinn Cosanta (CEI/15/0007). Bhain an t-achomharc sin le faisnéis faoi thaisteal oifigiúil inar úsáideadh aerárthaí atá faoi úinéireacht an Stáit. Agus aidhmeanna Choinbhinsiún Aarhus á gcur san áireamh agam, tháinig mé ar an gconclúid gur féidir a rá gurb amhlaidh, chun críche an tsainmhínithe, gur ag faisnéis ina gcuirtear síos ar ghnéithe dílse de ghníomhaíocht a dhéanann difear don chomhshaoil atá nasc leordhóthanach le tosca comhshaoil, fiú amháin i gcás nach léirítear staid na ngnéithe den chomhshaoil go díreach san fhaisnéis inti féin. Sa bhreith chéanna, chinn mé nach dtagann faisnéis theagmhasach nach sainítear inti seoladh na gníomhaíochta atá i gceist (amhail liostaí d'ainmneacha paisinéirí sa chás seo) faoi raon feidhme an tsainmhínithe atá sna Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil.

Sa bhreith uaim sa chás Mary Horan Uas., Margaret Mulligan Uas. agus an tUas. Frank Mulligan agus Líonraí BSL (CEI/14/0009), chinn mé gurbh fhaisnéis dhílis faoin tionscadal a bhí san fhaisnéis faoin gcostas iomlán ar mhórthionscadal forbartha bonneagair fuinnimh agus go n-éascódh nochtadh na faisnéise sin cuntasacht agus trédhearcacht i leith beart a dhéanann difear don chomhshaoil. Dá bhrí sin, chinn mé gur tháinig an fhaisnéis a iarradh faoin sainmhíniú ar "fhaisnéis faoin gcomhshaoil".

Ar an taobh eile, chinn mé, sa chás Phillip Cantwell agus Comhairle Chontae na Mí (CEI/15/0021), nár tháinig píosaí faisnéise ar leith faoi chostais tionscadail (mar a bhí leagtha amach ar shonraisc aonair, ar éilimh ar sheiceanna agus ar thuairiscí ar íocaíochtaí eatramhacha) faoin sainmhíniú, toisc nach raibh an fhaisnéis sin ina cuid dhílis den bheart a bhí á bhreithniú chun críocha na Rialachán maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil.

Aistriú Iarrataí ar Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil

Faoi airteagal 7(5) de na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil, is amhlaidh, i gcás go ndéantar iarraidh chuig údarás poiblí agus nach bhfuil an fhaisnéis a iarradh á sealbhú ag an údarás lena mbaineann ná thar a cheann, nach mór don údarás sin fógra a thabhairt don iarratasóir faoi sin a luaithe is féidir.

Faoi airteagal 7(6), is amhlaidh, i gcás nach bhfuil aon fhaisnéis iomchuí á sealbhú ag údarás poiblí ná thar a cheann agus gurb eol don údarás sin go bhfuil an fhaisnéis a iarradh á sealbhú ag údarás poiblí eile, nach mór don údarás poiblí an iarraidh a aistriú chuig comhlacht poiblí eile nó fógra a thabhairt don iarratasóir faoin údarás poiblí a gcreideann sé gur cheart an iarraidh a sheoladh chuige. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil


an dá fhoráil sin nasctha le chéile – ní fhéadfaidh údarás poiblí iarraidh a aistriú ach amháin i gcás nach bhfuil an fhaisnéis a iarradh á sealbhú ag an údarás poiblí sin.

Sa chás An tUas. Thomas Freeman agus Bord Soláthair an Leictreachais (CEI/16/0010), rinneadh iarraidh ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol chuig Bord Soláthair an Leictreachais, ar corparáid reachtúil é a bunaíodh faoin Acht Leictreachais (Soláthar), 1927. Sa chás sin, áfach, ba ó údarás poiblí ar leith a eisíodh an bhreith ar an iarraidh. Ba é sin, fochuideachta imfhálaithe de chuid BSL darb ainm Lónraí BSL Teoranta. San aighneacht uaidh chuig an Oifig seo, mhínigh BSL go raibh seirbhís chomhroinnte i bhfeidhm aige chun iarrataí ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol a phróiseáil ar fud a fochuideachtaí eile. Cuireann na fochuideachtaí sin na hiarrataí ar aghaidh chuig comhordaitheoir lárnach ansin, a sheolann an iarraidh chuig cibé fochuideachta de chuid BSL ar dóigh go mbeidh an fhaisnéis lena mbaineann aici.

Sna cúinsí sin, chinn mé nach raibh údar ag BSL leis an iarraidh ón achomharcóir a aistriú mar a airbheartaíodh. Féadfaidh daoine den phobal iarraidh ar rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol a sheoladh chuig údarás poiblí dá rogha. Mar sin, is faoin údarás poiblí ar roghnaigh an t-iarratasóir é a bheidh sé freagra a thabhairt ar an iarraidh. Ní fhéadfaidh údarás poiblí iarraidh a aistriú chuig údarás poiblí eile ach amháin mar a fhoráiltear dó in airteagail 7(5) agus (6).

Sa bhreith uaim, d'aithin mé a chasta atá na socruithe rialála agus conarthacha atá i bhfeidhm idir na comhlachtaí a bhfuil Grúpa BSL comhdhéanta díobh. Táim den tuairim, áfach, nach mór do gach údarás poiblí laistigh den ghrúpa forálacha na Rialachán maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol a chomhlíonadh ar bhonn aonair.

Aguisíní



Aguisín I

Deimhnithe Reachtúla arna n-eisiúint ag Airí sa bhliain 2016



An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

13 January 2017

Ms Jacqui McCrum
Director General
Office of the Information Commissioner
18 Lower Leeson Street
Dublin 2

Ombudsman and
Information Commissioner

09 FEB 2017

Received

Notification under Section 34 of the Freedom of Information Act 2014

Dear Ms McCrum

I refer to your recent letter on the above.

On 23rd November 2016 the Minister for Foreign Affairs and Trade issued three certificates in accordance with Section 34 of the Freedom of Information Act 2014 by reference to which the records are exempted under Section 32 and Section 33. The certificates related to three requests for the same set of records.

Please find enclosed copies of the certificates issued in 2016.

Yours sincerely

Fiona Flood
Director
Security, Coordination and Compliance

Aguisín I

AN ROINN DLÍ agus CIRT agus
COMHIONANNAIS
51 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2
Teileafón/Telephone: (01) 602 8202
Ríomhphoist/e-mail: foi@justice.ie



DEPARTMENT OF JUSTICE and
EQUALITY
51 St. Stephen's Green
Dublin 2
Eircode : D02 HK52
Facsuimhir/Fax: (01) 661 5461

Ms Jacqui McCrum
Director General
Office of the Information Commissioner
18 Lower Leeson Street
Dublin 2

Ombudsman and
Information Commissioner

20 JAN 2017

Received

17 January 2017

Dear Ms. McCrum,

I wish to refer to your letter of 9 January 2017 regarding Ministerial Certificates. The Department of Justice and Equality have 9 Ministerial Certificates.

4 certificates were renewed in 2016 and 2 new certificates was issued. For the sake of completeness, copies of all are attached.

Yours sincerely,

Noel Waters
Secretary General

Aguisín II

Athbhreithniú faoi alt 34(7) ar na Deimhnithe arna n-eisiúint ag Airí



Roinn an Taoisigh
Department of the Taoiseach

9th December 2016

Mr. Peter Tyndall,
Information Commissioner,
Office of the Information Commissioner,
18 Lower Leeson Street,
Dublin D02 HE97

ACKNOWLEDGED
14 DEC 2016
Office of the Ombudsman

**Re: Review of Certificates issued under Section 34 of the
Freedom of Information Act, 2014**

Dear Commissioner,

I would like to confirm that, pursuant to the above Act, the Taoiseach, the Minister for Public Expenditure and Reform and the Minister for Jobs, Enterprise and Innovation carried out a review of the operations of the Act, for the period ended 1st August 2016 on 6th December 2016.

Thirteen Certificates were reviewed, seven of which were issued by the Minister for Justice and Equality and six by the Minister for Foreign Affairs and Trade.

The Taoiseach, the Minister for Public Expenditure and Reform and the Minister for Jobs, Enterprise and Innovation are satisfied that it is not necessary to request revocation of any of the thirteen certificates which were the subject of this review - copies of the forms signed by the reviewers to that effect are enclosed.

Yours sincerely,

Marc McManus
Department of the Taoiseach

Enc:

c.c. D/J&E, D/FA&T, D/JE&I, D/PER

Tithe an Rialtais, Baile Átha Cliath 2.
Government Buildings, Dublin 2.

